



---

*An Coiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia*

---

**2021/0426(COD)**

28.11.2022

## TUAIRIM

ón gCoiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia

chuíg an gCoiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh

ar an togra le haghaidh treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le feidhmíocht fuinnimh foirgneamh (athmhúnlú) (COM(2021)0802 – C9-0469/2021 – 2021/0426(COD))

Rapóirtéir don tuairim: Radan Kanev

PA\_Legam

## RÉASÚNÚ GEARR

Is iad na foirgnimh is siocair le 40 % den tomhaltas iomlán fuinnimh agus sciar faoi seach an chaiteachais teaghlaigh iomláin agus le 36 % d'astaíochtaí Gás Ceaptha Teasa a bhaineann le fuinneamh san Aontas. Is den rithábacht, dá bhrí sin, é an stoc foirgneamh chun neodracht líonra a bhaint amach in 2050. Chomh maith lenár ngealltanais idirnáisiúnta a chomhlíonadh, is é an toradh a bhíonn ar stoc foirgneamh atá níos tíosaí ar fhuinneamh ná slándáil fheabhsaithe fuinnimh agus laghdú ar allmhairí fuinnimh chuig an Aontas, billí fuinnimh níos ísle do thomhaltóirí, dálaí maireachtála níos sláintiúla chomh maith le fás méadaithe, teicneolaíochtaí nua-aoiseacha agus poist a chruthaítear san Eoraip.

Tá roinnt gnéithe ann faoi láthair atá ag cur bac ar leas a bhaint as acmhainneacht iomlán an choigiltis fuinnimh:

Leis an idirghníomhú casta atá idir reachtaíocht an Aontais, cóid náisiúnta na bhfoirgneamh, cleachtais iompraíochta, bacainní eacnamaíocha agus airgeadais agus struchtúr éagsúil úinéireachta stoc na bhfoirgneamh sna Ballstáit (dreasuithe deighilte) fágtar gurb ionann ráta an athchóirithe dhomhain - rud a laghdaíonn tomhaltas fuinnimh 60 % ar a laghad - agus 0,2 % den stoc foirgneamh in aghaidh na bliana.

### **Inacmhainneacht – Íoc-mar-a-Shábháiltear**

Tá príomhthábhacht leis an athchóiriú chun laghdú a dhéanamh ar an méid fuinnimh a thomhlaítear i bhfoirgnimh, chun leibhéal astaíochta a ísliú agus chun billí fuinnimh a laghdú. De réir na Teachtaireachta Renovation Wave, tá gá le EUR 275 bhiliún in aghaidh na bliana in infheistíochtaí breise chun freastal ar rannchuidiú athchóirithe fuinnimh 2030 le cuspóir laghdaithe astaíochtaí 55 % i dtaca le hAstaíochtaí Gás Ceaptha Teasa i gcomparáid le 1990. D'fhéadfadh sé go mbeadh ar ghnáthshaoránaigh na hEorpa na costais sin a iompar: cíosaithe - idir shean agus óg - nó teaghlaigh teaghlach aonair. Tá an Rapóirtéir deimhin de nach n-éireoidh le haistriú stoc foirgneamh an Aontais gan mórhacaíocht a fháil ó shaoránaigh an Aontais. Chun athchóirithe a dhéanamh níos tarraingtí, molann sé ionstraim nua tacaíochta airgeadais – 'Íoc-mar-a-Shábháiltear' mar a thugtar air, lena ráthaítear nach ndéanfaidh billí aisíocaíochta ar an iasacht, coigiltis fuinnimh a shárú riamh. Tá cur chun feidhme na hionstraime ag na Ballstáit ina réamhriachtanas le haghaidh na hoibleagáide athchóiriúcháin i gcás foirgnimh teaghlach aonair atá cheana ann. Cuireann sé coimircí eacnamaíocha sa bhreis leis sin, maidir leis na ceanglais le haghaidh athchóiriúcháin domhain a dhéanamh ar fhoirgnimh atá saor ó astaíochtaí ó 2030 ar aghaidh: Leis na hathchóirithe sin, ba cheart go n-aistreofaí foirgneamh go dtí foirgneamh atá saor ó astaíochtaí nó go bhféadfaí na torthaí ab fhearr a bhaint amach agus a sholáthar le hathchóiriú ar chostas arbh ionann a luach agus 50 % de luach an fhoirgnimh lena mbaineann. Tá sé soiléir, dar leis an Rapóirtéir, gur cheart go dtabharfaí tosaíocht shoiléir do theaghlaigh leochaileacha agus d'úinéirí ar ioncam íseal nuair a bhíonn tacaíocht airgeadais agus cúnamh teicniúil i dtrácht. Ós rud é gur gnách leis na grúpaí sin cónaí a dhéanamh sna foirgnimh is measa feidhmíocht, déanann an Rapóirtéir an sainmhíniú ar aicme G (foirgnimh is measa feidhmíocht) a athrú – ón '15 % deiridh' go dtí an '15 % deiridh ar a laghad'.

### **Cur chuige iomlánaíoch saincheaptha áitiúil**

Le héagsúlacht aeráide, dálaí áitiúla agus stoic foirgnimh éagsúla, tá gá le cur chuige

iomlánaíoch saincheaptha a bheith ann – ar an leibhéal áitiúil in ionad cur chuige a oireann do chách. Tugann an Rapóirtéir, dá bhrí sin, breithniú ar na tosca sin, mar aon leis an bhféidearthacht i gcomhair cur chuige éagsúil a bheith ann maidir le foirgnimh stairiúla agus i dtaobh tús áite a thabhairt d’athchóirithe ar fhoirgnimh phoiblí amhail scoileanna agus ospidéal. Neartaíonn sé ról na n-ionad ilfhreastail chun tacú le hathchóirithe ar fhoirgnimh ilárasán agus ar thithe atá ar cíos ar bhonn príobháideach. I ndeireadh na dála, tugann sé aird chuí ar mheascán in-athnuaite éagsúil na mBallstát ar mhaithe le hin-athnuaiteáin uile a chur chun cinn – lena n-áirítear na cinn a thagann ón eangach. . Agus béim á cur aige ar chur chun feidhme áitiúil, is léir don Rapóirtéir an gá atá ann do na Ballstáit creat leormhaith a sholáthar chun athchóirithe a dhreasú: Óna thaobhsan de, is den ríthábhacht é go ndéanfaí na straitéisí náisiúnta athchóirithe a leathnú chun bearta ceartaitheacha a áireamh i gcás tearcghnóthachtála agus tacaíocht leordhóthanach airgeadais.

### **Cáilíocht Aeir Laistigh**

Ar na saolta seo, caitheann daoine cuid shuntasach dá gcuid ama laistigh. Tá géarú déanta leis an bpaindéim ar an gcoincheap maidir le hobair agus maireachtáil a dhéanamh faoin díon céanna. De réir na meastachán, tá na deicheanna de mhilliún Eorpach ann atá ag fulaingt le droch-cháilíocht aeir laistigh. Is féidir go leor cúiseanna a bheith leis sin amhail múscán nó taise. Is féidir le tógáil agus cothabháil foirgneamh, dá bhrí sin, tionchair ollmhóra a imirt ar an tsláinte phoiblí agus ar dhea-bhail an daonra ina iomláine. Molann an Rapóirtéir, dá bhrí sin, sainmhíniú iomlánaíoch ar cháilíocht aeir laistigh.

### **LEASUITHE**

Iarrann an Coiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia ar an gCoiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh, mar an coiste atá freagrach, na leasuithe seo a leanas a chur san áireamh:

#### **Leasú 1**

##### **Togra le haghaidh treorach Aithris 2 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

***(2a) Is dúshlán é an t-athrú aeráide a théann thar theorainneacha agus a n-éilítear leis gníomhaíocht láithreach agus uaillmhianach. Deis iontach is ea an t-aistriú chuig geilleagar atá aerúidneodrach faoi 2050 chomh maith lena bheith ina dúshlán don Aontas, dá Bhallstáit, dá shaoránaigh agus do ghnólachtaí ó gach earnáil; Chun na críche sin, uirlis ríthábhachtach is ea an beartas comhtháthaithe chun aistriú cóir***

*a chur ar fáil do gheilleagar  
aerúidneodrach nach bhfágfaidh aon  
duine chun deiridh;*

Leasú 2

**Togra le haghaidh treorach  
Aithris 3**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(3) Mar a fógraíodh sa Chomhaontú Glas, chuir an Coimisiún an tionscnamh ‘rabharta athchóiriúcháin’ uaidh ar an **14 Deireadh Fómhair 2020<sup>30</sup>**. Tá plean gníomhaíochta sa **tionscnamh** ina bhfuil bearta nithiúla rialála, maoinithe agus cumasúcháin, a bhfuil sé de chuspóir acu ar a laghad an ráta bliantúil athchóirithe fuinnimh d’fhoirgnimh a dhúbailt faoin mbliain 2030 agus athchóirithe doimhne a chothú. Is gá athbhreithniú a dhéanamh ar an Treoir Eorpach maidir le Feidhmíocht Fuinnimh Foirgneamh mar cheann de na nithe trína mbainfear an ‘rabharta athchóiriúcháin’ amach. Rannchuideoidh sé freisin **le cur i gcrích thionscnamh Bauhaus Eorpach Nua agus an mhisin Eorpaigh** maidir le cathracha **cliste** atá neodrach ó thaobh na haeráide de.

*Leasú*

(3) Mar a fógraíodh sa Chomhaontú Glas, chuir an Coimisiún an tionscnamh ‘rabharta athchóiriúcháin’ uaidh ar an **14 Deireadh Fómhair 2020<sup>30</sup>**. **Cuimsítear** plean gníomhaíochta sa **straitéis** ina bhfuil bearta nithiúla rialála, maoinithe agus cumasúcháin, a bhfuil sé de chuspóir acu ar a laghad an ráta bliantúil athchóirithe fuinnimh d’fhoirgnimh a dhúbailt faoin mbliain 2030 agus athchóirithe doimhne a chothú **lena n-áireofar breis agus 35 milliún foirgneamh agus lena ndéanfar 160 000 post a chruthú san earnáil tógála, lena ndéanfar athchóirithe inacmhainne do gach teaghlach, lena n-áirítear iad siúd a bhfuil a gcumas teoranta i dtaobh costais tosaigh a chumhdach**. Is gá athbhreithniú a dhéanamh ar an Treoir Eorpach maidir le Feidhmíocht Fuinnimh Foirgneamh mar cheann de na nithe trína mbainfear an ‘rabharta athchóiriúcháin’ amach. Rannchuideoidh sé freisin **leis an misean Eorpach** maidir le cathracha atá neodrach ó thaobh na haeráide de, **glasa agus cliste a chur i gcrích, agus ba cheart go leanfadh sé an chonair a tharraing an Bauhaus Eorpach Nua suas mar chéim roimhe seo den Rabharta Athchóirithe Foirgníochta. Leis an Bauhaus Eorpach Nua, ba cheart trí cholún lárnacha a urramú mar chur chuige iomlánaíoch chun feidhmíocht fuinnimh níos fearr foirgneamh agus stoc foirgneamh dícharbónaithe a bhaint amach faoi 2050 ar a dhéanaí: a) inbhuanaitheacht, i.e. spriocanna aeráide, an geilleagar ciorclach, truailliú**

*nialasach, glasú agus bithéagsúlacht; b) aeistéitic, i.e. cáilíocht na taitní agus na stíle, thar a bhfuil i gceist leis an bhfeidhmiúlacht; c) cuimsiú, i.e. an éagsúlacht agus an dul chun cinn sóisialta a luacháil, inrochtaineacht agus inacmhainneacht dhaindean do chách; is í an ghluaiseacht Bauhaus Eorpach Nua a bheidh mar bhonn do bhealaí nua smaointeoireachta atá soiléir agus cuimsitheach, lena gcruthófar slándáil agus compord ar bhonn níos fearr dár saoránaigh, lena dtacófar le gluaiseachtaí cultúrtha chun eolas áitiúil agus domhanda a chothú a ghinfidh dinimiceas sóisialta cultúrtha a bhfuil gá leis chun gníomhaíochtaí gníomhaithe scothaicme amháin a sheachaint.*

---

<sup>30</sup> A Renovation Wave for Europe – greening our buildings, creating jobs, improving life [Rabharta Athchóiriúcháin don Eoraip - ár bhfoirgnimh a ghlású, poist a chruthú, saol na ndaoine a fheabhsú], COM/2020/662 final.

---

<sup>30</sup> A Renovation Wave for Europe – greening our buildings, creating jobs, improving life [Rabharta Athchóiriúcháin don Eoraip - ár bhfoirgnimh a ghlású, poist a chruthú, saol na ndaoine a fheabhsú], COM/2020/662 final.

## Leasú 3

### Togra le haghaidh treorach Aithris 4

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(4) Le Rialachán (AE) 2021/1119 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>31</sup>, an ‘Dlí Aeráide Eorpach’, cumhdaítear an sprioc maidir le haeráidneodracht ar fud an gheilleagair faoin **mbliain 2050** sa reachtaíocht agus bunaítear gealltanais ceangailteach an Aontais maidir le laghdú intíre ar ghlanastaíochtaí gás ceaptha teasa (an líon astaíochtaí tar éis aistriú a asbhaint) atá 55 % ar a laghad faoi bhun **leibhéil 1990** faoin **mbliain 2030**.

*Leasú*

(4) Le Rialachán (AE) 2021/1119 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>31</sup>, an ‘Dlí Aeráide Eorpach’, cumhdaítear an sprioc maidir le haeráidneodracht ar fud an gheilleagair faoin **mbliain 2050 ar a dhéanaí agus astaíochtaí diúltacha a bhaint amach ina dhiaidh sin** sa reachtaíocht agus bunaítear gealltanais ceangailteach an Aontais maidir le laghdú intíre ar ghlanastaíochtaí gás ceaptha teasa (an líon astaíochtaí tar éis aistriú a asbhaint) atá 55 % ar a laghad faoi bhun **leibhéil 1990** faoin

<sup>31</sup> Rialachán (AE) 2021/1119 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an **30 Meitheamh 2021** lena mbunaítear an creat chun aeráidneodracht a bhaint amach agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 401/2009 agus (AE) 2018/1999 ('An Dlí Aeráide Eorpach') (IO L 243, 9.7.2021, lch. 1).

<sup>31</sup> Rialachán (AE) 2021/1119 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an **30 Meitheamh 2021** lena mbunaítear an creat chun aeráidneodracht a bhaint amach agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 401/2009 agus (AE) 2018/1999 ('An Dlí Aeráide Eorpach') (IO L 243, 9.7.2021, lch. 1).

## Leasú 4

### Togra le haghaidh treorach Aithris5

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(5) Is é is aidhm don phacáiste reachtach 'Oiriúnach do 55' a fógraíodh i gClár Oibre an Choimisiúin **Eorpaigh 2021** na cuspóirí sin a chur chun feidhme. Cumhdaítear ann raon réimsí beartais, lena n-áirítear an éifeachtúlacht fuinnimh, an fuinneamh in-athnuaite, úsáid talún, athrú talún agus foraoiseacht, cánachas fuinnimh, comhroinnt díchill, trádáil astaíochtaí agus bonneagar breoslaí malartacha. Is cuid dhílis den phacáiste sin an t-athbhreithniú ar Threoir **2010/31/AE**.

*Leasú*

(5) Is é is aidhm don phacáiste reachtach 'Oiriúnach do 55' a fógraíodh i gClár Oibre an Choimisiúin **Eorpaigh 2021** na cuspóirí sin a chur chun feidhme. Cumhdaítear ann raon réimsí beartais, lena n-áirítear an éifeachtúlacht fuinnimh, an fuinneamh in-athnuaite, úsáid talún, athrú talún agus foraoiseacht, cánachas fuinnimh, comhroinnt díchill, trádáil astaíochtaí agus bonneagar breoslaí malartacha. Is cuid dhílis den phacáiste sin an t-athbhreithniú ar **Threoir 2010/31/AE**. **Ós rud é go bhfuil bunphrionsabal na héifeachtúlachta fuinnimh ag croílár córais lena ngabhann geilleagar níos ciorclaí, ba cheart don Choimisiún aird níos mó a thabhairt ar an earnáil foirgníochta atá freagrach as níos mó ná 40 % den tomhaltas fuinnimh deiridh san Aontas, gan a lua go bhfuil 75 % d'fhoirgnimh an Aontais fós neamhéifeachtúil ó thaobh fuinnimh de. Dá ndéanfaí an chiorclaíocht a chomhtháthú níos fearr in earnáil na tógála, de thairbhe na mbonneagar agus na gcumas teicniúil a bhaineann le foirgneamh, bhainfí amach tréimhsí saoil níos faide chomh maith le tomhaltas fuinnimh níos ísle, agus conairí nithiúla**

*dícharbónaithe agus dí-thruaillithe á leagan síos don eanáil sin ag an am céanna. Leis an athbhreithniú ar Threoir 2003/87/CE (EU-ETS) chun trádáil astaíochtaí carbóin a leathnú chuig iompar de bhóthar agus chuig foirgnimh, d'fhonn comhartha faoi phraghas ar charbóin a thabhairt don gheilleagar ina iomláine, d'fhéadfadh an Treoir teacht in ionad ceanglais rialála chostasacha agus neamhéifeachtacha maidir le héifeachtúlacht fuinnimh i bhfoirgnimh san fhadtéarma.*

**Leasú 5**

**Togra le haghaidh treorach  
Aithris 5 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*(5a) Leis an aincheist atá ann idir tithíocht inacmhainne agus cosaint na haeráide, éilítear neodracht theicneolaíoch agus cumhacht nuálach an ghnó agus na heolaíochta. Cuireann an comhartha faoin bpraghas atá ar thrádáil astaíochtaí carbóin iomaíocht ar fáil agus treoraíonn sé gníomhaíocht ionas go dtarlóidh laghdú ar astaíochtaí san áit is costéifeachtaí, lena laghdaítear, dá bhri sin, costas foriomlán an aistrithe aeráide don Aontas agus dá shaoránaigh. Faoin gComhaontú Glas don Eoraip, mhol an Coimisiún, dá bhri sin, athbhreithniú a dhéanamh ar Threoir 2003/87/CE (EU-ETS) chun trádáil astaíochtaí carbóin a leathnú chuig iompar de bhóthar agus chuig foirgnimh, d'fhonn comhartha faoi phraghas ar charbóin a thabhairt don gheilleagar ina iomláine. Trí fhoirgnimh a áireamh i dtrádáil astaíochtaí d'fhéadfadh sé sin teacht in ionad ceanglais rialála chostasacha agus neamhéifeachtach maidir le héifeachtúlacht fuinnimh i bhfoirgnimh san fhadtéarma.*



*Réasúnú*

*Is bunchloch i mbeartas aeráide an Aontais é Córas Trádála Astaíochtaí an Aontais agus is é an phríomhuirlis atá aige chun astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú ar bhealach costéifeachtach.*

**Leasú 6**

**Togra le haghaidh treorach  
Aithris 5 b (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

***(5b) Tá éifeachtúlacht fuinnimh foirgneamh mar aon le fuinneamh in-athnuaite atá comhtháite san fhoirgneamh i gcoilár Phlean REPowerEU, a sheol an Coimisiún an 18 Bealtaine 2022 chun spleáchas ar bhreoslaí iontaise na Rúise a laghdú go mear agus chun an t-aistriú glas a chur ar aghaidh go gasta. Sa teachtaireacht uaidh an 18 Bealtaine 2022 dar teideal ‘Plean REPowerEU’, d’iarr an Coimisiún ar Pharlaimint na hEorpa agus ar an gComhairle coigilteas breise agus gnóthachain éifeachtúlachta fuinnimh i bhfoirgnimh a chumasú tríd an Treoir maidir le Feidhmíocht Fuinnimh Foirgneamh.***

*Réasúnú*

*Riachtanach chun na forbairtí is déanaí a léiriú.*

**Leasú 7**

**Togra le haghaidh treorach  
Aithris 6**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

***(6) Foirgnimh is cúis le 40 % den tomhaltas fuinnimh deiridh san Aontas agus 36 % dá astaíochtaí gás ceaptha teasa a bhaineann leis an***

***(6) Foirgnimh is cúis le 40 % den tomhaltas fuinnimh deiridh san Aontas agus le sciar faoi seach an chaiteachais teaghlaigh iomláin agus le 36 % dá***

bhfuinneamh . Dá bhrí sin, *i gcomhréir le bunphrionsabal na héifeachtúlachta* fuinnimh *mar a leagtar síos in Airteagal 3 [EED athbhreithnithe] agus a shainmhínítear in Airteagal 2(18) de Rialachán (AE) 2018/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>32</sup> agus úsáid* fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite in earnáil na bhfoirgneamh, *is bearta tábhachtacha iad atá ag teastáil* chun astaíochtaí gás ceaptha teasa an Aontais a laghdú. Is tábhachtach an ról *freisin* atá ag *ídiú* fuinnimh a *laghdú agus úsáid níos mó a bhaint* as foinsí in-athnuaite *maidir le spleáchas* fuinnimh an Aontais a laghdú, cinnteacht an tsoláthair fuinnimh agus forbairtí teicneolaíoch a *chothú*, deiseanna a chruthú san fhostaíocht agus i bhforbairt réigiúnach, go *háirithe ar* oileáin *agus i* gceantair *tuaithe*.

---

<sup>32</sup> Rialachán (AE) 2018/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an *11 Nollaig 2018* maidir le Rialachas an Aontais Fuinnimh agus na Gníomhaíochta Aeráide, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 663/2009 agus Rialachán (CE) Uimh. 715/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, *Treoracha 94/22/CE*, 98/70/CE, 2009/31/CE, 2009/73/CE, 2010/31/AE, 2012/27/AE agus 2013/30/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, *Treoir 2009/119/CE* agus Treoir (AE) 2015/652 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 525/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 328, 21.12.2018, lch. 1).

astaíochtaí gás ceaptha teasa a bhaineann leis an bhfuinneamh. *Is bearta tábhachtacha*, dá bhrí sin, *iad laghdú ar thomhaltas* fuinnimh *agus ar chaiteachas* fuinnimh *teaghlaigh*, *lena n-áirítear an úsáid a bhaintear as fuinnimh* ó fhoinsí in-athnuaite in earnáil na bhfoirgneamh, *a bhfuil gá leo* chun astaíochtaí gás ceaptha teasa an Aontais *agus méid na bochtaineachta fuinnimh* a laghdú. Is tábhachtach *freisin* an ról atá ag *tomhaltas laghdaithe* fuinnimh *in éineacht leis an úsáid mhéadaithe a baintear* as foinsí in-athnuaite *chun spleáchas* fuinnimh an Aontais a laghdú, *lena ndéantar* cinnteacht an tsoláthair fuinnimh, *go háirithe na huaillmhianta a leagtar amach in REPowerEU*, *costéifeachtúlacht téimh* agus *fuaraithe foirgneamh agus* forbairtí teicneolaíoch a *chur chun cinn, agus i dtaobh* deiseanna a chruthú san fhostaíocht agus i bhforbairt réigiúnach, go *háirithe ar* oileáin *agus i* gceantair *thuaithe*.

---

<sup>32</sup> Rialachán (AE) 2018/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an *11 Nollaig 2018* maidir le Rialachas an Aontais Fuinnimh agus na Gníomhaíochta Aeráide, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 663/2009 agus Rialachán (CE) Uimh. 715/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, *Treoracha 94/22/CE*, 98/70/CE, 2009/31/CE, 2009/73/CE, 2010/31/AE, 2012/27/AE agus 2013/30/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, *Treoir 2009/119/CE* agus Treoir (AE) 2015/652 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 525/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 328, 21.12.2018, lch. 1).

#### *Justification*

*Amendment necessary for pressing reasons relating to the internal logic of the text. The "energy efficiency first" principle should not be an end in itself. The reduction of energy consumption can be a possible instrument to achieve the EU climate targets. However, it is not necessarily the most cost-effective and can lead to considerable inefficiencies. With the*

*Emission Trading System, the EU already has a cost-effective instrument to decarbonise. Energy poverty and the high costs of renovations especially for vulnerable groups are important issue that should be consistently addresses throughout this Directive.*

## **Leasú 8**

### **Togra le haghaidh treorach Aithris 6 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**(6a) Tá stoc tithíochta na hEorpa an-éagsúil ó thaobh aoise, méide, úsáide, leibhéal inslithe, foinsí téimh, éilimh agus rochtain ar fhuinneamh de. Tá roinnt tosca ann, amhail an éagsúlacht leathan saincheisteanna teicniúla, na costais arda atá i gceist agus líon na ngeallsealbhóirí lena mbaineann, a rannchuidíonn le hábhar casta agus íogair a dhéanamh de dhícharbónú foirgneamh. Mhainneodh cur chuige a oireann do chách i leith foirgnimh a dhícharbónú, freastal a dhéanamh ar riachtanais na dtomhaltóirí agus aghaidh a thabhairt ar ábhair imní maidir le dícharbónú. Tá gá le straitéis níos saincheaptha a chuireann tosca áitiúla agus fachtóirí ar leibhéal an chórais san áireamh.**

*Réasúnú*

*Tá gá leis an leasú ar chúiseanna práinneacha a bhaineann le loighic inmheánach an téacs. Ba cheart an tsolúbthacht sa réimse beart a mholtar san athmhúnlú seo a léiriú san aithris dá réir sin.*

## **Leasú 9**

### **Togra le haghaidh treorach Aithris 6 b (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**(6b) Tá ról ollmhór sóisialta, eacnamaíoch agus comhshaoil ag éifeachtúlacht fuinnimh i stoc na**

*bhfoirgneamh agus ag athchóiriú foirgneamh agus tá tionchar dearfach suntasach aige ar iarrachtaí náisiúnta agus ar iarrachtaí ar leibhéal an Aontais i dtaobh spleáchas ar fhuinneamh a laghdú agus lena ndéantar, dá bhrí sin, an tslándáil náisiúnta a chur chun cinn. Ba cheart, dá bhrí sin, an infheistíocht in éifeachtúlacht fuinnimh a áireamh mar ardtosaíocht ar an leibhéal príobháideach agus poiblí araon.*

#### *Réasúnú*

Tá gá leis an leasú ar chúiseanna práinneacha a bhaineann le loighic inmheánach an téacs.

#### **Leasú 10**

##### **Togra le haghaidh treorach Aithris 6 c (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*(6c) Chun a áirithiú go mbainfidh gach saoránach tairbhe as feidhmíocht fuinnimh fheabhsaithe foirgneamh agus as na tairbhí gaolmhara cáilíochta maireachtála, comhshaoil, eacnamaíochta agus sláinte, ba cheart creat rialála agus airgeadais cuí a chur i bhfeidhm chun tacú le hathchóirithe do theaghlaigh ísealioncaim agus meánioncaim agus do theaghlaigh atá thíos leis an mbochtaineacht fuinnimh, ar teaghlaigh iad a chónaíonn go minic sna foirgnimh is measa feidhmíocht i gceantair uirbeacha agus thuaithe araon.*

#### *Réasúnú*

*Riachtanach le haghaidh loighic inmheánach an téacs.*

#### **Leasú 11**

##### **Togra le haghaidh treorach Aithris 6 d (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**(6d) Ba cheart go gcuirfí san áireamh, áfach, go mbraitheann éifeacht shóisialta agus eacnamaíoch an athchóirithe foirgneamh agus caighdeáin feidhmíochta fuinnimh a mhéadú ar dhreasachtaí agus ar acmhainneachtaí infheistíochta na dteaghlach ar ioncam íseal, teaghlaigh atá ag fulaingt leis an mbochtaineacht fuinnimh agus a bhfuil cónaí orthu i gcoitinne sna foirgnimh is lú feidhmíocht i gceantair uirbeacha agus thuaithe araon. Thairis sin, tá líon na bhfoirgneamh ag a bhfuil drochfheidhmíocht fuinnimh i bhfad níos airde ná líon na bhfoirgneamh ag a bhfuil caighdeáin níos fearr, lena rannchuidítear, dá bhri sin, i bhfad níos mó le tomhaltas fuinnimh agus le hastaíochtaí gás ceaptha teasa breise.**

*Réasúnú*

Tá gá leis an leasú ar chúiseanna práinneacha a bhaineann le loighic inmheánach an téacs.

**Leasú 12**

**Togra le haghaidh treorach  
Aithris 6 e (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**(6e) Trí íoschaighdeáin feidhmíochta fuinnimh a thabhairt isteach, a bhfuil coimircí sóisialta agus ráthaíochtaí airgeadais ag gabháil leo, cuirfear feabhas ar cháilíocht saoil na saoránach is leochailí agus is boichte.**

*Réasúnú*

*Riachtanach le haghaidh loighic inmheánach an téacs.*

## Leasú 13

### Togra le haghaidh treorach Aithris 6 f (nua)

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**(6f)** *Is den riachtanas é, dá bhrí sin, go ndéanfar an pobal a threorú i dtreo méadú a dhéanamh ar éifeachtúlacht fuinnimh agus ar fheidhmíocht fuinnimh na bhfoirgneamh is lú feidhmíocht, ina bhfuil cónaí ar an dá dheicil is ísle de dhaonra gach Ballstáit.*

*Réasúiní*

Tá gá leis an leasú ar chúiseanna práinneacha a bhaineann le loighic inmheánach an téacs.

## Leasú 14

### Togra le haghaidh treorach Aithris 7

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

(7) Foirgnimh is cúis le hastaíochtaí gás ceaptha teasa roimh, le linn agus tar éis a saolré oibríochtúil. Maidir le **fts 2050** le haghaidh stoc foirgnimh dícharbónaithe, tá níos mó i gceist leis ná an bhéim atá ann faoi láthair ar astaíochtaí gás ceaptha teasa oibríochtúla. Ba cheart, dá bhrí sin, astaíochtaí saolré **uile foirgneamh a chur san áireamh** de réir a chéile, **ag tosú le foirgnimh nua**. Is banc ábhair suntasach iad foirgnimh, agus iad ina stórtha acmhainní thar na blianta fada, agus bíonn tionchar den chuid is mó ag na roghanna deartha ar na hastaíochtaí saolré iomlán d'fhoirgnimh nua agus d'fhoirgnimh athchóirithe araon. Ba cheart feidhmíocht saolré **iomlán** foirgneamh a chur san áireamh, ní hamháin i bhfoirgníocht nua, ach i bhfoirgnimh athchóirithe freisin trí bheartais **chun** astaíochtaí gás ceaptha teasa ar feadh na saolré iomláine a **laghdú** i bpleananna athchóirithe foirgneamh na

(7) Foirgnimh is cúis le hastaíochtaí gás ceaptha teasa roimh, le linn agus tar éis a saolré oibríochtúil. Maidir le **fts 2050** le haghaidh stoc foirgnimh dícharbónaithe, tá níos mó i gceist leis ná an bhéim atá ann faoi láthair ar astaíochtaí gás ceaptha teasa oibríochtúla. Ba cheart, dá bhrí sin, astaíochtaí saolré **iomláine na bhfoirgneamh a laghdú** de réir a chéile, **le spriocanna a shocróidh an Coimisiún ar bhonn modheolaíocht chomhchoiteann agus chomhchuibhithe**. Is banc ábhair suntasach iad foirgnimh, agus iad ina stórtha acmhainní thar na blianta fada, agus bíonn tionchar den chuid is mó ag na roghanna deartha ar na hastaíochtaí saolré iomlán d'fhoirgnimh nua agus d'fhoirgnimh athchóirithe araon. Ba cheart feidhmíocht saolré **iomláine** foirgneamh a chur san áireamh, ní hamháin i bhfoirgníocht nua, ach i bhfoirgnimh athchóirithe freisin trí bheartais **agus**

mBallstát.

*spríocanna laghdaithe* astaíochtaí gás ceaptha teasa ar feadh na saolré iomláine a *chur san áireamh* i bpleananna athchóirithe foirgneamh na mBallstát.

Leasú 15

Togra le haghaidh treorach  
Aithris 7 a (nua)

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**(7a) Ba cheart do na Ballstáit tionchar agus saolré iomlán a mbanc ábhair foirgneamh (WLC) a chur san áireamh sna ríomhanna agus sna táscairí maidir le minicíocht na héifeachtúlachta fuinnimh i bhfoirgnimh chun díriú ar athúsáid agus athchúrsáil níos mó mar a leagtar amach i bprionsabail an gheilleagair chiorclaigh. Ina leith sin, ba cheart nasc a dhéanamh le ról ceannasach an Bauhaus Eorpach Nua, ar mian leis ciorclaíocht níos fearr a chur chun cinn sa timpeallacht thógtha, trí athchóiriú agus athúsáid oiriúnaitheach thar scartáil agus nuathógáil a chur chun cinn, de réir mar is iomchuí.**

Leasú 16

Togra le haghaidh treorach  
Aithris 7 b (nua)

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**(7b) Le tabhairt isteach ceanglais saolré iomláine, spreagfar nuálaíocht thionsclaíoch, cruthú agus ciorclaíocht luacha áitiúil, mar shampla trí mhéadú a dhéanamh ar an úsáid a bhaintear as ábhair nádúrtha áitiúil agus thraidisiúnta, amhail clocha agus adhmaid mar aon le hamhábhair thánaisteacha.**

*Réasúnú*

*Riachtanach le haghaidh loighic inmheánach an téacs.*

**Leasú 17**

**Togra le haghaidh treorach  
Aithris 7 c (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*(7c) Tá sé ríthábhachtach an úsáid a bhaintear as ábhair thógála níos inbhuanaithe a chur chun cinn agus a áireamh, go háirithe ábhair bhithfhoinsithe agus gheofhoinsithe, chomh maith le teicnící tógála simplí, éighníomhacha agus ísealteicneolaíochta agus a dhéantar a thástáil go háitiúil chun tacú leis an úsáid a bhaintear as teicneolaíochtaí ábhair agus leis an taighde a dhéantar orthu a chur chun cinn, ar teicneolaíochtaí iad a rannchuidíonn le hinsliú idéalach agus le tacaíocht struchtúrach foirgneamh, lena mbaintear amach, dá bhrí sin, laghdú ar thomhaltas fuinnimh a mbeidh éifeachtúlacht fuinnimh agus foirgnimh níos athléimní mar thoradh orthu. I bhfianaise na géarchéime aeráide agus an mhéadaíthe ar dhóchúlacht thonnta teasa an tsamhraidh, ba cheart aird ar leith a thabhairt ar chosaint teasa i gcás foirgneamh.*

**Leasú 18**

**Togra le haghaidh treorach  
Aithris 7 d (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*(7d) Le cur chuige iomlánaíoch chun aghaidh a thabhairt ar fheidhmíocht fuinnimh foirgneamh áirítear tairbhí agus tionchair chomhshaoil, shóisialta*



*agus eacnamaíocha. Ba cheart gur athchóiriú iomlánaíoch ar an struchtúr foirgnimh ina iomláine amhail clúdaigh foirgneamh (díon agus aghaidh), scáthú agus rialú aerála a bheadh sna hathchóirithe a dhéanfaí san earnáil tógála. Dá thoradh sin, thiocfadh laghdú ar an éileamh ar fhuinneamh, go háirithe i bhfoirgnimh atá tógtha ó aimsir an Dara Cogadh Domhanda, lena ndéanfaí, dá bhrí sin, an daonra atá i mbaol eisiamh a chur san áireamh ar bhealach níos éifeachtúla, lena seachnófaí praghsanna níos costasaí a d'fhéadfaí a fhorchur ar thithíocht agus an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag astaíochtaí gás ceaptha teasa dá bharr sin tríd an méadú ar an úsáid a bhainfí as iompar príobháideach.*

## Leasú 19

### Togra le haghaidh treorach Aithris 7 e (nua)

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*(7e) Tá timpeallacht thógtha ar ardchaighdeán mar thoradh ar obair gairmithe oilte in earnáil na tógála agus ar thionscail chruthaitheacha agus chultúrtha nach féidir leo a bheith ach mar thoradh ar phróisis cháilíochta, go háirithe nósanna imeachta soláthair phoiblí.*

## Leasú 20

### Togra le haghaidh treorach Aithris 8

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

(8) Chun astaíochtaí gás ceaptha teasa foirgneamh ar feadh na saolré iomláine a íoslaghdú, tá gá le héifeachtúlacht agus ciorclaíocht acmhainní. Is féidir é sin a chomhcheangal *freisin le linn charbóin shealadach a dhéanamh de chodanna* den

(8) Chun astaíochtaí gás ceaptha teasa foirgneamh ar feadh na saolré iomláine a íoslaghdú, tá gá le héifeachtúlacht, *leordhóthanacht*, agus ciorclaíocht acmhainní. Is féidir é sin a chomhcheangal *le codanna* den stoc *foirgneamh a iompú*

stoc *foirgnimh*.

*ina linn shealadach charbóin trí eilimintí réitigh athchúrsáilte agus atá bunaithe ar an dúlra a chur leis, amhail ábhair adhmaid, díonta agus aghaidheanna glasa agus réitigh a fhaigheann spreagadh agus tacaíocht ón dúlra, atá costéifeachtach, a chuireann tairbhí comhshaoil, sóisialta agus eacnamaíocha ar fáil ag an am céanna agus a chabhraíonn le hathléimneacht a chothú. Leis na réitigh sin, méadaítear ar an éagsúlacht, ar an dúlra agus ar na gnéithe agus na próisis nádúrtha i gcathracha, i dtírdhreacha agus i muirdhreacha, trí idirghabhálacha córasacha a oiriúnaítear go háitiúil agus atá tíosach ar acmhainní agus freisin trí urraim a thabhairt don bhithéagsúlacht.*

## Leasú 21

### Togra le haghaidh treorach Aithris 9

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(9) Leis an acmhainneacht téite domhanda atá ann le linn na saolré san iomlán, léirítear rannchuidiú foriomlán an fhoirgnimh le hastaíochtaí a bhfuil an t-athrú aeráide mar thoradh orthu. Tugtar le chéile ann astaíochtaí gás ceaptha teasa a chorpraítear i dtáirgí foirgníochta le hastaíochtaí díreacha agus indíreacha ***ón gcéim úsáide***. Is é an chéad chéim i dtreo tuilleadh machnaimh a dhéanamh ar fheidhmíocht saolré iomlán foirgneamh agus geilleagar ciorclach, dá bhrí sin, an ceanglas acmhainneacht téite domhanda foirgneamh nua a ríomh.

## Leasú 22

*Leasú*

(9) Leis an acmhainneacht téite domhanda atá ann le linn na saolré san iomlán, léirítear rannchuidiú foriomlán an fhoirgnimh le hastaíochtaí a bhfuil an t-athrú aeráide mar thoradh orthu. Tugtar le chéile ann astaíochtaí gás ceaptha teasa a chorpraítear i dtáirgí foirgníochta le hastaíochtaí díreacha agus indíreacha ***ó chéim na húsáide agus na díthógála***. Is é an chéad chéim i dtreo tuilleadh machnaimh a dhéanamh ar fheidhmíocht saolré iomlán foirgneamh agus geilleagar ciorclach, dá bhrí sin, an ceanglas acmhainneacht téite domhanda foirgneamh nua a ríomh. ***Ba cheart, dá bhrí sin, cumas athchúrsála ábhar ag céim na díthógála a chur i gcuntas freisin.***

## Togra le haghaidh treorach Aithris 10

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(10) Foirgnimh is cúis le thart ar leath d'astaíochtaí príomh-mhínábhar cáithníníeach (PM2.5) san Aontas arb iad is cúis le bás anabái nó le breoiteacht. Trí fheidhmíocht fuinnimh foirgneamh a **fheabhsú**, is féidir astaíochtaí truailleán a laghdú ag an am céanna, agus ba cheart na hastaíochtaí sin a laghdú, i gcomhréir le Treoir (AE) 2016/2284 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>33</sup>.

---

<sup>33</sup> Treoir (AE) 2016/2284 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2016 maidir le hastaíochtaí náisiúnta truailleán áirithe san aer a laghdú, lena leasaítear Treoir 2003/35/CE agus lena naisghairtear Treoir 2001/81/CE (IO L 344, 17.12.2016, lch. 1).

## Leasú 23

### Togra le haghaidh treorach Aithris 10 a (nua)

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

(10) Foirgnimh is cúis le thart ar leath d'astaíochtaí príomh-mhínábhar cáithníníeach (PM2.5) san Aontas arb iad is cúis le bás anabái nó le breoiteacht. Trí **fheabhas a chur** fheidhmíocht fuinnimh foirgneamh **agus ar an úsáid a bhaintear as ábháir thógála foirgneamh, ar ábhair iad atá leormhaith, dúlrabhunaithe agus níos sláintiúla** is féidir astaíochtaí truailleán a laghdú ag an am céanna, agus ba cheart na hastaíochtaí sin a laghdú, i gcomhréir le Treoir (AE) 2016/2284 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>33</sup>.

---

<sup>33</sup> Treoir (AE) 2016/2284 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2016 maidir le hastaíochtaí náisiúnta truailleán áirithe san aer a laghdú, lena leasaítear Treoir 2003/35/CE agus lena naisghairtear Treoir 2001/81/CE (IO L 344, 17.12.2016, lch. 1).

*Leasú*

**(10a) Is uirlis thábhachtach é an bainistiú ar éileamh fuinnimh lena gcuirtear ar chumas an Aontais tionchar a imirt ar an margadh fuinnimh domhanda agus, dá bhrí sin, ar shlándáil an tsoláthair fuinnimh sa mheántearma agus san fhadtearma.**

*Réasúnú*

*Aithris arna baint ag an gCoimisiún a thabhairt isteach an athuair*

Leasú 24

Togra le haghaidh treorach  
Aithris 10 b (nua)

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**(10b) D'fhéadfadh cur chun cinn taighde domhain agus éifeachtúil i dteicneolaíochtaí nua ábhair cabhrú leis an gcuspóir sin.**

Leasú 25

Togra le haghaidh treorach  
Aithris 11

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

(11) Ba cheart a chur san áireamh, **le bearta chun feidhmíocht fuinnimh foirgneamh a fheabhsú a thuilleadh, dálaí aeráide**, lena n-áirítear oiriúnú don athrú aeráide, dálaí áitiúla chomh maith leis an **timpeallacht aeráide** laistigh agus **an chostéifeachtúlacht**. Níor cheart go **ndéanfadh** na bearta sin **aon difear do cheanglais** eile a bhaineann le foirgnimh, inrochtaineacht, **slándáil sheismeach agus sábháilteacht** ó dhóiteán agus an úsáid atá beartaithe **le haghaidh an fhoirgnimh, cuir i gcás**.

(11) **Maidir le bearta chun tuilleadh feabhais a chur ar feidhmíocht fuinnimh foirgneamh**, ba cheart **dálaí aeráide** a chur san áireamh, lena n-áirítear oiriúnú don athrú aeráide **agus dálaí áitiúla**, chomh maith leis an **aeráid dhíonach, cáilíocht chomhshaoil** laistigh, **leordhóthanacht, ciorclaíocht agus costéifeachtúlacht**. Ba cheart na bearta sin **a bheith fite fuaite le ceanglais** eile a bhaineann le foirgnimh, **amhail** inrochtaineacht, sábháilteacht ó dhóiteán, **sábháilteacht córas teasa agus suiteála leictrí agus sábháilteacht sheismeach agus an úsáid atá beartaithe a bhaint as an bhfoirgneamh**. **Ina theannta sin, ba cheart dóibh a áirithiú go bhfeabhsófar staid na dteaghlach atá leochaileach agus ar ioncam íseal, daoine atá buailte ag an mbochtaineacht fuinnimh agus daoine atá ina gcónaí i dtithíocht shóisialta.**

*Réasúnú*

*Tá gá leis an leasú ar chúiseanna práinneacha a bhaineann le loighic inmheánach an téacs.*

**Togra le haghaidh treorach**  
**Aithris 12**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(12) Is ar bhonn modheolaíochta ba cheart feidhmíocht fuinnimh na bhfoirgneamh a ríomh, agus d'fhéadfaí idirdhealú a dhéanamh ar an modheolaíocht ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an réigiúin. **Maidir leis an idirdhealú** sin, chomh maith le tréithe teirmeacha, **cumhdaíonn sé** fachtóirí eile a bhfuil a dtábhacht ag dul i méid, **téamh** agus **suíteálacha** aerchóirithe **mar shampla**, cur i bhfeidhm fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite, córais uathoibríthe agus rialaithe foirgnimh, réitigh chliste, gnéithe téimh agus fuaraithe éighníomhacha, scáthú, cáilíocht an aeir laistigh, solas nádúrtha **leordhóthanach** agus dearadh an fhoirgnimh. Ba cheart an mhodheolaíocht maidir le feidhmíocht fuinnimh a bheith bunaithe ní **amháin** ar an séasúr ina bhfuil **téamh nó** aerchóiriúchán ag teastáil, ach ba cheart go gcumhdófar léi feidhmíocht fuinnimh foirgnimh ar bhonn bliantúil chomh maith. Leis an modheolaíocht sin, ba cheart caighdeáin Eorpacha atá ann **cheana** a chur san áireamh. Ba cheart **a áirithiú** leis an modheolaíocht **go léireofaí dálaí** iarbhir oibriúcháin agus go gcumasófaí úsáid fuinnimh mhéadráithe chun cruinneas a fhíorú agus ar mhaithe le hinchomparáideacht, agus ba cheart an mhodheolaíocht a bheith bunaithe ar chéimeanna ama in aghaidh na huaire nó **nó** níos minice. Chun úsáid fuinnimh in-athnuaite ar an láthair a spreagadh, agus sa bhreis ar an gcreat coiteann ginearálta, ba cheart do na Ballstáit na bearta is gá a dhéanamh ionas go n-aithneofar agus go gcuirfear san áireamh sa mhodheolaíocht ríofa na tairbhí a bhaineann leis an úsáid is fearr is féidir a bhaint as fuinneamh in-athnuaite ar an láthair, lena n-áirítear le

*Leasú*

(12) Is ar bhonn modheolaíochta ba cheart feidhmíocht fuinnimh na bhfoirgneamh a ríomh, agus d'fhéadfaí idirdhealú a dhéanamh ar an modheolaíocht ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an réigiúin. **Airítear air** sin, chomh maith le tréithe teirmeacha, fachtóirí eile a bhfuil a dtábhacht ag dul i méid **amhail suiteálacha téimh** agus aerchóirithe, cur i bhfeidhm fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite, córais uathoibríthe agus rialaithe foirgnimh, réitigh chliste, **aisghabháil teasa ó fhuíolluisce, aerú agus fuarú**, gnéithe téimh agus fuaraithe éighníomhacha, scáthú, cáilíocht an aeir laistigh, solas nádúrtha **leormhaith** agus dearadh an fhoirgnimh. Ba cheart an mhodheolaíocht maidir le feidhmíocht fuinnimh a bheith bunaithe ní **hamháin** ar an séasúr ina bhfuil **téamh nó** aerchóiriúchán ag teastáil, ach ba cheart go gcumhdófar léi feidhmíocht fuinnimh foirgnimh ar bhonn bliantúil chomh maith. Leis an modheolaíocht sin, ba cheart caighdeáin Eorpacha atá **cheana** ann a chur san áireamh. Ba cheart **go n-áiritheofaí** leis an modheolaíocht **léiriú ar dhálaí** iarbhir oibriúcháin agus go gcumasófaí úsáid fuinnimh mhéadráithe chun cruinneas a fhíorú agus ar mhaithe le hinchomparáideacht, agus ba cheart an mhodheolaíocht a bheith bunaithe ar chéimeanna ama in aghaidh na huaire nó **ar bhonn** níos minice. Chun úsáid fuinnimh in-athnuaite ar an láthair a spreagadh **lena n-áirítear painéil ghréine a shocraítear ar an díon agus atá i gcomhréir leis an Tionscnamh Eorpach um Dhíonta Gréine**, agus sa bhreis ar an gcreat coiteann ginearálta, ba cheart do na Ballstáit na bearta is gá a dhéanamh ionas go n-aithneofar agus go gcuirfear san

haghaidh úsáidí eile (amhail pointí luchtaithe d'fheithiclí leictreacha).

áireamh sa mhodheolaíocht ríofa na tairbhí a bhaineann leis an úsáid is fearr is féidir a bhaint as fuinneamh in-athnuaite ar an láthair, lena n-áirítear le haghaidh úsáidí eile (amhail pointí luchtaithe d'fheithiclí leictreacha).

### Réasúnú

*Tá gá leis an leasú ar chúiseanna práinneacha a bhaineann le loighic inmheánach an téacs.*

## Leasú 27

### Togra le haghaidh treorach Aithris 14

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(14) Is ó bhreoslaí iontaise fós a thagann dhá thrian den fhuinneamh a úsáidtear chun foirgnimh a théamh agus a fhuarú. ***D'fhonn*** earnáil ***na foirgníochta*** a dhícharbónú, tá sé thar a bheith tábhachtach ***deireadh a chur de réir a chéile*** le breosla iontaise i dtéamh agus i bhfuarú. ***Dá bhrí*** sin, ba cheart do na Ballstáit ***a chur in iúl*** na beartais agus na bearta náisiúnta atá acu chun deireadh a chur de réir a chéile le húsáid breoslaí iontaise i dtéamh agus i bhfuarú ina bpleananna athchóirithe foirgneamh, agus níor cheart aon dreasacht airgeadais a thabhairt chun coirí breosla iontaise a shuiteáil ***faoin gcéad Chreat Airgeadais Ibhliantúil eile ó 2027 amach***, cé is moite díobh siúd a roghnaíodh le haghaidh infheistíochta, roimh ***2027***, faoi Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa agus faoin gCiste Comhtháthaithe. Ba cheart bunús dlí soiléir chun cosc a chur ar ghineadóirí tea bunaithe ar a n-astaíochtaí gás ceaptha teasa nó ar an gcineál breosla a úsáidtear tacú le beartais agus bearta náisiúnta céimnithe amach.

*Leasú*

(14) Is ó bhreoslaí iontaise fós a thagann dhá thrian den fhuinneamh a úsáidtear chun foirgnimh a théamh agus a fhuarú, ***ar saintréith díobh thairis sin, luaineacht praghsanna agus neamhshlándáil soláthair. Tá sé sin go háirithe bailí i gcás foirgnimh ag a bhfuil drochfheidhmíocht fuinnimh, ina maireann teaghligh ar ioncam íseal, lena méadaítear, dá bhrí sin, ar éagothromaíochtaí sóisialta agus ar bhaol an eisiata shóisialta, go háirithe nuair a bhíonn praghsanna arda fuinnimh ann agus nuair a bhíonn an costas maireachtála ag méadú. Chun an*** earnáil ***tógála*** a dhícharbónú, tá sé thar a bheith tábhachtach breosla iontaise i dtéamh agus i bhfuarú ***a chéimniú amach, straitéisí soiléire agus éifeachtacha a leagan síos don phróiseas céimnithe amach sin, chun na teicnící is fearr a oireann a shainiú.*** Ba cheart do na Ballstáit, ***dá bhrí sin***, na beartais agus na bearta náisiúnta atá acu ***a chur in iúl*** chun deireadh a chur de réir a chéile le húsáid breoslaí iontaise i dtéamh agus i bhfuarú ina bpleananna athchóirithe foirgneamh, agus níor cheart aon dreasacht airgeadais a thabhairt chun coirí breosla iontaise a shuiteáil ***amhail ó 2024 ar aghaidh***, cé is

moite díobh siúd a roghnaíodh le haghaidh infheistíochta, roimh 2024, faoi Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa agus faoin gCiste Comhtháthaithe **agus díobh siúd ar féidir leo feidhmiú ar fhoinsí in-athnuaite fuinnimh**. Ba cheart bunús dlí soiléir chun cosc a chur ar ghineadóirí tea bunaithe ar a n-astaíochtaí gás ceaptha teasa nó ar an gcineál breosla a úsáidtear tacú le beartais agus bearta náisiúnta céimnithe amach.

### *Réasúnú*

*Tá gá leis an leasú ar chúiseanna práinneacha a bhaineann le loighic inmheánach an téacs. Tá gá le cur chuige atá neodrach ó thaobh na teicneolaíochta de chun dícharbónú mear a dhéanamh ar théamh agus ar fhuarú. Is bealach costéifeachtach iad coirí atá in ann feidhmiú ar fhoinsí in-athnuaite fuinnimh chun dícharbónú a dhéanamh agus ba cheart dóibh, dá bhri sin, leanúint de bheith incháilithe do dhreasachtaí airgeadais.*

## **Leasú 28**

### **Togra le haghaidh treorach Aithris 14 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**(14a) Is ionann úsáid éifeachtúil dramhtheasa ó chórais uisce the tí agus deis shuntasach chun fuinneamh a shábháil. Príomhfhoinse tomhaltais fuinnimh d'fhoirgnimh nua is ea ullmhú uisce the agus cuirtear an teas seo amú agus ní dhéantar é a athúsáid de ghnáth. Ós eol go dtagann an chuid is mó den uisce te a thomhlaítear as cithfholcadáin, d'fhéadfadh sé gur bealach simplí agus costéifeachtach a bheadh i dteas a bhailiú as draenacha cithfholcadáin i bhfoirgnimh chun tomhaltas deiridh fuinnimh agus astaíochtaí CO<sub>2</sub> agus meatáin a bhaineann le táirgeadh uisce the tí a laghdú.**

## **Leasú 29**

## Togra le haghaidh treorach Aithris 17

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(17) Ba cheart don Choimisiún creat modheolaíochta comparáidí a leagan síos **maidir leis** na leibhéil is fearr costais maidir le híoscheanglais feidhmíochta fuinnimh. **Athbhreithniú** a dhéanamh ar an gcreat **céanna, is e an toradh** ba cheart **a bheith air sin** go mbeifí in ann feidhmíocht fuinnimh agus astaíochtaí araon a ríomh, agus **is rud é lenar** cheart seachtrachtaí comhshaoil agus sláinte a chur san áireamh, chomh maith **le síneadh CTA** agus praghsanna carbóin. Ba cheart do na Ballstáit an creat sin a úsáid chun na torthaí a chur i gcomparáid leis na híoscheanglais atá glactha acu maidir le feidhmíocht fuinnimh. I gcás inarb ann do neamhréireachtaí móra, i.e. neamhréireachtaí ar mó ná 15 % iad, idir na leibhéil is fearr costais maidir le híoscheanglais feidhmíochta fuinnimh, agus na híoscheanglais feidhmíochta fuinnimh atá i bhfeidhm, ba cheart do na Ballstáit a léiriú go bhfuil údar maith leis an difríocht sin nó ba cheart dóibh bearta iomchuí a ullmhú chun an neamhréireacht a laghdú. Ba cheart do na Ballstáit saolré mheasta foirgnimh nó codanna d'fhoirgnimh a shocrú, agus cleachtas reatha agus taithí i leith an ghnáthré shaoil a shainiú, ba cheart dóibh iad sin a chur san áireamh. Ba cheart tuarascáil faoi thorthaí na comparáide sin agus na sonraí a úsáideadh chun na torthaí sin a fháil a thabhairt go rialta don Choimisiún. Leis na **tuarascálacha sin** ba cheart **cur** ar chumas an Choimisiúin dul chun cinn na mBallstát a mheas i dtaca leis na leibhéil is fearr costais maidir le híoscheanglais feidhmíochta fuinnimh a bhaint amach agus tuairisc a thabhairt ina leith.

*Leasú*

(17) Ba cheart don Choimisiún creat modheolaíochta comparáidí a leagan síos **chun** na leibhéil is fearr costais maidir le híoscheanglais feidhmíochta fuinnimh **a ríomh. Le hathbhreithniú** a dhéanamh ar an gcreat **seo**, ba cheart go mbeifí in ann feidhmíocht fuinnimh agus astaíochtaí araon a ríomh, agus **ba** cheart seachtrachtaí comhshaoil, **sábháilteachta** agus sláinte a chur san áireamh, chomh maith **leis an bhféidearthacht leathnú a dhéanamh ar an gcóras trádála astaíochtaí** agus **ar** praghsanna carbóin, **más infheidhme. Tá sé d'acmhainneacht ag an Bauhaus Eorpach Nua athmhúnlú a dhéanamh ar an mbealach ina gceaptar beartais agus ina ndéantar timpeallacht na todhchaí a shainiú trí fhreastal a dhéanamh ar an ngá atá le spásanna a bheith ann atá curtha in oiriúint do bhealaí nua saoil.** Ba cheart do na Ballstáit an creat sin a úsáid chun na torthaí a chur i gcomparáid leis na híoscheanglais atá glactha acu maidir le feidhmíocht fuinnimh. I gcás inarb ann do neamhréireachtaí móra, i.e. neamhréireachtaí ar mó ná 15 % iad, idir na leibhéil is fearr costais maidir le híoscheanglais feidhmíochta fuinnimh, agus na híoscheanglais feidhmíochta fuinnimh atá i bhfeidhm, ba cheart do na Ballstáit a léiriú go bhfuil údar maith leis an difríocht sin nó ba cheart dóibh bearta iomchuí a ullmhú chun an neamhréireacht a laghdú. Ba cheart do na Ballstáit saolré mheasta foirgnimh nó codanna d'fhoirgnimh a shocrú, agus cleachtas reatha agus taithí i leith an ghnáthré shaoil a shainiú, ba cheart dóibh iad sin a chur san áireamh. Ba cheart tuarascáil faoi thorthaí na comparáide sin agus na sonraí a úsáideadh chun na torthaí sin a fháil a thabhairt go rialta don Choimisiún. Leis na **tuarascálacha sin** ba cheart **go gcuirfi** ar chumas an Choimisiúin dul chun cinn na



mBallstát a mheas i dtaca leis na leibhéil is fearr costais maidir le híoscheanglais feidhmíochta fuinnimh a bhaint amach agus tuairisc a thabhairt ina leith.

### *Réasúnú*

*Tá gá leis an leasú ar chúiseanna práinneacha a bhaineann le loighic inmheánach an téacs. Ba cheart NEB a chur san áireamh agus creataí rialála a dhéanann difear d'earnáil na tógála á sainiú, ós rud é gur féidir leis faisnéis a sholáthar i réimsí atá lasmuigh de raon feidhme na rialála fuinnimh amháin.*

## **Leasú 30**

### **Togra le haghaidh treorach Aithris 19**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(19) Le huailmhian fheabhsaithe aeráide agus fuinnimh an Aontais, tá gá le fis nua d'fhoirgnimh: an foirgneamh astaíochtaí nialasacha, a bhfuil éileamh fuinnimh ***an-íseal air*** cumhdaithe go hiomlán le fuinneamh ó fhoinsí in-athnuaite i gcás ina bhfuil sé indéanta go teicniúil. Ba cheart gach foirgneamh nua a bheith ina fhoirgnimh astaíochtaí nialasacha, agus ba cheart gach foirgneamh atá ann ***cheana a chlaohlú ina fhoirgnimh*** astaíochtaí nialasacha faoin mbliain 2050.

*Leasú*

(19) Le huailmhian fheabhsaithe aeráide agus fuinnimh an Aontais, tá gá le fis nua d'fhoirgnimh: an foirgneamh astaíochtaí nialasacha, a bhfuil ***a*** éileamh fuinnimh ***atá thar a bheith íseal*** cumhdaithe go hiomlán le fuinneamh ó fhoinsí in-athnuaite i gcás ina bhfuil sé indéanta go teicniúil. Ba cheart gach foirgneamh nua, ***agus tosaíocht á tabhairt do scoileanna, naíonraí agus ospidéal***, a bheith ina fhoirgnimh astaíochtaí nialasacha, agus ba cheart gach foirgneamh atá ***cheana*** ann ***a aistriú go foirgnimh*** astaíochtaí nialasacha faoin mbliain 2050.

## **Leasú 31**

### **Togra le haghaidh treorach Aithris 19 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

***(19a) Ós rud é go bhfuil suas le 90 % de thimpeallacht thógtha 2050 tógtha cheana, tá gá le hiarrachtaí níos uailmhianaí chun dlús a chur le ráta***

*athchóiriú agus dhícharbónú an stoc foirgneamh atá cheana ann. Is iad na dreasachtaí agus na caighdeáin a shocraítear inniu a shaineoidh ar deireadh cé acu a bhainfidh an tAontas amach a spriocanna fadtéarmacha aeráide agus fuinnimh nó nach mbainfidh.*

**Leasú 32**

**Togra le haghaidh treorach  
Aithris 19 b (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*(19b) Tá an inacmhainneacht agus an chothroime shóisialta ríthábhachtach chun aistriú glas agus cóir a bhaint amach le haghaidh stoc foirgneamh dícharbónaithe faoi 2050 ar a dhéanaí. Ní mór acmhainneacht chreidmheasa na dtomhaltóirí a mheasúnú i gcomhréir le reachtaíocht reatha an Aontais. Tá sé ríthábhachtach go n-oireann raon feidhme na n-ionstraimí airgeadais do riachtanais na dtairbhíthe féideartha: ba cheart go mbainfeadh na teaghlaigh is lú ioncam agus na teaghlaigh is leochailí tairbhe as oibreacha iarfheistithe atá fóirdheonaithe 100 %.*

**Leasú 33**

**Togra le haghaidh treorach  
Aithris 19 c (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*(19c) Ba cheart cothroime shóisialta agus tarraingteacht eacnamaíoch a áirithiú leis an bprionsabal ‘ioc-mar-a-shábháiltear’ agus ní mór breathnú air mar bheart tionlacain agus nach ndéantar leis an bonn a bhaint ó na huaimhianta aeráide foriomlána. Ba cheart don Choimisiún a áirithiú, agus caighdeáin á*

*mbunú aige maidir le híoc-mar-a-shábháiltear, nach gcuirfear i mbaol na tosaíochtaí a leagtar amach sa Dlí Aeráide Eorpach agus sa straitéis ‘Rabharta Athchóirithe don Eoraip – Ár bhfoirgnimh a ghlású, poist a chruthú, saol na ndaoine a fheabhsú’.*

## Leasú 34

### Togra le haghaidh treorach Aithris 20

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(20) Tá roghanna éagsúla ar fáil chun riachtanais fuinnimh foirgnimh éifeachtúil a chumhdach le fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite: foinsí in-athnuaite ar an láthair amhail grianfhuinneamh teirmeach, fuinneamh fótavoltach gréine, teaschaidéil agus bithmhais, fuinneamh in-athnuaite arna sholáthar ag comhphobail fuinnimh in-athnuaite nó ag pobail fuinnimh saoránach, **agus** téamh agus fuarú ceantair bunaithe ar fhoinsí in-athnuaite fuinnimh nó ar **dhramhtheas**.

*Leasú*

(20) Tá roghanna éagsúla ar fáil chun riachtanais fuinnimh foirgnimh éifeachtúil a chumhdach le fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite: foinsí in-athnuaite ar an láthair amhail grianfhuinneamh teirmeach, fuinneamh fótavoltach gréine, teaschaidéil agus bithmhais, fuinneamh in-athnuaite arna sholáthar ag comhphobail fuinnimh in-athnuaite nó ag pobail fuinnimh saoránach, **nó ag comhpháirtithe eile sa comharsanacht**, téamh agus fuarú ceantair bunaithe ar fhoinsí in-athnuaite fuinnimh nó ar **aisghabháil fuíollteasa ó fhuíolluisce, ar uisce té nó aer sláintíoch, agus ar in-athnuaiteáin leithdháilte eangach-bhunaithe**.

### *Réasúiní*

*Tá gá leis an leasú ar chúiseanna práinneacha a bhaineann le loighic inmheánach an téacs. Tá cuideachtaí móra eisiata ó bheith rannpháirteach i bpobail fuinnimh de réir RED. Ba cheart an mibhuntaiste sin a chothromú trí lamháil do chineálacha eile úsáide comhroinnte fuinnimh laistigh den chomharsanacht, diomaite de phobail fuinnimh.*

## Leasú 35

### Togra le haghaidh treorach Aithris 21

(21) Chun dícharbónú **riachtanach** stoc **foirgnimh** an Aontais **a dhéanamh, ní mór athchóiriú** fuinnimh ar mhórsála **a dhéanamh**: tá beagnach 75 % den stoc foirgnimh sin neamhéifeachtúil de réir na gcaighdeán foirgnimh atá ann faoi láthair, agus beidh 85-95 % de na foirgnimh atá ann faoi láthair fós ina seasamh faoin mbliain 2050. Mar sin féin, tá an ráta bliantúil ualaithe athchóirithe fuinnimh íseal i gcónaí ag thart ar 1 %. Ag an luas atá ann faoi láthair, **bheadh** na céadta bliain **de dhíth** chun earnáil na **foirgníochta** a dhícharbónú. **Dá bhrí sin, is** príomhspríoc de chuid na Treorach seo **é** an t-athchóiriú foirgneamh a ghníomhachtú agus tacú leis, lena n-áirítear athrú i dtreo córais téimh atá saor ó astaíochtaí.

(21) Chun **an** dícharbónú **is gá a dhéanamh ar** stoc **foirgneamh poiblí agus príobháideach** an Aontais, **lena n-áirítear foirgnimh institiúidí, chomhlachtaí agus ghníomhaireachtaí an Aontais, tá gá le hathchóiriú** fuinnimh ar mhórsála: tá beagnach 75 % den stoc foirgnimh sin neamhéifeachtúil de réir na gcaighdeán foirgnimh atá ann faoi láthair, agus beidh 85-95 % de na foirgnimh atá ann faoi láthair fós ina seasamh faoin mbliain 2050. Mar sin féin, tá an ráta bliantúil ualaithe athchóirithe fuinnimh íseal i gcónaí ag thart ar 1 %. Ag an luas atá ann faoi láthair, **thógfadh sé** na céadta bliain chun earnáil na **tógála** a dhícharbónú. Príomhspríoc de chuid na Treorach seo, **dá bhrí sin, is ea** an t-athchóiriú foirgneamh a ghníomhachtú agus tacú leis, lena n-áirítear athrú i dtreo córais téimh atá saor ó astaíochtaí.

## **Leasú 36**

### **Togra le haghaidh treorach Aithris 22**

(22) Uirlis rialála riachtanach atá sna híoschaighdeáin feidhmíochta fuinnimh maidir leis an athchóiriú ar na foirgnimh atá ann cheana a ghníomhachtú ar mhórsála, toisc go dtéann siad i ngleic leis na príomhbhacainní ar athchóiriú amhail dreasachtaí deighilte agus struchtúir chomhúinéireachta, nithe nach féidir a shárú le dreasachtaí eacnamaíocha. Mar thoradh ar thabhairt isteach íoschaighdeán feidhmíochta fuinnimh, ba cheart na foirgnimh is measa feidhmíocht a chéimniú amach agus feabhas a chur ar bhonn leanúnach ar an stoc náisiúnta foirgnimh, **rud a chuirfeadh** leis an spríoc fhadtéarmach maidir le stoc foirgnimh

(22) Uirlis rialála riachtanach atá sna híoschaighdeáin feidhmíochta fuinnimh maidir leis an athchóiriú ar na foirgnimh atá ann cheana a ghníomhachtú ar mhórsála, toisc go dtéann siad i ngleic leis na príomhbhacainní ar athchóiriú amhail dreasachtaí deighilte agus struchtúir chomhúinéireachta, nithe nach féidir a shárú le dreasachtaí eacnamaíocha. Mar thoradh ar thabhairt isteach íoschaighdeán feidhmíochta fuinnimh, ba cheart na foirgnimh is measa feidhmíocht a chéimniú amach agus feabhas a chur ar bhonn leanúnach ar an stoc náisiúnta foirgnimh **lena n-áirítear institiúidí agus comhlachtaí an Aontais, lena rannchuideofaí** leis an spríoc

dícharbónaithe faoin mbliain 2050.

fhadtéarmach maidir le stoc foirgnimh dícharbónaithe **a bheith ann** faoin mbliain 2050.

## Leasú 37

### Togra le haghaidh treorach Aithris 23

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(23) Leis na híoschaighdeáin feidhmíochta fuinnimh a shocraítear ar leibhéal an Aontais, ba cheart díriú ar athchóiriú na bhfoirgneamh lena ngabhann an acmhainneacht is airde ó thaobh an dícharbónaithe de, laghdú na bochtaineachta fuinnimh agus **síneadh** a chur leis na sochair shóisialta agus eacnamaíocha, agus go háirithe ar na foirgnimh is measa feidhmíocht, ar gá tosaíocht a thabhairt dóibh ó thaobh an athchóirithe de.

*Leasú*

(23) Leis na híoschaighdeáin feidhmíochta fuinnimh a shocraítear ar leibhéal an Aontais, ba cheart díriú ar athchóiriú na bhfoirgneamh lena ngabhann an acmhainneacht is airde ó thaobh an dícharbónaithe de, **ar** laghdú na bochtaineachta fuinnimh agus **ar shíneadh** a chur leis na sochair shóisialta agus eacnamaíocha, agus **díriú** go háirithe ar na foirgnimh is measa feidhmíocht, ar gá tosaíocht a thabhairt dóibh ó thaobh an athchóirithe de, **lena n-áirítear an fhéidearthacht i gcás teaschaidéil hibrideacha nuair nach bhfuil fáil ar aon réiteach indéanta eile atá saor ó iontaise.**

## Leasú 38

### Togra le haghaidh treorach Aithris 23 a (nua)

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**(23a) Chun léarscáil iomlán agus mhionsonraithe a bhaint amach ar staid reatha an stoic foirgneamh lena féidir a chinneadh go díreach cá bhfuil na foirgnimh is measa feidhmíocht suite, ba cheart don Choimisiún iniúchadh a dhéanamh ar stoc foirgneamh an Aontais chun díriú go maith ar iarrachtaí agus infheistíochtaí an Aontais.**

## Leasú 39

**Togra le haghaidh treorach**  
**Aithris 25**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(25) Ba cheart creat cumasúcháin lena n-áirítear cúnaimh teicniúil agus bearta airgeadais a bheith ag gabháil le tabhairt isteach íoschaighdeán feidhmíochta fuinnimh. Maidir leis na híoschaighdeáin feidhmíochta fuinnimh arna socrú ar an leibhéal náisiúnta, ní hionann iad agus ‘caighdeáin an Aontais’ de réir bhrí rialacha **maidir leis an státchabhair** agus cé go bhféadfaí a mheas gurb ionann íoschaighdeáin feidhmíochta fuinnimh uile-Aontais agus ‘caighdeáin Aontais’ den sórt sin. I gcomhréir le rialacha athbhreithnithe maidir leis an státchabhair, féadfaidh na Ballstáit státchabhair a dheonú chun athchóiriú foirgneamh a dhéanamh **d’fhonn** na caighdeáin feidhmíochta fuinnimh uile-Aontais a chomhlíonadh, go príomha chun aicme áirithe feidhmíochta fuinnimh a bhaint amach, go dtí go mbeidh na caighdeáin uile-Aontais sin éigeantach. A luaithe a bheidh na caighdeáin éigeantach, féadfaidh na Ballstáit leanúint de státchabhair a dheonú chun athchóiriú a dhéanamh ar fhoirgnimh agus ar aonaid foirgneamh a thagann faoi na caighdeáin feidhmíochta fuinnimh uile-Aontais ar choinníoll go bhfuil sé d’aidhm leis an athchóiriú foirgneamh caighdeán níos airde ná an aicme feidhmíochta íosta fuinnimh sonraithe a bhaint amach.

*Leasú*

(25) Ba cheart creat cumasúcháin lena n-áirítear cúnaimh teicniúil agus bearta airgeadais a bheith ag gabháil le tabhairt isteach íoschaighdeán feidhmíochta fuinnimh, **agus aird ar leith á tabhairt ar chláir athchóirithe do theaghlaigh ar ioncam íseal, atá leochaileach agus atá buailte ag an mbochtaineacht fuinnimh.** Maidir leis na híoschaighdeáin feidhmíochta fuinnimh arna socrú ar an leibhéal náisiúnta, ní hionann iad agus ‘caighdeáin an Aontais’ de réir bhrí rialacha **na státchabhrach** agus cé go bhféadfaí a mheas gurb ionann íoschaighdeáin feidhmíochta fuinnimh uile-Aontais agus ‘caighdeáin Aontais’ den sórt sin. I gcomhréir le rialacha athbhreithnithe maidir leis an státchabhair, féadfaidh na Ballstáit státchabhair a dheonú chun athchóiriú foirgneamh a dhéanamh **chun** na caighdeáin feidhmíochta fuinnimh uile-Aontais a chomhlíonadh, go príomha chun aicme áirithe feidhmíochta fuinnimh a bhaint amach, go dtí go mbeidh na caighdeáin uile-Aontais sin éigeantach. A luaithe a bheidh na caighdeáin éigeantach, féadfaidh na Ballstáit leanúint de státchabhair a dheonú chun athchóiriú a dhéanamh ar fhoirgnimh agus ar aonaid foirgneamh a thagann faoi na caighdeáin feidhmíochta fuinnimh uile-Aontais ar choinníoll go bhfuil sé d’aidhm leis an athchóiriú foirgneamh caighdeán níos airde ná an aicme feidhmíochta íosta fuinnimh sonraithe a bhaint amach **nó go bhfuil an t-athchóiriú ag leanúint de scéim maidir le pas athchóirithe foirgneamh.**

*Réasúinú*

*Tá gá leis an leasú ar chúiseanna práinneacha a bhaineann le loighic inmheánach an téacs. Cumhdófar le bearta airgeadais foirgnimh ag a bhfuil treochlár soiléir maidir le leibhéal astaíochtaí nialasacha a bhaint amach laistigh de chreat ama socraithe. Creat is ea scéim*

*maidir le Pas Athchóirithe chun é a dhaingniú trí léiriú a thabhairt ar shraith céimeanna athchóirithe a bheidh ag tógáil ar a chéile, agus a mbeidh sé de chuspóir leis an foirgneamh a chlaohlú ina fhoirgneamh astaíochtaí nialasacha faoin mbliain 2050 ar a dhéanaí.*

## **Leasú 40**

### **Togra le haghaidh treorach Aithris 26**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(26) Déantar gníomhaíochtaí eacnamaíocha atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de ar fud an gheilleagair a aicmiú i dTacsanomaíocht AE, lena n-áirítear d'earnáil na foirgníochta. Faoin nGníomh Tarmiligthe maidir le Gné na hAeráide de Thacsanomaíocht AE, meastar gur gníomhaíocht inbhuanaithe é an t-athchóiriú foirgneamh i gcás ina mbaintear amach coigiltis fuinnimh 30 % ar a laghad leis, i gcás ina gcomhlíonann sé íoscheanglais feidhmíochta fuinnimh chun athchóiriú mór a dhéanamh ar fhoirgnimh atá ann cheana, nó i gcás inarb é atá ann bearta aonair a bhaineann le feidhmíocht fuinnimh foirgneamh, amhail trealamh éifeachtúlachta fuinnimh a shuiteáil, a chothabháil nó a dheisiú nó ionstraimí agus feistí chun feidhmíocht fuinnimh foirgneamh a thomhas, a rialáil agus a rialú, i gcás ina gcomhlíonann na bearta aonair sin na critéir a leagtar amach. Is gnáth go mbíonn an t-athchóiriú foirgneamh d'fhonn cloí le híoschaighdeáin feidhmíochta fuinnimh uile-Aontais i gcomhréir le critéir Thacsanomaíocht AE a bhaineann le gníomhaíochtaí athchóirithe foirgneamh.

## **Leasú 41**

### **Togra le haghaidh treorach Aithris 29**

*Leasú*

(26) Déantar gníomhaíochtaí eacnamaíocha atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de ar fud an gheilleagair a aicmiú i dTacsanomaíocht AE, lena n-áirítear d'earnáil na foirgníochta. Faoin nGníomh Tarmiligthe maidir le Gné na hAeráide de Thacsanomaíocht AE, meastar gur gníomhaíocht inbhuanaithe é an t-athchóiriú foirgneamh i gcás ina mbaintear amach coigiltis fuinnimh 30 % ar a laghad leis, i gcás ina gcomhlíonann sé íoscheanglais feidhmíochta fuinnimh chun athchóiriú mór **nó suntasach** a dhéanamh ar fhoirgnimh atá ann cheana, nó i gcás inarb é atá ann bearta aonair a bhaineann le feidhmíocht fuinnimh foirgneamh, amhail trealamh éifeachtúlachta fuinnimh a shuiteáil, a chothabháil nó a dheisiú nó ionstraimí agus feistí chun feidhmíocht fuinnimh foirgneamh a thomhas, a rialáil agus a rialú, i gcás ina gcomhlíonann na bearta aonair sin na critéir a leagtar amach. Is gnáth go mbíonn an t-athchóiriú foirgneamh d'fhonn cloí le híoschaighdeáin feidhmíochta fuinnimh uile-Aontais i gcomhréir le critéir Thacsanomaíocht AE a bhaineann le gníomhaíochtaí athchóirithe foirgneamh.

(29) Chun stoc foirgnimh atá dícharbónaithe agus an-fhuinneamhéifeachtúil a bhaint amach agus chun na foirgnimh atá ann cheana a aistriú ina bhfoirgnimh astaíochtaí nialasacha faoin mbliain 2050, ba cheart do na Ballstáit pleananna náisiúnta athchóirithe foirgneamh a bhunú, a chuirfear in ionad na straitéisí athchóirithe fadtéarmacha agus a bheidh ina n-uirlis pleanála do na Ballstáit *atá* iomlán oibríochtúil agus níos láidre, agus *lena ndíreofar* níos *mó* ar mhaoiniú agus *lena n-áiritheofaí* go mbeidh oibríthe *a bhfuil na scileanna iomchuí acu* ar fáil chun athchóirithe foirgneamh a dhéanamh. Ina bpleananna athchóirithe foirgneamh, ba cheart do na Ballstáit a gcuid spriocanna náisiúnta féin a shocrú maidir le hathchóiriú foirgneamh. I gcomhréir le hAirteagal 21(b)(7) de Rialachán (AE) 2018/1999 agus leis na coinníollacha cumasúcháin a leagtar amach faoi Rialachán (AE) 2021/60 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>36</sup>, ba cheart do na Ballstáit a choimre a thabhairt ar bhearta maoiniúcháin, mar aon le breacchuntas ar na riachtanais infheistíochta agus ar na hacmhainní riaracháin le haghaidh chur chun feidhme a bpleananna athchóirithe foirgneamh.

<sup>36</sup> Rialachán (AE) 2021/1060 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meitheamh 2021 lena leagtar síos forálacha comhchoiteanna maidir le Ciste Forbartha Réigiúnaí na hEorpa, le Ciste Sóisialta na hEorpa Plus, leis an gCiste Comhtháthaithe, leis an gCiste um Aistriú Cóir agus leis an gCiste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe agus rialacha airgeadais maidir leo siúd agus

(29) Chun stoc foirgnimh atá dícharbónaithe agus an-fhuinneamhéifeachtúil a bhaint amach agus chun na foirgnimh atá ann cheana a aistriú ina bhfoirgnimh astaíochtaí nialasacha faoin mbliain 2050, ba cheart do na Ballstáit pleananna náisiúnta athchóirithe foirgneamh a bhunú, a chuirfear in ionad na straitéisí athchóirithe fadtéarmacha agus a bheidh ina n-uirlis pleanála do na Ballstáit *a bheidh* iomlán oibríochtúil agus níos láidre, agus *béim* níos *láidre á leagan* ar *thacaíocht riaracháin*, ar mhaoiniú agus *ar a áirithiú* go mbeidh oibríthe *ardcháilithe ó earnáil na tógála agus ó thionscail chruthaitheacha agus chultúrtha* ar fáil chun athchóirithe foirgneamh *agus próisis cháilíochta* a dhéanamh, *go háirithe nósanna imeachta soláthair phoiblí*. Ina bpleananna athchóirithe foirgneamh, ba cheart do na Ballstáit a gcuid spriocanna náisiúnta féin a shocrú maidir le hathchóiriú foirgneamh. I gcomhréir le hAirteagal 21(b)(7) de Rialachán (AE) 2018/1999 agus leis na coinníollacha cumasúcháin a leagtar amach faoi Rialachán (AE) 2021/60 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>36</sup>, ba cheart do na Ballstáit a choimre a thabhairt ar bhearta maoiniúcháin, mar aon le breacchuntas ar na riachtanais infheistíochta agus ar na hacmhainní riaracháin le haghaidh chur chun feidhme a bpleananna athchóirithe foirgneamh.

<sup>36</sup> Rialachán (AE) 2021/1060 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meitheamh 2021 lena leagtar síos forálacha comhchoiteanna maidir le Ciste Forbartha Réigiúnaí na hEorpa, le Ciste Sóisialta na hEorpa Plus, leis an gCiste Comhtháthaithe, leis an gCiste um Aistriú Cóir agus leis an gCiste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe agus rialacha airgeadais maidir leo siúd agus



maidir leis an gCiste um Tearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht, leis an gCiste Slándála Inmheánaí agus an Ionstraim um Thacaíocht Airgeadais do Bhainistíocht Teorann agus Beartas Víosáí (IO L 231, 30.6.2021, lch. 159).

maidir leis an gCiste um Tearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht, leis an gCiste Slándála Inmheánaí agus an Ionstraim um Thacaíocht Airgeadais do Bhainistíocht Teorann agus Beartas Víosáí (IO L 231, 30.6.2021, lch. 159).

## Leasú 42

### Togra le haghaidh treorach Aithris 32

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(32) Is féidir le hathchóiriú céimneach a bheith ina réiteach chun aghaidh a thabhairt ar na fadhbanna a bhaineann le hardchostais tosaigh agus an dua a d'fhéadfadh a bheith ann do na háitritheoirí nuair a dhéantar an t-athchóiriú 'in aon iarracht amháin'. Mar sin féin, ní mór an t-athchóiriú céimneach sin a phleanáil go cúramach ionas nach gcuirfidh céim athchóirithe amháin bac ar chéimeanna riachtanacha eile ina dhiaidh sin. Le pasanna athchóirithe soláthraítear treochlár soiléir d'athchóiriú céimneach, rud a chabhraíonn le húinéirí agus le hinfheisteoirí an tráthúlacht agus an scóip is fearr chun idirghabhálacha a phleanáil. Dá bhrí sin, ba cheart pasanna athchóirithe a chur ar fáil mar uirlis dheonach d'úinéirí foirgneamh ar fud na mBallstát go léir.

*Leasú*

(32) ***Is é athchóiriú domhain céim amháin an rogha buiséid carbóin is costéifeachtaí agus is ísle chun na cuspóirí maidir le stoc foirgneamh na hEorpa a bhaint amach go tráthúil. Is féidir le hathchóiriú céimneach a bheith ina réiteach chun aghaidh a thabhairt ar na fadhbanna a bhaineann le hardchostais tosaigh agus an dua a d'fhéadfadh a bheith ann do na háitritheoirí nuair a dhéantar an t-athchóiriú 'in aon iarracht amháin'. Mar sin féin, ní mór an t-athchóiriú céimneach sin a phleanáil go cúramach ionas nach gcuirfidh céim athchóirithe amháin bac ar chéimeanna riachtanacha eile ina dhiaidh sin. Le pasanna athchóirithe soláthraítear treochlár soiléir d'athchóiriú céimneach, rud a chabhraíonn le húinéirí agus le hinfheisteoirí an tráthúlacht agus an scóip is fearr chun idirghabhálacha a phleanáil. Dá bhrí sin, ba cheart pasanna athchóirithe a chur ar fáil mar uirlis dheonach d'úinéirí foirgneamh ar fud na mBallstát go léir. Níor cheart pasanna athchóirithe a bheith ina n-ualach eacnamaíoch ná riaracháin ar úinéirí foirgneamh agus ba cheart iad a sholáthar gan chostas do gach úinéir réadmhaoine ísealioncaim agus d'úinéirí uile réadmhaoine arb í a bpríomháit chónaithe í. Chun maorlathas a íoslaghdú agus dúbláil a sheachaint, féadfaidh na Ballstáit a chinneadh pasanna athchóirithe foirgneamh a chomhtháthú i***

**Leasú 43**

**Togra le haghaidh treorach  
Aithris 33**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(33) Níor sainmhíníodh an coincheap ‘athchóiriú domhain’ i reachtaíocht an Aontais go fóill. D’fhonn an fhís fhadtéarmach d’fhoirgnimh a bhaint amach, ba cheart athchóiriú domhain a shainmhíniú mar athchóiriú lena ndéantar foirgnimh astaíochtaí nialasacha; sa chéad chéim, mar athchóiriú lena ndéantar foirgnimh atá nach mór neodrach ó thaobh an fhuinnimh de. Is é is cuspóir don sainmhíniú sin feidhmíocht fuinnimh foirgneamh a mhéadú. Is deis den scoth é athchóiriú domhain chun críocha na feidhmíochta fuinnimh maidir le haghaidh a thabhairt ar ghnéithe eile amhail dálaí maireachtála teaghlach leochaileach, athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide a mhéadú, athléimneacht i gcoinne rioscaí tubaistí lena n-áirítear an athléimneacht sheismeach, sábháilteacht ó dhóiteán, substaintí guaiseacha lena n-áirítear aiseist *a bhaint*, agus inrochtaineacht do dhaoine faoi mhíchumas.

*Leasú*

(33) Níor sainmhíníodh an coincheap ‘athchóiriú domhain’ i reachtaíocht an Aontais go fóill. D’fhonn an fhís fhadtéarmach d’fhoirgnimh a bhaint amach, ba cheart athchóiriú domhain a shainmhíniú mar athchóiriú lena ndéantar foirgnimh astaíochtaí nialasacha; sa chéad chéim, mar athchóiriú lena ndéantar foirgnimh atá nach mór neodrach ó thaobh an fhuinnimh de. Is é is cuspóir don sainmhíniú sin feidhmíocht fuinnimh foirgneamh a mhéadú. Is deis den scoth é athchóiriú domhain chun críocha na feidhmíochta fuinnimh maidir le haghaidh a thabhairt ar ghnéithe eile amhail ***Cáilíocht an Chomhshaoil faoi Dhíon (IEQ)***, dálaí maireachtála teaghlach leochaileach, athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide a mhéadú, athléimneacht i gcoinne rioscaí tubaistí lena n-áirítear an athléimneacht sheismeach, sábháilteacht ó dhóiteán, ***téamh agus suiteálacha leictreacha agus aeráil***, substaintí guaiseacha *a bhaint*, lena n-áirítear aiseist, agus inrochtaineacht do dhaoine faoi mhíchumas ***agus do dhaoine scothaosta. I láthair na huaire, ní dhéantar athchóiriú domhain a chuireann feabhas 60 % ar a laghad ar fheidhmíocht fuinnimh foirgnimh ach in 0.2 % den stoc foirgneamh, agus ní chuirtear feabhas suntasach ar éifeachtúlacht fuinnimh ach sa chúigiú cuid de na cásanna.***

**Leasú 44**

**Togra le haghaidh treorach  
Aithris 34**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(34) ***D'fhonn an t-athchóiriú*** domhain a chothú, atá ar cheann de spriocanna ***an tionscnaimh*** ‘rabharta athchóiriúcháin’, ba cheart do na Ballstáit ***tacaíocht*** airgeadais agus riaracháin ***níos fearr a thabhairt don*** athchóiriú domhain.

**Leasú 45**

**Togra le haghaidh treorach  
Aithris 35 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

(34) ***Ar mhaithe leis an athchóiriú*** domhain a chothú, atá ar cheann de spriocanna ***na straitéise*** ‘Rabharta Athchóiriúcháin’, ba cheart do na Ballstáit ***tosaíocht a thabhairt do thacaíocht fheabhsaithe*** airgeadais agus riaracháin ***d’athchóiriú domhain, agus béim á leagan ar shaoránaigh atá thíos leis an mbochtaineacht fuinnimh agus ar theaghlaigh ar ioncam íseal, agus ar na foirgnimh is measa feidhmíocht freisin.***

***(35a) Ba cheart don Choimisiún treoirlínte teicniúla a bhunú maidir le foirgnimh stairiúla chun cur chun feidhme na Treorach seo a éascú agus a áirithiú agus an oidhreacht chultúrtha á cosaint ag an am céanna.***

*Réasúnú*

*Tá gá leis an leasú ar chúiseanna práinneacha a bhaineann le loighic inmheánach an téacs.*

**Leasú 46**

**Togra le haghaidh treorach  
Aithris 35 b (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

***(35b) Ba cheart don Choimisiún treoirlínte teicniúla a bhunú maidir le foirgnimh oidhreachta stairiúla agus ionaid stairiúla chun a áirithiú go gcomhlíonfar uailmhianta éiceolaíocha agus go gcosnófar an oidhreacht***

*chultúrtha.*

Leasú 47

**Togra le haghaidh treorach  
Aithris 35 c (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*(35c) Is minic a bhíonn ábhair amhail díonta, ballaí nó socruithe leictreacha le láimhseáil nuair a dhéantar athchóiriú ar fhoirgneamh chun éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú, ar ábhair iad a d'fhéadfadh aispeist a bheith iontu más rud é gur tógadh na foirgnimh roimh rialáil an Aontais agus roimh an rialáil náisiúnta nó roimh an toirmeasc ar úsáid aispeiste. Ní mór ceanglais a bheith cóir ó thaobh na sochaí de a thabhairt isteach chun aispeist a bhaint go sábháilte, agus bearta iomchuí a bheith ag gabháil leo chun tacú le húinéirí an t-athchóiriú is gá a mhaoiniú, chomh maith le bearta forbartha acmhainní tionlacain do FBManna a dhéanann an obair. Ba cheart go n-áireofaí sa Straitéis Eorpach maidir le Gach Aispeist a Bhaint, togra chun Treoir 2009/148/CE a thabhairt cothrom le dáta chun bearta an Aontais a neartú chun oibríthe a chosaint ar bhagairt aispeiste agus chun rabharta nua íospartach aispeiste a chos le linn an rabharta athchóirithe, chomh maith le togra chun Treoir 2010/31/AE a thabhairt cothrom le dáta d'fhonn ceanglas a thabhairt isteach maidir le scagadh éigeantach agus baint éigeantach aispeiste agus substaintí contúirteacha eile ina dhiaidh sin sula bhféadfar tús a chur le hoibreacha athchóirithe, chun sláinte oibríthe foirgníochta a chosaint.*

Leasú 48

**Togra le haghaidh treorach  
Aithris 35 d (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**(35d) Tá géarghá le spleáchas breoslaí iontaise i bhfoirgnimh a laghdú agus le dlús a chur le hiarrachtaí chun tomhaltas na bhfoirgneamh a dhícharbónú agus leictriú. Chun gur féidir na teicneolaíochtaí gréine a shuiteáil go costéifeachtach ag céim níos déanaí, ba cheart gach foirgneamh nua a bheith ‘réidh ó thaobh na gréine de’, is é sin, atá deartha chun an cumas giniúna gréine a bharrfheabhsú ar bhonn ionradantas gréine an tsuímh, rud a chumasaíonn suiteáil thorthúil na dteicneolaíochtaí gréine gan idirghabhálacha struchtúracha costasacha. Ina theannta sin, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go n-úsáidfear suiteálacha gréine oiriúnacha ar fhoirgnimh nua, ar fhoirgnimh chónaithe agus neamhchónaithe araon, agus ar fhoirgnimh neamhchónaithe atá ann cheana. Chun poitéinseal na suiteálacha gréine ar fhoirgnimh a shaothrú go héifeachtúil, ba cheart do na Ballstáit critéir a shainiú maidir le cur chun feidhme imscartha suiteálacha gréine ar fhoirgnimh, mar aon le díolúintí féideartha ó imscaradh suiteálacha gréine ar fhoirgnimh, i gcomhréir le poitéinseal measta teicniúil agus eacnamaíoch na suiteálacha grianfhuinnimh agus saintréithe na bhfoirgneamh a chumhdaítear leis an oibleagáid sin.**

**Leasú 49**

**Togra le haghaidh treorach  
Aithris 35 e (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**(35e) Tá tábhacht ar leith ag baint leis an nasc uisce-fuinnimh a chur san**

*áireamh chun aghaidh a thabhairt ar úsáid idirpleách an fhuinnimh agus an uisce agus ar an mbrú atá ag méadú ar an dá acmhainn sin. Trí uisce a bhainistiú agus a athúsáid ar bhealach éifeachtach, féadfar cur go mór leis an gcoigilteas fuinnimh, rud a théann chun tairbhe ní hamháin don aeráid ach don gheilleagar agus don tsochaí freisin.*

**Leasú 50**

**Togra le haghaidh treorach  
Aithris 35 f (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*(35f) Agus measúnú á dhéanamh ar an acmhainneacht do théamh agus fuarú éifeachtúil, ba cheart do na Ballstáit gnéithe comhshaoil, sláinte agus sábháilteachta níos leithne a chur san áireamh. I ngeall ar ról na dteaschaidéal maidir le hacmhainneachtaí éifeachtúlachta fuinnimh a bhaint amach i dtaca le téamh agus fuarú, ba cheart an baol go mbeidh tionchair dhiúltacha ar an gcomhshaol ag cuisneáin atá marthanach, bithcharnach nó tocsaineach a íoslaghdú.*

**Leasú 51**

**Togra le haghaidh treorach  
Aithris 37**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

(37) Nuair atá feithiclí leictreacha comhcheangailte le sciar méadaithe de tháirgeadh leictreachais in-athnuaite, táirgeann siad níos lú astaíochtaí gás ceaptha teasa. Is cuid thábhachtach d'aistriú fuinnimh glan iad feithiclí leictreacha bunaithe ar bhearta éifeachtúlachta fuinnimh, breoslaí malartacha, fuinnimh in-athnuaite agus

(37) Nuair atá feithiclí leictreacha comhcheangailte le sciar méadaithe de tháirgeadh leictreachais in-athnuaite, táirgeann siad níos lú astaíochtaí gás ceaptha teasa. Is cuid thábhachtach d'aistriú fuinnimh glan iad feithiclí leictreacha bunaithe ar bhearta éifeachtúlachta fuinnimh, breoslaí malartacha, fuinnimh in-athnuaite agus

réitigh nuálacha bainistithe solúbthachta fuinnimh. Is féidir cóid foirgníochta a úsáid go héifeachtach chun ceanglais spriocdhírithé a thabhairt isteach chun tacú le himscaradh an bhonneagair athluchtaithe i gcarrchlóis foirgneamh cónaithe agus neamhchónaithe. Ba cheart do na Ballstáit bacainní amhail dreasachtaí deighilte agus castachtaí riaracháin a bhaint a bhíonn ina mbacainní ag úinéirí aonair agus iad ag iarraidh pointe athluchtaithe a shuiteáil ar a spás páirceála.

## Leasú 52

### Togra le haghaidh treorach Aithris 39

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(39) Leis an luchtú cliste agus luchtú déthreoch cumasaítear comhtháthú foirgneamh sa chóras fuinnimh. Pointí athluchtaithe áit a mbíonn feithiclí leictreacha páirceáilte de ghnáth ar feadh tréimhsí fada ama, mar shampla **áit** a mbíonn daoine páirceáilte ar chúiseanna cónaithe nó fostaíochta, is pointí iad sin atá an-ábhartha do chomhtháthú an chórais fuinnimh, mar sin is gá feidhmiúlachtaí luchtaithe cliste a áirithiú. I gcásanna ina dtabharfadh luchtú déthreoch cúnaimh do fhlíteanna feithiclí leictreacha dul i bhfód breise a dhéanamh ó thaobh leictreachas in-athnuaite de in earnáil an iompair agus sa chóras leictreachais i gcoitinne, ba cheart feidhmiúlacht den sórt sin a chur ar fáil freisin.

## Leasú 53

### Togra le haghaidh treorach Aithris 40

réitigh nuálacha bainistithe solúbthachta fuinnimh. Is féidir cóid foirgníochta a úsáid go héifeachtach chun ceanglais spriocdhírithé a thabhairt isteach chun tacú le himscaradh an bhonneagair athluchtaithe i gcarrchlóis foirgneamh cónaithe agus neamhchónaithe. Ba cheart do na Ballstáit bacainní amhail **nascadh leis an eangach agus scrogaill toillte**, dreasachtaí deighilte agus castachtaí riaracháin a bhaint a bhíonn ina mbacainní ag úinéirí aonair agus iad ag iarraidh pointe athluchtaithe a shuiteáil ar a spás páirceála.

*Leasú*

(39) Leis an luchtú cliste agus luchtú déthreoch cumasaítear comhtháthú foirgneamh sa chóras fuinnimh. Pointí athluchtaithe áit a mbíonn feithiclí leictreacha páirceáilte de ghnáth ar feadh tréimhsí fada ama, mar shampla **ag áiteanna** a mbíonn daoine páirceáilte ar chúiseanna cónaithe nó fostaíochta, is pointí iad sin atá an-ábhartha do chomhtháthú an chórais fuinnimh, mar sin is gá feidhmiúlachtaí luchtaithe cliste a áirithiú **i gcás na bpointí athluchtaithe nua go léir i bhfoirgnimh agus in aice le foirgnimh**. I gcásanna ina dtabharfadh luchtú déthreoch cúnaimh do fhlíteanna feithiclí leictreacha dul i bhfód breise a dhéanamh ó thaobh leictreachas in-athnuaite de in earnáil an iompair agus sa chóras leictreachais i gcoitinne, ba cheart feidhmiúlacht den sórt sin a chur ar fáil freisin.

(40) Cuid lárnach den Chomhaontú Glas don Eoraip is ea an tsoghluaisteacht ghlas a chur chun cinn agus is féidir le foirgnimh ról tábhachtach a bheith acu maidir leis an mbonneagar is gá a chur ar fáil, ní hamháin chun feithiclí leictreacha a athluchtú ach rothair freisin. Is féidir astaíochtaí gás ceaptha teasa ón iompar a laghdú go suntasach ach aistriú chuig soghluaisteacht **bhog**, an rothaíocht mar shampla. Mar a leagtar amach sa phlean um Sprioc Aeráide 2030, trí mhéadú a dhéanamh ar chionta módacha an iompair phríobháidigh agus phoiblí atá glan agus éifeachtúil, an rothaíocht mar shampla, is lú go mór an truailliú a thiochfaidh ón iompar agus rachaidh sé chun sochair go mór do shaoránaigh agus do phobail aonair. Tá an easpa spásanna páirceála rothar ina bhac mór ar dhaoine tabhairt faoin rothaíocht, i bhfoirgnimh chónaithe agus neamhchónaithe araon. Is féidir le cóid foirgníochta tacú go héifeachtach leis an aistriú chuig soghluaisteacht níos glaine trí cheanglais a leagan síos do líon íosta spásanna páirceála rothar.

## **Leasú 54**

### **Togra le haghaidh treorach Aithris 40 a (nua)**

(40) Cuid lárnach den Chomhaontú Glas don Eoraip is ea an tsoghluaisteacht ghlas a chur chun cinn agus is féidir le foirgnimh ról tábhachtach a bheith acu maidir leis an mbonneagar is gá a chur ar fáil, ní hamháin chun feithiclí leictreacha a athluchtú ach rothair freisin. Is féidir astaíochtaí gás ceaptha teasa ón iompar a laghdú go suntasach ach aistriú chuig soghluaisteacht **ghníomhach**, an rothaíocht mar shampla. ***Le glacadh tapa díolachán rothar leictreach agus rothar lasta leictreach, ní mór spás agus bonneagar bunúsach luchtaithe do na cineálacha sin feithiclí a sholáthar freisin chun a n-úsáid rialta a éascú.*** Mar a leagtar amach sa phlean um Sprioc Aeráide 2030, trí mhéadú a dhéanamh ar chionta módacha an iompair phríobháidigh agus phoiblí atá glan agus éifeachtúil, an rothaíocht mar shampla, is lú go mór an truailliú a thiochfaidh ón iompar agus rachaidh sé chun sochair go mór do shaoránaigh agus do phobail aonair. Tá an easpa spásanna páirceála rothar ina bhac mór ar dhaoine tabhairt faoin rothaíocht, i bhfoirgnimh chónaithe agus neamhchónaithe araon. Is féidir le cóid foirgníochta tacú go héifeachtach leis an aistriú chuig soghluaisteacht níos glaine trí cheanglais a leagan síos do líon íosta spásanna páirceála rothar.

***(40a) Ba cheart do na Ballstáit tacú le húdaráis áitiúla Pleananna Soghluaisteachta Uirbí Inbhuanaithe (SUMPanna) a fhorbairt agus a chur chun feidhme agus béim ar leith a leagan ar chomhtháthú beartas tithíochta,***



*soghluaisteacht inbhuanaithe, glacadh saoráidí stórála fuinnimh chun tacú le comhtháthú feithiclí leictreacha agus le pleanáil uirbeach.*

Leasú 55

### **Togra le haghaidh treorach Aithris 41**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(41) Ba cheart cláir oibre an Mhargaidh Aonair Dhigitigh agus an Aontais Fuinnimh a bheith ailínithe agus freastal ar spriocanna comhchoiteanna. Tá digitíú an chórais fuinnimh ag athrú earnáil an fhuinnimh go tapa, ó chomhtháthú foinsí in-athnuaite fuinnimh go heangacha cliste agus foirgnimh atá ullamh don teicneolaíocht chliste. Chun earnáil na foirgníochta a dhigitíú, tá spriocanna nascachta agus uaillmhianta an Aontais maidir le himscaradh líonraí cumarsáide ardoillte tábhachtach d'fhoirgnimh chliste agus do phobail dhea-nasctha. Ba cheart dreasachtaí spriocdhírithé a sholáthar chun córais atá ullamh don teicneolaíocht-chliste agus réitigh dhigiteacha a chur chun cinn sa timpeallacht thógtha. Leis sin chuirfí deiseanna nua ar fáil do choigiltí fuinnimh, trí eolas níos cruinne a thabhairt do thomhaltóirí faoina bpatrúin ídithe agus trí chur ar chumas an oibreora córais an eangach a bhainistiú ar bhealach níos éifeachtaí.

*Leasú*

(41) Ba cheart cláir oibre an Mhargaidh Aonair Dhigitigh agus an Aontais Fuinnimh a bheith ailínithe agus freastal ar spriocanna comhchoiteanna. Tá digitíú an chórais fuinnimh ag athrú earnáil an fhuinnimh go tapa, ó chomhtháthú foinsí in-athnuaite fuinnimh go heangacha cliste agus foirgnimh atá ullamh don teicneolaíocht chliste. Chun earnáil na foirgníochta a dhigitíú, tá spriocanna nascachta agus uaillmhianta an Aontais maidir le himscaradh líonraí cumarsáide ardoillte tábhachtach d'fhoirgnimh chliste agus do phobail dhea-nasctha. Ba cheart dreasachtaí spriocdhírithé a sholáthar chun córais atá ullamh don teicneolaíocht-chliste agus réitigh dhigiteacha a chur chun cinn sa timpeallacht thógtha. ***Ba cheart slándáil agus éifeachtúlacht fuinnimh a chur chun cinn trí infheistíocht a spreagadh agus réitigh ísealteicneolaíochta ísealfhuinnimh a dhreasú agus an t-aistriú digiteach a éascú tríd an nascacht a fheabhsú chun an deighilt dhigiteach a mhaolú. Dá bhrí sin, tá comhoibriú Bauhaus Eorpach Nua tábhachtach chuige sin agus chun an bhochtaineacht fuinnimh a chomhrac trí réitigh nuálacha a fháil d'earnálacha na tógála, na foirgníochta, na tionsclaíochta agus na n-ábhar.*** Leis sin chuirfí deiseanna nua ar fáil do choigiltí fuinnimh, trí eolas níos cruinne a thabhairt do thomhaltóirí faoina bpatrúin ídithe agus trí chur ar chumas an oibreora córais an eangach a bhainistiú ar

bhealach níos éifeachtaí.

## Leasú 56

### Togra le haghaidh treorach Aithris 42

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(42) Chun margadh iomaíoch agus nuálach do sheirbhísí foirgneamh cliste a éascú, ar margadh é a rannchuideoidh le húsáid éifeachtúil fuinnimh agus le comhtháthú éifeachtúil fuinnimh in-athnuaite i bhfoirgnimh agus **a thacóidh** le hinfheistíochtaí san athchóiriú, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go mbeidh rochtain dhíreach ag páirtithe leasmhara ar shonraí **na gcóras tógála**. Chun costais riaracháin iomarcacha a sheachaint do thríú páirtithe, éascóidh na Ballstáit idir-inoibritheacht iomlán seirbhísí agus malartú sonraí laistigh den Aontas.

## Leasú 57

### Togra le haghaidh treorach Aithris 43

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(43) Ba cheart an táscaire ullmhachta cliste a úsáid chun tomhas a dhéanamh ar chumas foirgneamh teicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide agus córais leictreonacha a úsáid d'fhonn oibriú na bhfoirgneamh a chur in oiriúint do riachtanais na n-áititheoirí agus na heangaí agus chun éifeachtúlacht fuinnimh agus feidhmíocht fhoriomlán foirgneamh a fheabhsú. Leis an táscaire ullmhachta cliste, ba cheart feasacht a mhúscailt i measc úinéirí agus áititheoirí foirgnimh maidir leis an luach atá ar an uathoibriú foirgneamh agus ar an bhfaireachán leictreonach ar chórais theicniúla

*Leasú*

(42) Chun margadh iomaíoch agus nuálach do sheirbhísí foirgneamh cliste a éascú, ar margadh é a rannchuideoidh le húsáid éifeachtúil fuinnimh agus le comhtháthú éifeachtúil fuinnimh in-athnuaite i bhfoirgnimh, **lena n-áirítear painéil ghréine dín** agus **chun tacú** le hinfheistíochtaí san athchóiriú, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go mbeidh rochtain dhíreach ag páirtithe leasmhara ar shonraí **córas foirgneamh**. Chun costais riaracháin iomarcacha a sheachaint do thríú páirtithe, éascóidh na Ballstáit idir-inoibritheacht iomlán seirbhísí agus malartú sonraí laistigh den Aontas.

*Leasú*

(43) Ba cheart an táscaire ullmhachta cliste a úsáid chun tomhas a dhéanamh ar chumas foirgneamh teicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide agus córais leictreonacha a úsáid d'fhonn oibriú na bhfoirgneamh a chur in oiriúint do riachtanais na n-áititheoirí agus na heangaí agus chun éifeachtúlacht fuinnimh agus feidhmíocht fhoriomlán foirgneamh a fheabhsú. Leis an táscaire ullmhachta cliste, ba cheart feasacht a mhúscailt i measc úinéirí agus áititheoirí foirgnimh maidir leis an luach atá ar an uathoibriú foirgneamh agus ar an bhfaireachán leictreonach ar chórais theicniúla

foirgneamh agus muinín a thabhairt d'áititheoirí maidir leis na coigiltí iarbhír a bhaineann leis na feidhmiúlachtaí breisithe nua sin. Tá tairbhe ar leith ag baint leis an táscaire ullmhachta cliste maidir le foirgnimh mhóra a bhfuil éileamh ard fuinnimh orthu. Maidir le foirgnimh eile, ba cheart úsáid na scéime chun ullmhacht chliste foirgneamh a rátáil a bheith roghnach do na Ballstáit.

foirgneamh agus muinín a thabhairt d'áititheoirí maidir leis na coigiltí iarbhír a bhaineann leis na feidhmiúlachtaí breisithe nua sin. Tá tairbhe ar leith ag baint leis an táscaire ullmhachta cliste maidir le foirgnimh mhóra a bhfuil éileamh ard fuinnimh orthu. Maidir le foirgnimh eile, ba cheart úsáid na scéime chun ullmhacht chliste foirgneamh a rátáil a bheith roghnach do na Ballstáit, **agus reachtaíocht cosanta sonraí á hurramú ag an am céanna.**

## Leasú 58

### Togra le haghaidh treorach Aithris 44

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(44) Tá rochtain ar chistiú leordhóthanach ríthábhachtach chun spriocanna éifeachtúlachta fuinnimh 2030 agus 2050 a bhaint amach. Tá ionstraimí airgeadais an Aontais agus bearta nach iad curtha i bhfeidhm nó in oiriúint d'fhonn tacú le feidhmíocht fuinnimh foirgneamh. Áirítear ar na tionscnaimh is déanaí chun infhaighteacht an mhaoinithe a mhéadú ar leibhéal an Aontais, inter alia, an ghné shuaitheanta den tSaoráid **Téarnaimh** agus **Athléimneachta** a bunaíodh le Rialachán (AE) 2041/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>39</sup> agus **de Chiste Sóisialta na hAeráide** a bunaíodh le Rialachán (AE) .../... Is féidir le roinnt clár tábhachtach eile de chuid an Aontais tacú **leis an athchóiriú** fuinnimh faoin gCreat Airgeadais Ilbhliantúil 2021-2027, lena n-áirítear cistí an bheartais chomhtháthaithe agus an Ciste InvestEU arna bhunú le Rialachán (AE) 2021/523 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>40</sup>. Trí Chreatchlár um thaighde agus um nuálaíocht, infheistíonn an tAontas i ndeontais nó in iasachtaí chun an teicneolaíocht is fearr a bhrú agus feidhmíocht fuinnimh foirgneamh a

*Leasú*

(44) Tá rochtain ar chistiú leordhóthanach ríthábhachtach chun spriocanna éifeachtúlachta fuinnimh 2030 agus 2050 a bhaint amach. Tá ionstraimí airgeadais an Aontais agus bearta nach iad curtha i bhfeidhm nó in oiriúint d'fhonn tacú le feidhmíocht fuinnimh foirgneamh. Áirítear ar na tionscnaimh is déanaí chun infhaighteacht an mhaoinithe a mhéadú ar leibhéal an Aontais, inter alia, an ghné shuaitheanta den tSaoráid **um Théarnamh** agus **Athléimneacht** a bunaíodh le Rialachán (AE) 2041/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>39</sup> agus **an Ciste don Aeráid Shóisialta** a bunaíodh le Rialachán (AE).../... Is féidir le roinnt clár tábhachtach eile de chuid an Aontais tacú **le hathchóiriú** fuinnimh faoin gCreat Airgeadais Ilbhliantúil 2021-2027, lena n-áirítear cistí an bheartais chomhtháthaithe agus an Ciste InvestEU arna bhunú le Rialachán (AE) 2021/523 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>40</sup>. Trí Chreatchlár um thaighde agus um nuálaíocht, infheistíonn an tAontas i ndeontais nó in iasachtaí chun an teicneolaíocht is fearr a bhrú agus

fheabhsú, lena n-áirítear trí chomhpháirtíochtaí leis an tionscal agus leis na Ballstáit amhail an tAistriú Fuinnimh Glan agus Comhpháirtíochtaí Eorpacha Built4People.

feidhmíocht fuinnimh foirgneamh a fheabhsú, lena n-áirítear trí chomhpháirtíochtaí leis an tionscal agus leis na Ballstáit amhail an tAistriú Fuinnimh Glan agus Comhpháirtíochtaí Eorpacha Built4People. ***I gcomhréir le Rialachán (AE) 2021/1119 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>40a</sup>, ba cheart don Choimisiún comhpháirtíochtaí earnáilsonracha um aistriú fuinnimh a bhunú laistigh d'earnáil na tógála trí phríomhpháirtithe leasmhara a thabhairt le chéile.***

---

<sup>39</sup> Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (IO L 57, 18.2.2021)

<sup>40</sup> Rialachán (AE) 2021/523 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Márta 2021 lena mbunaítear Clár InvestEU agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2015/1017 (IO L 107, 26.3.2021, lch. 30).

---

<sup>39</sup> Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (IO L 57, 18.2.2021)

<sup>40</sup> Rialachán (AE) 2021/523 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Márta 2021 lena mbunaítear Clár InvestEU agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2015/1017 (IO L 107, 26.3.2021, lch. 30).

***<sup>40a</sup> Rialachán (AE) 2021/1119 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Meitheamh 2021 lena mbunaítear an creat chun aeráidneodracht a bhaint amach agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 401/2009 agus (AE) 2018/1999 ('An Dlí Aeráide Eorpach')(IO L 243, 9.7.2021, lch. 1).***

### Réasúinú

*De réir an Dlí Aeráide Eorpaigh, ba cheart don Choimisiún idirphlé agus comhpháirtíochtaí earnáilsonracha maidir leis an aeráid a éascú laistigh den earnáil tógála freisin.*

**Leasú 59**

**Togra le haghaidh treorach  
Aithris 46**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(46) Ba cheart ról lárnach a bheith ag sásraí airgeadais, dreasachtaí agus **cur ag gluaiseacht** institiúidí airgeadais d'athchóirithe fuinnimh i bhfoirgnimh sna pleananna náisiúnta athchóirithe foirgneamh agus ba cheart do na Ballstáit na nithe sin a chur chun cinn ar bhonn gníomhach. Ba cheart go n-áireofaí le bearta den sórt sin morgáistí fuinneamhéifeachtúla a spreagadh d'athchóiriú foirgneamh fuinneamhéifeachtúil deimhnithe, lena gcuirtear infheistíochtaí d'údaráis phoiblí chun cinn i stoc foirgnimh fuinneamhéifeachtúil, mar shampla trí chomhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí nó conarthaí feidhmíochta fuinnimh nó an baol a mheastar a bhaineann leis na hinfeistíochtaí a laghdú.

**Leasú 60**

**Togra le haghaidh treorach  
Aithris 46 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

(46) Ba cheart ról lárnach a bheith ag sásraí airgeadais, **deontais agus fóirdheontais**, dreasachtaí agus **slógadh** institiúidí airgeadais d'athchóirithe fuinnimh i bhfoirgnimh, **atá saincheaptha do riachtanais úinéirí foirgneamh agus tionóntaí éagsúla**, sna pleananna náisiúnta athchóirithe foirgneamh agus ba cheart do na Ballstáit na nithe sin a chur chun cinn ar bhonn gníomhach. Ba cheart go n-áireofaí le bearta den sórt sin morgáistí fuinneamhéifeachtúla a spreagadh d'athchóiriú foirgneamh fuinneamhéifeachtúil deimhnithe, lena gcuirtear infheistíochtaí d'údaráis phoiblí chun cinn i stoc foirgnimh fuinneamhéifeachtúil, mar shampla trí chomhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí nó conarthaí feidhmíochta fuinnimh nó an baol a mheastar a bhaineann leis na hinfeistíochtaí a laghdú. **Ba cheart do scéimeanna airgeadais préimh thábhachtach a thabhairt d'athchóirithe doimhne, ionas go mbeidh siad tarraingteach ó thaobh airgeadais de.**

*Leasú*

**(46a) Is féidir le hiasachtaí morgáiste glasa agus iasachtaí miondíola glasa cuidiú go mór leis an ngeilleagar a athrú ó bhonn, rud a laghdaíonn astaíochtaí carbóin. Ní chuireann an Treoir um Chreidmheas Morgáiste bac ar ghlacadh morgáistí glasa, ach ní sholáthraíonn sí aon bhearta sonracha chun an glacadh atá leo a spreagadh. Thairis sin, ní bhailíonn go leor soláthraithe creidmheasa morgáiste na sonraí ar tógadh iasacht morgáiste ina leith. Tá an**

*easpa sonraí córasacha maidir le héifeachtúlacht fuinnimh nó ‘glasacht’ réadmhaoine cónaithe ina gcúis le saincheisteanna a d’fhéadfadh bac a chur ar bhaint amach chuspóirí an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip. Ba cheart don Aontas agus na Ballstáit an reachtaíocht ábhartha a choigeartú agus bearta tacaíochta a fhorbairt chun glacadh iasachtaí morgáiste glasa agus iasachtaí miondíola glasa a éascú mar aon le bailiú sonraí.*

Leasú 61

**Togra le haghaidh treorach  
Aithris 46 b (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*(46b) Ní fhoráiltear do na scéimeanna airgeadais Íoc-mar-a-Shábháiltear in aon ionstraim airgeadais de chuid an Aontais, ach ba cheart don Choimisiún caighdeán coiteann de chuid an Aontais a fhorbairt le haghaidh na scéimeanna airgeadais Íoc-mar-a-Shábháiltear, lena leagfar síos íoscheanglais éigeantacha le haghaidh gníomhaithe poiblí agus príobháideacha, chun go ndeonófar an caighdeán sin.*

Leasú 62

**Togra le haghaidh treorach  
Aithris 47**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

(47) Ní dhéanfar freastal ar na riachtanais athchóirithe tríd an maoiniú amháin. **Mar aon leis an** maoiniú, tá **bunú** uirlisí comhairleacha agus ionstraimí cúnaimh inrochtana agus trédhearcacha amhail ionaid ilfhreastail ina soláthraítear seirbhísí **agus** éascaitheoirí athchóirithe fuinnimh comhtháite, chomh maith le bearta agus tionscnaimh eile a chur chun

(47) Ní dhéanfar freastal ar na riachtanais athchóirithe tríd an maoiniú amháin. **In éineacht le** maoiniú, tá **cur ar bun** uirlisí comhairleacha agus ionstraimí **riaracháin** cúnaimh inrochtana agus trédhearcacha amhail ionaid ilfhreastail ina soláthraítear seirbhísí **nó** éascaitheoirí athchóirithe fuinnimh comhtháite, chomh maith le bearta agus tionscnaimh eile a

feidhme amhail iad siúd dá dtagraítear i Maoiniú Cliste d’Fhoirgnimh Chliste ón gCoimisiún, *tá sé* fíor-riachtanach chun an creat ceart cumasúcháin a chur ar fáil agus deireadh a chur le bacainní ar an athchóiriú.

chur chun feidhme amhail iad siúd dá dtagraítear i *dTionscnamh maidir le* Maoiniú Cliste d’Fhoirgnimh Chliste ón gCoimisiún, fíor-riachtanach chun an creat ceart cumasúcháin a chur ar fáil agus deireadh a chur le bacainní ar an athchóiriú. *Ba cheart ionaid ilfhreastail a bheith feistithe chun tacú le hathchóirithe ar fhoirgnimh ilárasán agus ar thithe atá ar cíós ar bhonn príobháideach. Ba cheart tacaíocht a chur ar fáil freisin do thionscnaimh áitiúla, amhail cláir athchóirithe faoi stiúir na saoránach agus cláir chun téamh agus fuarú a dhícharbónú ar leibhéal na comharsanachta nó ar leibhéal an bhardais, ós rud é go gcuireann cláir den sórt sin le rannpháirtíocht na saoránach san aistriú fuinnimh, go bhfuil éifeacht barainneachta scála acu agus go gcuireann siad réitigh ar fáil atá oiriúnach don chomhthéacs áitiúil agus do na riachtanais áitiúla.*

## Leasú 63

### Togra le haghaidh treorach Aithris 48

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(48) Is minic a bhíonn foirgnimh neamhéifeachtúla nasctha le bochtaineacht fuinnimh agus le fadhbanna sóisialta. Tá teaghlaigh leochaileacha neamhchosanta go háirithe ar phraghsanna fuinnimh mar go gcaitheann siad sciar níos mó dá mbuiséad ar tháirgí fuinnimh. Trí bhillí iomarcacha fuinnimh a laghdú, is féidir leis an athchóiriú foirgneamh daoine a thabhairt slán as an mbochtaineacht fuinnimh agus í a chosc. Ag an am céanna, níl an t-athchóiriú foirgneamh saor in aisce, agus tá sé ríthábhachtach a áirithiú go gcoinneofar tionchar sóisialta na gcostas a bhaineann leis an athchóiriú foirgneamh, go háirithe ar theaghlaigh leochaileacha, faoi smacht. Níor cheart aon duine a

*Leasú*

(48) Is minic a bhíonn foirgnimh neamhéifeachtúla nasctha le bochtaineacht fuinnimh agus le fadhbanna sóisialta. Tá teaghlaigh leochaileacha neamhchosanta go háirithe ar phraghsanna fuinnimh *iontaise* mar go gcaitheann siad sciar níos mó dá mbuiséad ar tháirgí fuinnimh. Trí bhillí iomarcacha fuinnimh a laghdú, is féidir leis an athchóiriú foirgneamh daoine a thabhairt slán as an mbochtaineacht fuinnimh agus í a chosc. Ag an am céanna, níl an t-athchóiriú foirgneamh saor in aisce, agus tá sé ríthábhachtach a áirithiú go gcoinneofar tionchar sóisialta na gcostas a bhaineann leis an athchóiriú foirgneamh, go háirithe ar theaghlaigh leochaileacha, faoi smacht. Níor cheart aon duine a

fhágáil ar gcúl leis an rabharta athchóiriúcháin, agus **níor** cheart é a thapú mar dheis chun staid na dteaghlach leochaileach a **fheabhsú** agus aistriú cothrom i dtreo **neodracht aeráide** a áirithiú. Dá bhrí sin, **ba cheart** dreasachtaí airgeadais agus bearta beartais eile a bheith mar sprioc thosaíochta do theaghlach leochaileacha, do dhaoine **a bhfuil tionchar** ag an mbochtaineacht fuinnimh **orthu** agus do dhaoine atá ina gcónaí i dtithíocht shóisialta, agus ba cheart do na Ballstáit bearta a dhéanamh chun **díshealbhuíthe** de bharr athchóirithe **a chosc**. Leis an togra ón gCoimisiún le haghaidh Moladh ón gComhairle maidir le haistriú cothrom i dtreo neodracht aeráide a áirithiú, soláthraítear creat coiteann agus comhthuiscint ar bheartais chuimsitheacha agus ar infheistíochtaí cuimsitheacha a bhfuil gá leo chun a áirithiú go mbeidh an t-aistriú cothrom.

fhágáil ar gcúl leis an rabharta athchóiriúcháin, agus **ba** cheart é a thapú mar dheis chun **feabhas a chur ar** staid na dteaghlach leochaileach **agus ar ioncam íseal, staid na ndaoine a mbíonn tionchar ag bochtaineacht fuinnimh orthu** agus **staid na ndaoine atá ina gcónaí i dtithíocht shóisialta, agus ba cheart** aistriú cothrom i dtreo **na haeráidneodrachta** a áirithiú. **Ba cheart**, dá bhrí sin, dreasachtaí airgeadais agus bearta beartais eile a bheith mar sprioc thosaíochta do theaghlach leochaileacha **agus teaghlach ar ioncam íseal**, do dhaoine **atá buailte** ag an mbochtaineacht fuinnimh, **d'úinéirí réadmhaoine ar ioncam íseal, d'úinéirí réadmhaoine scothaosta** agus **atá ar scor agus** do dhaoine atá ina gcónaí i dtithíocht shóisialta, agus ba cheart do na Ballstáit bearta a dhéanamh chun **cosc a chur ar dhíshealbhuíthe** de bharr athchóirithe. Leis an togra ón gCoimisiún le haghaidh Moladh ón gComhairle maidir le haistriú cothrom i dtreo neodracht aeráide a áirithiú, soláthraítear creat coiteann agus comhthuiscint ar bheartais chuimsitheacha agus ar infheistíochtaí cuimsitheacha a bhfuil gá leo chun a áirithiú go mbeidh an t-aistriú cothrom.

## Leasú 64

### Togra le haghaidh treorach Aithris 49

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(49) **D'fhonn a** áirithiú gur féidir le ceannaitheoirí nó tionóntaí ionchasacha feidhmíocht fuinnimh foirgneamh a chur san áireamh go luath sa phróiseas, ba cheart teastas feidhmíochta fuinnimh a bheith ag gabháil le foirgnimh nó aonaid foirgnimh a thairgtear le díol nó le cur amach ar cíos, agus ba cheart an aicme feidhmíochta fuinnimh agus an táscaire feidhmíochta fuinnimh a lua i ngach fógrán. Ba cheart an fhaisnéis cheart a

*Leasú*

(49) **Ar mhaithe lena** áirithiú gur féidir le ceannaitheoirí nó tionóntaí ionchasacha feidhmíocht fuinnimh foirgneamh a chur san áireamh go luath sa phróiseas, ba cheart teastas feidhmíochta fuinnimh a bheith ag gabháil le foirgnimh nó aonaid foirgnimh a thairgtear le díol nó le cur amach ar cíos **ar bhonn tráchtála**, agus ba cheart an aicme feidhmíochta fuinnimh agus an táscaire feidhmíochta fuinnimh a lua i ngach fógrán. Ba cheart an fhaisnéis



thabhairt don cheannaitheoir ionchasach nó do thionónta foirgnimh nó aonaid foirgnimh sa teastas feidhmíochta fuinnimh maidir le feidhmíocht fuinnimh an fhoirgnimh agus ba cheart moltaí praiticiúla a bheith ann freisin maidir leis an bhfeidhmíocht sin a fheabhsú. Sa bhreis air sin, ba cheart faisnéis a bheith sa teastas feidhmíochta fuinnimh maidir lena ídiú fuinnimh príomhúil , **ar a** tháirgeadh fuinnimh in-athnuaite agus **ar na** astaíochtaí gás ceaptha teasa oibríochtúla .

cheart a thabhairt don cheannaitheoir ionchasach nó do thionónta foirgnimh nó aonaid foirgnimh sa teastas feidhmíochta fuinnimh maidir le feidhmíocht fuinnimh an fhoirgnimh agus ba cheart moltaí praiticiúla a bheith ann freisin maidir leis an bhfeidhmíocht sin a fheabhsú. Sa bhreis air sin, ba cheart faisnéis a bheith sa teastas feidhmíochta fuinnimh maidir lena ídiú fuinnimh príomhúil , **leis na scéimeanna Íoc-mar-a-Shábháiltear atá cheana ann i gcomhair na réadmhaoine, lena** tháirgeadh fuinnimh in-athnuaite agus **lena** astaíochtaí gás ceaptha teasa oibríochtúla.

### *Réasúnú*

*Tá gá leis an leasú ar chúiseanna práinneacha a bhaineann le loighic inmheánach an téacs.*

### **Leasú 65**

#### **Togra le haghaidh treorach Aithris 50**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(50) Éascaítear faireachán ar stoc **na bhfoirgneamh trí infhaighteacht sonraí** arna mbailiú **ag uirlisí** digiteacha, **rud a laghdóidh** costais riaracháin. Dá bhrí sin, ba cheart bunachair sonraí náisiúnta le haghaidh feidhmíocht fuinnimh foirgneamh a chur ar bun, agus ba cheart an fhaisnéis atá iontu a aistriú chuig Faireachlann an Aontais um Stoc Foirgnimh.

*Leasú*

(50) Éascaítear **an** faireachán ar **an** stoc **foirgneamh trí shonraí** arna mbailiú **le huirlisí** digiteacha **a bheith ar fáil, teicneolaíochtaí digiteacha a fhorbairt agus a uasmhéadú chun réitigh níos éifeachtúla, níos cuimsithí, níos inrochtana agus níos éicea-inbhuanaithe a bhaint amach: á chur i bhfáth gur cheart teicneolaíochtaí den sórt sin a úsáid chun feabhas a chur ar fholláine shóisialta na saoránach agus nach gcruthaíonn siad faireachas digiteach ar dhaoine agus, ar an gcaoi sin, go laghdófaí na** costais riaracháin. Dá bhrí sin, ba cheart bunachair sonraí náisiúnta le haghaidh feidhmíocht fuinnimh foirgneamh a chur ar bun, agus ba cheart an fhaisnéis atá iontu a aistriú chuig Faireachlann an Aontais um Stoc Foirgnimh.

### **Leasú 66**

**Togra le haghaidh treorach  
Aithris 51**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(51) Foirgnimh a bhfuil údaráis phoiblí lonnaithe iontu agus foirgnimh a dtugann an pobal cuairt orthu go minic, ba cheart do na foirgnimh sin dea-shampla a thabhairt agus iad ag léiriú go gcuirtear cúrsaí comhshaoil agus fuinnimh san áireamh, agus dá bhrí sin ba cheart na foirgnimh sin a bheith ag deimhniúchán fuinnimh go tráthrialta. Ba cheart scaipeadh faisnéise poiblí maidir le feidhmíocht fuinnimh a fheabhsú trí na teastais fuinnimh sin a thaispeáint go soiléir, go háirithe i bhfoirgnimh de mhéid áirithe atá áitithe ag údaráis phoiblí nó foirgnimh a dtugann an pobal cuairt orthu go minic, mar atá hallaí baile, scoileanna, siopaí agus ionaid siopadóireachta, ollmhargaí, bialanna, amharclanna, bainc agus óstáin.

*Leasú*

(51) Foirgnimh a bhfuil údaráis phoiblí lonnaithe iontu agus foirgnimh a dtugann an pobal cuairt orthu go minic, ba cheart do na foirgnimh sin dea-shampla a thabhairt agus iad ag léiriú go gcuirtear cúrsaí comhshaoil agus fuinnimh san áireamh, agus dá bhrí sin ba cheart na foirgnimh sin a bheith ag deimhniúchán fuinnimh go tráthrialta. Ba cheart scaipeadh faisnéise poiblí maidir le feidhmíocht fuinnimh a fheabhsú trí na teastais fuinnimh sin a thaispeáint go soiléir, go háirithe i bhfoirgnimh de mhéid áirithe atá áitithe ag údaráis phoiblí nó foirgnimh a dtugann an pobal cuairt orthu go minic, mar atá hallaí baile, scoileanna, siopaí agus ionaid siopadóireachta, ollmhargaí, bialanna, amharclanna, bainc agus óstáin. ***Chun ról eiseamláireach na n-údarás poiblí a áirithiú agus infheictheacht na mbeart inbhuanaitheachta a chur chun cinn, ba cheart d'fhoirgnimh phoiblí rialtais nach bhfuil luach stairiúil ná cultúrtha acu iarracht a dhéanamh painéil ghréine a bhunú ar a bhfoirgnimh faoi seach.***

*Réasúinú*

*Ba cheart infheictheacht an aistrithe fuinnimh a fheabhsú trí fhoirgnimh na n-údarás poiblí a úsáid mar eiseamláir.*

**Leasú 67**

**Togra le haghaidh treorach  
Aithris 51 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

***(51a) Is gá don Aontas agus a Bhallstáit aird a thabhairt ar ullmhacht agus ar dhearcthaí an phobail i gcoitinne chun dul i mbun athchóiriú ar na foirgnimh;***

## Réasúnú

*Tá gá leis an leasú ar chúiseanna práinneacha a bhaineann le loighic inmheánach an téacs.*

### Leasú 68

#### Togra le haghaidh treorach Aithris 53

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(53) Ach na córais **téimh**, aerála agus aerchóirithe a chur á gcothabháil agus á n-iniúchadh go tráthrialta ag pearsanra cáilithe, cuidíonn sé sin lena gcoinneáil ar an socrú ceart i gcomhréir leis an tsonraíocht táirge agus ar an mbealach sin, áirítear an fheidhmíocht is fearr ó thaobh an chomhshaoil, na sábháilteachta agus an fhuinnimh de. Ba cheart measúnú neamhspleách **a dhéanamh** ar an gcóras **téimh**, aerála agus aerchóirithe **ar fad go tráthrialta** le linn a shaolré **agus** go háirithe sula **ndéantar** é a athsholáthar nó a **nuashonrú**. Chun an t-ualach riaracháin ar úinéirí foirgnimh agus tionóntaí a laghdú, ba cheart do na Ballstáit féachaint le hiniúchtaí agus deimhniúcháin a dhéanamh in aon fheacht le chéile más féidir.

*Leasú*

(53) Ach na córais **téimh**, aerála agus aerchóirithe **agus suiteálacha leictreacha** a chur á gcothabháil agus á n-iniúchadh go tráthrialta ag pearsanra cáilithe, cuidíonn sé sin lena gcoinneáil ar an socrú ceart i gcomhréir leis an tsonraíocht táirge agus ar an mbealach sin, áirítear an fheidhmíocht is fearr ó thaobh an chomhshaoil, na sábháilteachta agus an fhuinnimh de. Ba cheart **go ndéanfaí** measúnú neamhspleách ar an gcóras **iomlán téimh**, aerála agus aerchóirithe **agus suiteálacha leictreacha ag eatrainmh rialta** le linn a shaolré go háirithe sula **ndéanfaí** é a athsholáthar nó a **uasghrádú, a bheadh saor in aisce do thionóntaí, d'úinéirí ar ioncam íseal agus do gach úinéir, gan dochar do chritéir ioncaim, i gcás na maoin arb í a bpríomháit chónaithe í**. Chun an t-ualach riaracháin ar úinéirí foirgnimh agus tionóntaí a laghdú, ba cheart do na Ballstáit féachaint le hiniúchtaí agus deimhniúcháin a dhéanamh in aon fheacht le chéile más féidir.

## Réasúnú

*Tá gá leis an leasú ar chúiseanna práinneacha a bhaineann le loighic inmheánach an téacs. Saincheist thábhachtach is ea bochtaineacht fuinnimh agus costais arda ar athchóirithe go háirithe i gcás grúpaí leochaileacha, saincheist ar cheart go dtabharfaí aghaidh chomhsheasmhach uirthi ar fud na Treorach seo. Cinntíonn cothabháil, cigireacht agus measúnú neamhspleách rialta ar chórais leictreacha an fheidhmíocht is fearr ó thaobh an chomhshaoil, na sábháilteachta agus an fhuinnimh de.*

## Leasú 69

### Togra le haghaidh treorach Aithris 53 a (nua)

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*(53a) Tá baint ag droch-aeráil i spásanna cúnga laistigh le tarchur méadaithe ionfhabhtuithe na conaire riospráide amhail fliú, eitinn agus ionfhabhtú rinivíreas. Ar an gcaoi chéanna, tá tarchur SARS-CoV-2 thar a bheith éifeachtach i spásanna dúnta. Tá cáilíocht an aeir laistigh, dá bhri sin, ríthábhachtach chun leathadh galar aer-in-tarchurtha a chosc. Is féidir le córais téimh, aerála agus aerchóirithe dea-chaighdeán aeir a sholáthar agus tarchur galar i spásanna dúnta laistigh a laghdú trí ráta malairte aeir a mhéadú, aershruthú a laghdú agus úsáid an aeir lasmuigh a mhéadú, agus úsáid á baint as cineálacha leormhaithe scagairí.*

*Réasúinú*

*Tá gá leis an leasú ar chúiseanna práinneacha a bhaineann le loighic inmheánach an téacs. Tacaíonn an leasú leis na ceanglais maidir le haeráil – mar atá leagtha amach cheana féin faoin sean-EPBD.*

## Leasú 70

### Togra le haghaidh treorach Aithris 54

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

(54) Má ghlactar cur chuige coiteann maidir le feidhmíocht fuinnimh foirgneamh, pasanna athchóirithe; táscairí ullmhachta cliste a dheimhniú agus iniúchadh a dhéanamh ar chórais téimh agus aerchóirithe, agus an méid sin á chur i gcrích ag saineolaithe cáilithe nó deimhnithe, **rud** a ndéanfar a neamhspleáchas a ráthú ar bhonn critéar oibiachtúil, agus a rannchuideoidh le cothrom na féinne a bhaint amach a mhéid

(54) Má ghlactar cur chuige coiteann maidir le feidhmíocht fuinnimh foirgneamh, pasanna athchóirithe, táscairí ullmhachta cliste a dheimhniú agus iniúchadh a dhéanamh ar chórais téimh, **aerála** agus aerchóirithe **agus suiteálacha leictreacha**, agus an méid sin á chur i gcrích ag saineolaithe cáilithe nó deimhnithe a ndéanfar a neamhspleáchas a ráthú ar bhonn critéar oibiachtúil, agus a rannchuideoidh le

a bhaineann leis na hiarrachtaí a dhéantar sna Ballstáit chun fuinneamh a choigilt in earnáil na bhfoirgneamh, agus lena dtabharfaí isteach trédhearcacht d'úinéirí nó úsáideoirí ionchasacha maidir le feidhmíocht fuinnimh i margadh réadmhaoine an Aontais. Chun cáilíocht na dteastas feidhmíochta fuinnimh, pasanna athchóirithe agus táscairí ullmhachta cliste agus cáilíocht chigireachtaí na gcóras téimh agus aerchóirithe a áirithiú ar fud an Aontais, ba cheart sásra neamhspleách rialaithe a bhunú i ngach Ballstát.

cothrom na Féinne a bhaint amach a mhéid a bhaineann leis na hiarrachtaí a dhéantar sna Ballstáit chun fuinneamh a choigilt in earnáil na bhfoirgneamh, agus lena dtabharfaí isteach trédhearcacht d'úinéirí nó úsáideoirí ionchasacha maidir le feidhmíocht fuinnimh i margadh réadmhaoine an Aontais. Chun cáilíocht na dteastas feidhmíochta fuinnimh, pasanna athchóirithe agus táscairí ullmhachta cliste agus cáilíocht chigireachtaí na gcóras téimh agus aerchóirithe a áirithiú ar fud an Aontais, ba cheart sásra neamhspleách rialaithe a bhunú i ngach Ballstát.

### *Réasúnú*

*Ní mór suiteálacha leictreacha a chumhdach sna cigireachtaí freisin chun éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú de réir an chaighdeáin atá ar fáil (IEC/HD 60364-8-1:2019). Cumhdaítear aeráil le hAirteagal 20 ach tá sé in easnamh san Aithris seo.*

## **Leasú 71**

### **Togra le haghaidh treorach Aithris 57**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(57) ***D'fhonn cur a thuilleadh*** leis na feabhsúcháin ar fheidhmíocht fuinnimh foirgneamh, an chumhacht gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 CFAE ba cheart í a tharmligean chuig an gCoimisiún i ndáil le codanna áirithe den chreat ginearálta a athchóiriú i gcomhréir le dul chun cinn teicniúil mar a leagtar amach in Iarscríbhinn I, i ***dtaca le*** creat modheolaíochta a ***bhunú*** chun na leibhéil is fearr costais maidir le híoscheanglais feidhmíochta ***fuinnimh***, i ndáil leis na tairseacha d'fhoirgnimh astaíochtaí nialasacha a oiriúnú agus leis an modheolaíocht ríofa maidir leis an Acmhainneacht Téite Domhanda saolré, i ***ndáil le bunú creata chomhchoiteann Eorpaigh le*** haghaidh pasanna athchóirithe agus i ***ndáil le*** scéim an Aontais chun

*Leasú*

(57) ***Chun cur tuilleadh*** leis na feabhsúcháin ar fheidhmíocht fuinnimh foirgneamh, an chumhacht ***chun*** gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 CFAE ba cheart í a tharmligean chuig an gCoimisiún i ndáil le codanna áirithe den chreat ginearálta a athchóiriú i gcomhréir le dul chun cinn teicniúil mar a leagtar amach in Iarscríbhinn I, i ***leith*** creat modheolaíochta a ***chur ar bun*** chun na leibhéil is fearr costais maidir le híoscheanglais feidhmíochta ***fuinnimh***, i ndáil leis na tairseacha d'fhoirgnimh astaíochtaí nialasacha a oiriúnú agus leis an modheolaíocht ríofa maidir leis an Acmhainneacht Téite Domhanda saolré, i ***leith creat comhchoiteann Eorpach a chur ar bun*** le haghaidh pasanna

ullmhacht chliste foirgneamh a rátáil . Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe , agus go ndéanfaí na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr<sup>41</sup>. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, faigheann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus bíonn rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bhíonn ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe .

---

<sup>41</sup> IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.

## Leasú 72

### Togra le haghaidh treorach Aithris 58

#### *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(58) D'fhonn cur chun feidhme éifeachtach na bhforálacha a leagtar síos sa Treoir seo a áirithiú, tacaíonn an Coimisiún leis na Ballstáit trí uirlisí éagsúla, amhail an Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil<sup>42</sup> lena soláthraítear saineolas teicniúil saincheaptha chun athchóirithe a cheapadh agus a chur chun feidhme, lena n-áirítear iad siúd atá dírithe ar ráta athchóirithe fuinnimh bliantúil na bhfoirgneamh cónaithe agus neamhchónaithe a mhéadú faoin mbliain 2030 agus athchóiriú domhainfhuinnimh a chothú. Baineann an

athchóirithe agus i **leith** scéim an Aontais chun ullmhacht chliste foirgneamh a rátáil, **agus lena bhformheasfar caighdeán le haghaidh scéimeanna Íoc-mar-a-Shábháiltear**. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe , agus go ndéanfaí na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr<sup>41</sup>. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, faigheann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus bíonn rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bhíonn ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

---

<sup>41</sup> IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.

#### *Leasú*

(58) D'fhonn cur chun feidhme éifeachtach na bhforálacha a leagtar síos sa Treoir seo a áirithiú, tacaíonn an Coimisiún leis na Ballstáit trí uirlisí éagsúla, amhail an Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil<sup>42</sup> lena soláthraítear saineolas teicniúil saincheaptha chun athchóirithe a cheapadh agus a chur chun feidhme, lena n-áirítear iad siúd atá dírithe ar ráta athchóirithe fuinnimh bliantúil na bhfoirgneamh cónaithe agus neamhchónaithe a mhéadú **go 3 % ar a laghad** faoin mbliain 2025 agus athchóiriú domhainfhuinnimh a

tacaíocht theicniúil, mar shampla, le cumas riaracháin a neartú, tacú le beartais a fhorbairt agus a chur chun feidhme, agus dea-chleachtais ábhartha a chomhroinnt.

chothú. Baineann an tacaíocht theicniúil, mar shampla, le cumas riaracháin a neartú, tacú le beartais a fhorbairt agus a chur chun feidhme, agus dea-chleachtais ábhartha a chomhroinnt. ***Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go mbeidh rochtain ag teaghlaigh atá ar ioncam íseal ar thacaíocht theicniúil.***

---

<sup>42</sup> Rialachán (AE) 2021/240 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Feabhra 2021 lena mbunaítear Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil (IO L 57, 18.2.2021, lch. 1).

---

<sup>42</sup> Rialachán (AE) 2021/240 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Feabhra 2021 lena mbunaítear Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil (IO L 57, 18.2.2021, lch. 1).

### *Réasúnú*

*Chun fanacht i gcomhréir le sprioc fhadtéarmach 2050 maidir le glanastaíochtaí nialasacha a bhaint amach san Aontas, ní mór don earráil tógála a huaillmhian a mhéadú trí na rátaí athchóirithe bliantúla a mhéadú go 3 % ar a laghad.*

## **Leasú 73**

### **Togra le haghaidh treorach Airteagal 1 – mír 1**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

1. Leis an Treoir seo, cuirtear feidhmíocht fuinnimh ***foirgneamh agus*** laghdú astaíochtaí gás ceaptha teasa ó fhoirgnimh san Aontas chun cinn, d'fhonn stoc foirgnimh astaíochtaí nialasacha a bhaint amach faoin mbliain 2050 agus dálaí aeráide lasmuigh agus dálaí áitiúla á gcur san áireamh, ***mar aon le ceanglais aeráide laistigh agus an chostéifeachtúlacht.***

*Leasú*

1. Leis an Treoir seo, cuirtear feidhmíocht fuinnimh ***foirgneamh agus*** laghdú astaíochtaí gás ceaptha teasa ó fhoirgnimh san Aontas chun cinn, d'fhonn stoc foirgnimh astaíochtaí nialasacha ***agus níos cliste agus níos inbhuanaithe*** a bhaint amach faoin mbliain 2050 ***ar a dhéanaí*** agus dálaí aeráide lasmuigh agus dálaí áitiúla, ***ceanglais aeráide laistigh, cáilíocht chomhshaoil laistigh, an tionchar socheacnamaíoch agus costéifeachtúlacht*** á gcur san áireamh.

### *Réasúnú*

*Tá gá leis an leasú ar chúiseanna práinneacha a bhaineann le loighic inmheánach an téacs.*

## **Leasú 74**

**Togra le haghaidh treorach**  
**Airteagal 1 – mír 2 – pointe f**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(f) pleananna náisiúnta athchóirithe foirgneamh;

*Leasú*

(f) pleananna náisiúnta athchóirithe foirgneamh, ***d'fhoirgnimh phoiblí agus phríobháideacha araon ar cheart go mbeadh bearta ciorclaíochta iontu chun príomhchodanna na bhfoirgneamh a fheabhsú amhail an aghaidh agus an díon;***

**Leasú 75**

**Togra le haghaidh treorach**  
**Airteagal 1 – mír 2 – pointe f a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

***(fa) deireadh a chur de réir a chéile le córais theicniúla foirgneamh atá bunaithe ar bhreosla iontaise;***

**Leasú 76**

**Togra le haghaidh treorach**  
**Airteagal 1 – mír 2 – pointe g**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

(g) bonneagar soghluaisteachta inbhuanaithe i bhfoirgnimh agus cóngarach d'fhoirgnimh; agus

(g) bonneagar soghluaisteachta inbhuanaithe ***agus gníomhach*** i bhfoirgnimh agus cóngarach d'fhoirgnimh; agus

**Leasú 77**

**Togra le haghaidh treorach**  
**Airteagal 1 – mír 2 – pointe h a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

***(ha) foirgnimh chliste agus inbhuanaithe chun na spriocanna maidir***



*le haistriú digiteach agus inbhuanaithe a bhaint amach;*

**Leasú 78**

**Togra le haghaidh treorach  
Airteagal 1 – mír 2 – pointe k a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*(ka) ceanglais íosta maidir leis na heangacha leictreacha chun éifeachtacht agus acmhainneacht a áirithiú chun bearta athchóirithe foirgneamh a chur chun feidhme go héifeachtúil.*

*Réasúnú*

*Tá gá leis an leasú ar chúiseanna práinneacha a bhaineann le loighic inmheánach an téacs.*

**Leasú 79**

**Togra le haghaidh treorach  
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 2**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

2. Ciallaíonn ‘foirgneamh astaíochtaí nialasacha’ foirgneamh a bhfuil feidhmíocht fuinnimh **an-ard** aige, arna chinneadh i gcomhréir le hIarscríbhinn I, ina bhfuil an méid fuinnimh **an-íseal** atá fós ag teastáil á chumhdach go hiomlán ag fuinneamh ó fhoinsí in-athnuaite a ghintear ar an láthair, ó chomhphobal fuinnimh in-athnuaite de réir bhrí Threoir (AE) 2018/2001 [RED leasaithe] nó ó chóras téimh agus fuaraithe ceantair, i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach in Iarscríbhinn III;

2. ciallaíonn ‘foirgneamh astaíochtaí nialasacha’ foirgneamh a bhfuil feidhmíocht fuinnimh **thar a bheith ard** aige, arna chinneadh i gcomhréir le hIarscríbhinn I, ina bhfuil an méid fuinnimh **thar a bheith íseal** atá fós ag teastáil á chumhdach go hiomlán ag fuinneamh ó fhoinsí in-athnuaite a ghintear ar an láthair, ó chomhphobal fuinnimh in-athnuaite de réir bhrí Threoir (AE) 2018/2001 [RED leasaithe] nó **fuinneamh in-athnuaite agus dreamhtheas** ó chóras **éifeachtúil** téimh agus fuaraithe ceantair, **nó ó in-athnuaiteáin leithdháilte eangach-bhunaithe ar bhonn forlíontach arna ndeimhniú** i gcomhréir **le Treoir (AE) 2018/2001 [RED leasaithe], i gcomhréir** leis na ceanglais a leagtar amach in Iarscríbhinn III **nó a stóráiltear**

*ar an láthair;*

## Leasú 80

### Togra le haghaidh treorach Airteagal 2 – mír 1 – pointe 3

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

3. ciallaíonn ‘foirgneamh atá nach mór neodrach ó thaobh an fhuinnimh de’ foirgneamh lena ngabhann feidhmíocht fuinnimh **an-ard**, arna chinneadh i gcomhréir le hIarscríbhinn I , feidhmíocht fuinnimh nach féidir a bheith níos isle ná an leibhéal is fearr **costais** in 2023 arna thuairisciú ag na Ballstáit i gcomhréir le hAirteagal 6(2) agus i gcás ina bhfuil an méid fuinnimh a éilítear, atá nach mór neodrach nó an-íseal, cumhdaithe go leibhéal an-ard ag fuinneamh ó fhoinsí in-athnuaite, lena n-áirítear fuinneamh ó fhoinsí in-athnuaite arna tháirgeadh ar an láthair nó **gar dó**;

*Leasú*

3. ciallaíonn ‘foirgneamh atá nach mór neodrach ó thaobh an fhuinnimh de’ foirgneamh lena ngabhann feidhmíocht fuinnimh **thar a beith ard**, arna chinneadh i gcomhréir le hIarscríbhinn I , feidhmíocht fuinnimh nach féidir a bheith níos isle ná an leibhéal is fearr **costas** in 2023 arna thuairisciú ag na Ballstáit i gcomhréir le hAirteagal 6(2) agus i gcás ina bhfuil an méid fuinnimh a éilítear, atá nach mór neodrach nó an-íseal, cumhdaithe go leibhéal an-ard ag fuinneamh ó fhoinsí in-athnuaite, lena n-áirítear fuinneamh ó fhoinsí in-athnuaite arna tháirgeadh ar an láthair, **in aiceláimhe nó ó chóras éifeachtúil téimh agus fuaraithe ceantair i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach in Iarscríbhinn III, ar bhonn forlíontach ón eangach arna deimhniú i gcomhréir le Treoir (AE) 2018/2001 [Red leasaithe] nó a stóráiltear ar líne;**

*Réasúiní*

*Tá gá leis an leasú ar chúiseanna práinneacha a bhaineann le loighic inmheánach an téacs.*

## Leasú 81

### Togra le haghaidh treorach Airteagal 2 – mír 1 – pointe 4

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

4. Ciallaíonn ‘íoschaighdeáin feidhmíochta fuinnimh’ rialacha lena gceanglaítear ar fhoirgnimh atá ann cheana ceanglas feidhmíochta fuinnimh a

*Leasú*

4. ciallaíonn ‘íoschaighdeáin feidhmíochta fuinnimh’ rialacha lena gceanglaítear ar fhoirgnimh atá ann cheana ceanglas feidhmíochta fuinnimh a

chomhlíonadh mar chuid de phlean athchóirithe leathan do stoc foirgnimh nó ag trucearphointe ar an margadh (ar díol nó ar cíos), laistigh de thréimhse ama nó faoi dháta sonracha, agus ar an gcaoi sin déanfar athchóiriú ar fhoirgnimh atá ann cheana;

chomhlíonadh mar chuid de phlean athchóirithe leathan do stoc foirgnimh nó ag trucearphointe ar an margadh (ar díol nó ar cíos), laistigh de thréimhse ama nó faoi dháta sonracha, agus ar an gcaoi sin déanfar athchóiriú ar fhoirgnimh atá ann cheana *a urramaíonn an Chéad Phrionsabal um Éifeachtúlacht Fuinnimh mar a shainmhínítear ag [EED athmhúnlaithe];*

## Leasú 82

### Togra le haghaidh treorach Airteagal 2 – mír 1 – pointe 4 a (nua)

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*4a. ciallaíonn ‘Bauhaus Eorpach nua’ nascadh leis an Rabharta Athchóirithe mar réamhchéim, agus leas á bhaint as na réitigh nuálacha a chuirtear ar fáil leis an tionscadal maidir le hathchóiriú cuimsitheach a dhéanamh ar ár stoc foirgneamh, rud a théann níos faide ná éifeachtúlacht fuinnimh, inrochtaineacht agus slándáil, lena mbaintear amach athchóiriú fíor-iomlánaíoch agus ar ardcháilíocht ar an stoc foirgneamh, agus aird á tabhairt ar na comhthéacsanna a bhaineann go sonracha leis an suíomh agus ar an gcomharsanacht máguaird trí inbhuanaitheacht, aeistéitice agus cuimsiú a urramú;*

## Leasú 83

### Togra le haghaidh treorach Airteagal 2 – mír 1 – pointe 6

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

6. Ciallaíonn ‘córas teicniúil foirgnimh’ *an fearas* teicniúil *a bhíonn i bhfoirgneamh nó in aonad foirgnimh i gcomhair* téamh spáis, fuarú spáis, *aerála*,

6. ciallaíonn ‘córas teicniúil foirgnimh’ *trealamh* teicniúil *le haghaidh* téamh spáis, fuarú spáis, *aeráil, cáilíocht an aeir laistigh*, uisce te tí, soilsiú ionsuite,

uisce te tí, soilsíú ionsuite, uathoibriú agus rialú foirgnimh, ***giniúint agus stóráil fuinnimh in-athnuaite*** ar an láthair, lena n-áirítear na córais ***siúd*** a úsáideann fuinneamh ó fhoinsí in-athnuaite;

uathoibriú agus rialú foirgnimh, ***scáthú gréine, suiteálacha leictreacha, faireachán ar shuiteálacha leictreacha, stáisiúin luchtaithe dhéthrocha feithiclí leictreacha, más indéanta go heacnamaíoch, fuinneamh inathnuaite*** ar an láthair ***lena n-áirítear giniúint grianphainéal dín, stóráil, fuinneamh ó fhoinsí in-athnuaite arna dtáirgeadh in aice láimhe agus is féidir a úsáid ar láthair an fhoirgnimh arna mheasúnú trí nasc tiomnaithe leis an bhfoinse táirgthe fuinnimh, leis an gcóras aisghabhála dramhtheasa nó le teaghlaim díobh***, lena n-áirítear na córais ***sin*** a úsáideann fuinneamh ó fhoinsí in-athnuaite, ***d'fhoirgneamh nó d'aonad foirgnimh***;

#### *Réasúnú*

*Tá gá leis an leasú ar chúiseanna práinneacha a bhaineann le loighic inmheánach an téacs.*

#### **Leasú 84**

##### **Togra le haghaidh treorach Airteagal 2 – mír 1 – pointe 8**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

8. ciallaíonn ‘feidhmíocht fuinnimh foirgnimh’ an méid fuinnimh arna ríomh nó arna mhéadrú atá ag teastáil chun freastal ar an éileamh fuinnimh a bhaineann le gnáthúsáid an fhoirgnimh, lena n-áirítear, inter alia, fuinneamh a úsáidtear chun an foirgneamh a théamh, a fhuarú, a aeráil, chun uisce te a sholáthar ann agus chun an foirgneamh a shoilsíú;

*Leasú*

8. ciallaíonn ‘feidhmíocht fuinnimh foirgnimh’ an méid fuinnimh arna ríomh nó arna mhéadrú atá ag teastáil chun freastal ar an éileamh fuinnimh a bhaineann le gnáthúsáid an fhoirgnimh, lena n-áirítear, inter alia, fuinneamh a úsáidtear chun an foirgneamh a théamh, a fhuarú, a aeráil, chun uisce te a sholáthar ann agus chun an foirgneamh a shoilsíú ***agus córais theicniúla foirgneamh***;

#### *Réasúnú*

*Tá gá leis an leasú ar chúiseanna práinneacha a bhaineann le loighic inmheánach an téacs.*

#### **Leasú 85**

**Togra le haghaidh treorach**  
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 9 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**9a. ciallaíonn ‘méadraithe’  
fuinneamh a thomhas le feiste ábhartha,  
le méadar fuinnimh, le méadar  
cumhachta, le feiste méadraithe agus  
fáireacháin cumhachta, nó le méadar  
leictreachais;**

*Réasúnú*

*Tá gá leis an leasú ar chúiseanna práinneacha a bhaineann le loighic inmheánach an téacs.*

**Leasú 86**

**Togra le haghaidh treorach**  
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 11**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

11. Ciallaíonn ‘fachtóir fuinnimh  
phríomhúil in-athnuaite’ fuinneamh  
príomhúil in-athnuaite ó fhoinsé fuinnimh  
ar an láthair, in aice láimhe nó i gcéin, a  
sheachadtar trí iompróir fuinnimh ar leith,  
lena n-áirítear an fuinneamh arna  
sheachadadh agus forchostais fuinnimh  
ríofa an tseachadta chuig na pointí úsáide,  
roinnte ar an bhfuinneamh arna  
sheachadadh;

11. ciallaíonn ‘fachtóir fuinnimh  
phríomhúil in-athnuaite’ fuinneamh  
príomhúil in-athnuaite ó fhoinsé fuinnimh  
ar an láthair, in aice láimhe nó i gcéin, a  
sheachadtar trí iompróir fuinnimh ar leith,  
lena n-áirítear an fuinneamh arna  
sheachadadh agus forchostais fuinnimh  
ríofa an tseachadta chuig na pointí úsáide,  
roinnte ar an bhfuinneamh arna  
sheachadadh, **lena n-áirítear grianphainéil  
dín;**

**Leasú 87**

**Togra le haghaidh treorach**  
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 13**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

13. ciallaíonn ‘fuinneamh ó fhoinsí in-  
athnuaite’ fuinneamh ó fhoinsí in-athnuaite  
**neamh-iontaise, eadhon fuinneamh  
gaoithe, gréine (grianfhuinneamh  
teirmeach agus grianfhuinneamh**

13. ciallaíonn ‘fuinneamh ó fhoinsí in-  
athnuaite’ fuinneamh ó fhoinsí in-athnuaite  
**neamhiontaise mar a shainítear i dTreoir  
(AE) .../...[RED leasaithe];**

*fótavoltach) , agus fuinneamh  
geiteirmeach, fuinneamh  
comhthimpeallach, fuinneamh taoide,  
fuinneamh toinne agus fuinneamh eile  
aigéin, hidreachumhacht, bithmhas, gás ó  
líonadh talún, gás ó ionad cóireála  
camrais, agus bithghás;*

#### *Réasúnú*

*Tá gá leis an leasú ar chúiseanna práinneacha a bhaineann le loighic inmheánach an téacs.*

#### **Leasú 88**

##### **Togra le haghaidh treorach Airteagal 2 – mír 1 – pointe 18**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

18. Ciallaíonn ‘pas athchóirithe’ doiciméad lena soláthraítear treochlár saincheaptha chun foirgneamh sonracha a athchóiriú i **roinnt** céimeanna lena gcuirfead feabhas suntasach ar a fheidhmíocht fuinnimh;

*Leasú*

18. ciallaíonn ‘pas athchóirithe’ doiciméad lena soláthraítear treochlár saincheaptha chun foirgneamh sonracha a athchóiriú i **gcéim amháin nó i mbeagán** céimeanna lena gcuirfead feabhas suntasach ar a fheidhmíocht fuinnimh, **a cháilíocht chomhshaoil laistigh;**

#### **Leasú 89**

##### **Togra le haghaidh treorach Airteagal 2 – mír 1 – pointe 19 – an chuid réamhráiteach**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

19. Ciallaíonn ‘athchóiriú domhain’ athchóiriú a **dhéanann athrú ó bhonn ar fhoirgneamh nó ar aonad foirgnimh**

*Leasú*

19. ciallaíonn ‘athchóiriú domhain’ athchóiriú **atá dírithe ar na nithe riachtanacha seo a leanas: insliú balla, insliú dín, insliú urláir ísil, athsholáthar siúinéireachta seachtraí, aerdhíonacht, tréscailteacht gaile, cóireáil droichead teirmeach, aeráil agus córais téimh/fuaraithe, agus uathoibriú foirgnimh. Dá bhrí sin, dá ndéileálfai leis na nithe sin, d’áiritheofai cáilíocht shláintiúil chomhshaoil laistigh ó thaobh an aeir de, timpeallacht neamhphataigineach, agus compord na ndaoine i rith an tsamhraidh agus an**

*gheimhridh le huirlisí faisnéise  
trédhearcacha a ndéanann úsáideoirí  
foirgneamh measúnú ar a bhfeidhmíocht  
fuinnimh iarbhír ina leith:*

**Leasú 90**

**Togra le haghaidh treorach  
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 19 – pointe a**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(a) roimh an 1 Eanáir **2030**, ina fhoirgneamh atá nach mór neodrach ó thaobh an fhuinnimh de;

*Leasú*

(a) roimh an 1 Eanáir **2028**, ina fhoirgneamh atá nach mór neodrach ó thaobh an fhuinnimh de;

**Leasú 91**

**Togra le haghaidh treorach  
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 19 – pointe b**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(b) amhail ón 1 Eanáir **2030**, ina fhoirgneamh astaíochtaí **nialasacha**;

*Leasú*

(b) amhail ón 1 Eanáir **2028**, ina fhoirgneamh **atá saor ó** astaíochtaí;

**Leasú 92**

**Togra le haghaidh treorach  
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 19 – pointe b a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**(ba) feabhsaíonn sé i gcur chuige iomlánaíoch Cáilíocht an Chomhshaoil Laistigh (IEQ) agus cáilíocht shláintiúil an aeir laistigh, timpeallacht shaor phataigineach agus an compord is gá do na háititheoirí sa samhradh agus sa gheimhreadh agus aird ar leith á tabhairt ar chosaint teasa d'fhoirgnimh sa samhradh;**

**Leasú 93**

**Togra le haghaidh treorach**  
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 20**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

20. Ciallaíonn ‘athchóiriú domhain céimneach’ athchóiriú domhain a dhéantar i **roinnt** céimeanna, tar éis na gcéimeanna a leagtar amach i bpas athchóirithe i gcomhréir le hAirteagal 10;

*Leasú*

20. ciallaíonn ‘athchóiriú domhain céimneach’ athchóiriú domhain a dhéantar i **mbeagán** céimeanna, tar éis na gcéimeanna a leagtar amach i bpas athchóirithe i gcomhréir le hAirteagal 10, **agus féadfaidh sé teaschaidéil hibrídeacha a áireamh mura bhfuil aon réiteach eile saor ó iontaise ar fáil;**

**Leasú 94**

**Togra le haghaidh treorach**  
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 20 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**20a. ciallaíonn ‘athchóiriú domhain aon chéime’ athchóiriú domhain a dhéantar i gcéim amháin, ag leanúint na gcuspóirí a leagtar amach i bpas athchóirithe i gcomhréir le hAirteagal 10 agus tionscadal ceart mionsonraithe den fhoirgneamh;**

**Leasú 95**

**Togra le haghaidh treorach**  
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 21 – fomhír 2**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

Féadfaidh na Ballstáit rogha (a) nó (b) a chur i bhfeidhm.

*Leasú*

Féadfaidh na Ballstáit rogha (a) nó (b) **nó iad araon** a chur i bhfeidhm.

*Réasúinú*

*Tá gá leis an leasú ar chúiseanna práinneacha a bhaineann le loighic inmheánach an téacs.*

**Leasú 96**



**Togra le haghaidh treorach**  
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 23**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

23. Ciallaíonn ‘astaíochtaí gás ceaptha teasa ar feadh na saolré iomláine’ na comhastáíochtaí gás ceaptha teasa a bhaineann leis an bhfoirgneamh ag gach céim dá shaolré, ón ‘gcliabhán’ (eastóscadh na n-amhábhar a úsáidtear i dtógáil an fhoirgnimh) thar chéim an táirgthe agus na próiseála ábhair, agus céim oibríochta an fhoirgnimh, go dtí an ‘**uaigh**’ (díthógáil an fhoirgnimh agus athúsáid, athchúrsáil, aisghabháil agus diúscairt eile a ábhar);

**Leasú 97**

**Togra le haghaidh treorach**  
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 24**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

24. Ciallaíonn ‘Acmhainneacht Téite Domhanda (GWP) saolré’ táscaire lena ndéantar cainníochtú ar an méid a chuireann foirgneamh leis an téamh domhanda feadh a shaolré **iomláin**;

**Leasú 98**

**Togra le haghaidh treorach**  
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 26**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

26. Ciallaíonn ‘bochtaineacht fuinnimh’ bochtaineacht fuinnimh mar a **shainmhínítear in Airteagal 2(49) de** [athmhúnlú EED];

*Leasú*

23. ciallaíonn ‘astaíochtaí gás ceaptha teasa ar feadh na saolré iomláine’ na comhastáíochtaí gás ceaptha teasa a bhaineann leis an bhfoirgneamh ag gach céim dá shaolré, **na hábhair a úsáidtear i spásanna páirceála ar an láthair nó lasmuigh den láthair, ag breithniú freisin ar na buntáistí a bhaineann le hathúsáid agus le hathchúrsáil ag deireadh ré**, ón ‘gcliabhán’ (eastóscadh na n-amhábhar a úsáidtear i dtógáil an fhoirgnimh) thar chéim an táirgthe agus na próiseála ábhair, agus céim oibríochta an fhoirgnimh, go dtí an ‘**deireadh ré**’ (díthógáil an fhoirgnimh agus athúsáid, athchúrsáil, aisghabháil agus diúscairt eile a ábhar);

*Leasú*

24. ciallaíonn ‘Acmhainneacht Téite Domhanda (GWP) saolré’ táscaire lena ndéantar cainníochtú ar an méid a chuireann foirgneamh leis an téamh domhanda feadh a shaolré **iomláine**;

*Leasú*

26. ciallaíonn ‘bochtaineacht fuinnimh’ bochtaineacht fuinnimh mar a **leagtar amach in** [athmhúnlú EED];

Leasú 99

**Togra le haghaidh treorach**  
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 26 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**26a. ciallaíonn ‘cáilíocht chomhshaoil laistigh’ sraith paraiméadar lena n-áirítear cáilíocht an aeir laistigh, compord teirmeach, soilsiú, dálaí taise agus fuaimiúil d’fhonn sláinte agus folláine na n-áititheoirí a fheabhsú mar a thuiriscítear i gcaighdeán EN 16798-1 agus caighdeán EN 16516 agus modhanna tástála in situ caighdeánaithe i gcás ina bhfuil siad ar fáil chun aeráid shláintiúil laistigh a áirithiú;**

Leasú 100

**Togra le haghaidh treorach**  
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 27**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

27. Ciallaíonn ‘teaghlaigh leochaileacha’ teaghlaigh atá i **mbochtaineacht** fuinnimh nó teaghlaigh, lena n-áirítear teaghlaigh íseal-mheánioncaim, atá neamhchosanta go háirithe ar chostais arda fuinnimh agus nach bhfuil in acmhainn athchóiriú a dhéanamh ar an bhfoirgneamh atá á áitiú acu;

27. ciallaíonn ‘teaghlaigh leochaileacha’ teaghlaigh atá i **mbaol na bochtaineachta** fuinnimh nó teaghlaigh, lena n-áirítear teaghlaigh íseal-mheánioncaim, atá neamhchosanta go háirithe ar chostais arda fuinnimh agus nach bhfuil in acmhainn athchóiriú a dhéanamh ar an bhfoirgneamh atá á áitiú acu **mar a shainmhínítear le táscairí Airteagal 8(3) [athmhúnlú EED];**

Leasú 101

**Togra le haghaidh treorach**  
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 27 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**27a.** *ciallaíonn ‘réitigh atá bunaithe ar an dúlra’ treisiú ar bhealach iomlánaíoch, i gcomhréir le haithris 8, ar dhea-úsáid agus ar oiriúnú an spáis phoiblí móorthimpeall na bhfoirgneamh.*

**Leasú 102**

**Togra le haghaidh treorach  
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 29**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

29. ciallaíonn ‘teastas feidhmíochta fuinnimh’ teastas arna aithint ag Ballstát nó ag duine dlítheanach a ainmnítear ann, ina léirítear feidhmíocht fuinnimh foirgnimh nó aonaid foirgnimh, a dhéantar a ríomh de réir modheolaíocht a ghlactar i gcomhréir le hAirteagal 4;

29. ciallaíonn ‘teastas feidhmíochta fuinnimh’ teastas arna aithint ag Ballstát nó ag duine dlítheanach a ainmnítear ann, ina léirítear feidhmíocht fuinnimh foirgnimh nó aonaid foirgnimh, a dhéantar a ríomh de réir modheolaíocht a ghlactar i gcomhréir le hAirteagal 4, **chomh maith le moltaí chun an fheidhmíocht fuinnimh agus an GWP a fheabhsú;**

*Réasúnú*

*Tá gá leis an leasú ar chúiseanna práinneacha a bhaineann le loighic inmheánach an téacs.*

**Leasú 103**

**Togra le haghaidh treorach  
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 31 – pointe a – pointe iii**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

iii) costais chothabhála agus oibriúcháin, lena n-áirítear costais **fuinnimh agus** costas lamháltas **astaíochtaí** gás ceaptha teasa a **chur san áireamh;**

iii) costais chothabhála agus oibriúcháin, lena n-áirítear costais **fuinnimh i saolré iomlán an fhoirgnimh, ag cur san áireamh** costas **na** lamháltas gás ceaptha teasa **chomh maith leis an gcostas a bhaineann le hábhair agus próisis a bhfuil gá leo chun an foirgneamh a chothabháil le linn úsáide,**

*mar shampla athchóirithe;*

*Réasúnú*

*Tá gá leis an leasú ar chúiseanna práinneacha a bhaineann le loighic inmheánach an téacs.*

**Leasú 104**

**Togra le haghaidh treorach**

**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 31 – pointe a – pointe iv**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

iv) seachtrachtaí comhshaoil agus sláinte a bhaineann le ***húsáid fuinnimh***;

iv) seachtrachtaí comhshaoil agus sláinte ***na húsáide fuinnimh agus an costas*** a bhaineann le ***ceanglais feidhmíochta cáilíochta comhshaoil laistigh a chomhlíonadh***;

*Réasúnú*

*Riachtanach le haghaidh loighic inmheánach an téacs.*

**Leasú 105**

**Togra le haghaidh treorach**

**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 31 – pointe a – pointe v**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

v) tuilleamh ***ón bhfuinneamh a tháirgtear ar*** an láthair, i gcás inarb infheidhme;

v) tuilleamh ***ó fhuinneamh a tháirgtear ar*** an láthair, i gcás inarb infheidhme, ***agus ó choigilteas mar thoradh ar chomhlíonadh na gceanglas maidir le feidhmíocht cáilíochta comhshaoil laistigh***;

*Réasúnú*

*Riachtanach le haghaidh loighic inmheánach an téacs.*

**Leasú 106**

**Togra le haghaidh treorach**

## Airteagal 2 – mír 1 – pointe 36 a (nua)

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**36a.** *ciallaíonn ‘pointe athluchtaithe atá nasctha go digiteach’ pointe athluchtaithe ar féidir leis faisnéis a sheoladh agus a fháil i bhfíor-am, cumarsáid dhéthrooch a dhéanamh leis an eangach leictreachais agus an fheithicil leictreach, agus ar féidir faireachán agus rialú cianda a dhéanamh air, lena n-áirítear an seisiún athluchtaithe a thosú agus a stopadh agus sreafaí leictreachais a thomhas;*

*Réasúnú*

*Chun ailíniú na sainmhínithe idir tograí EPBD, AFIR agus RED a áirithiú.*

## Leasú 107

### Togra le haghaidh treorach Airteagal 2 – mír 1 – pointe 37

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

37. ciallaíonn ‘logleabhar digiteach foirgnimh’ stór coiteann do na sonraí ábhartha uile i leith foirgnimh, lena n-áirítear sonraí a bhaineann le feidhmíocht fuinnimh amhail teastais feidhmíochta fuinnimh, pasanna athchóirithe agus táscairí ullmhachta cliste, lena n-éascaítear cinnteoireacht eolasach agus comhroinnt faisnéise laistigh d’earnáil na tógála, i measc úinéirí agus áititheoirí foirgneamh, institiúidí airgeadais agus údaráis phoiblí;

37. ciallaíonn ‘logleabhar digiteach foirgnimh’ stór coiteann do na sonraí ábhartha uile i leith foirgnimh, lena n-áirítear sonraí a bhaineann le ***cáilíocht chomhshaoil laistigh*** feidhmíocht fuinnimh amhail teastais feidhmíochta fuinnimh, pasanna athchóirithe agus táscairí ullmhachta cliste, lena n-éascaítear cinnteoireacht eolasach agus comhroinnt faisnéise laistigh d’earnáil na tógála, i measc úinéirí agus áititheoirí foirgneamh, institiúidí airgeadais agus údaráis phoiblí;

## Leasú 108

### Togra le haghaidh treorach Airteagal 2 – mír 1 – pointe 37 a (nua)

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**37a.** *ciallaíonn ‘spás páirceála do rothair’ spás ainmnithe d’aon rothar amháin;*

**Leasú 109**

**Togra le haghaidh treorach**

**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 40 – an chuid réamhráiteach**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

40. ciallaíonn ‘gineadóir teasa’ an chuid de chóras téimh a ghineann teas úsáideach le haghaidh na n-úsáidí arna sainaithint in Iarscríbhinn I, agus úsáid á baint as ceann amháin nó níos mó de na próisis seo a leanas:

40. ciallaíonn ‘gineadóir teasa’ an chuid de chóras téimh a ghineann **nó a ghabhann** teas úsáideach le haghaidh na n-úsáidí arna sainaithint in Iarscríbhinn I, agus úsáid á baint as ceann amháin nó níos mó de na próisis seo a leanas:

*Réasúnú*

*Tá gá leis an leasú ar chúiseanna práinneacha a bhaineann le loighic inmheánach an téacs.*

**Leasú 110**

**Togra le haghaidh treorach**

**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 40 – pointe c**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

(c) teas a ghabháil ó aer **comhthimpeallach, ó aer** sceite **aerála, ó** uisce nó **ó fhoínse** teasa talún agus úsáid á baint as **teaschaidéal;**

(c) teas a ghabháil **ón timpeallacht chomhthimpeallach agus ó laistigh d’fhoirgneamh nó d’aonad foirgnimh, ón** aer, **lena n-áirítear aeráil** sceite **aeir, nó** uisce, **lena n-áirítear fuíolluisce agus uisce te sláintíochta,** nó **foínse** teasa talún, **lena n-áirítear** agus **teaschaidéal á** úsáid;

*Réasúnú*

*Tá gá leis an leasú ar chúiseanna práinneacha a bhaineann le loighic inmheánach an téacs.* **Leasú 111**

**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 40 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**40a.** *ciallaíonn ‘suitedáil leictreach’ córas ina bhfuil na comhpháirteanna seasta uile, amhail lasc-chláir, cáblaí, córais talmhúcháin, soicéid, lasca agus feistis solais, arb é is aidhm dóibh cumhacht leictreach a dháileadh laistigh d’fhoirgneamh chuig gach pointe úsáide nó leictreachas arna ghiniúint ar an láthair a tharchur;*

*Réasúnú*

*Tá gá leis an leasú ar chúiseanna práinneacha a bhaineann le loighic inmheánach an téacs.*

**Leasú 112**

**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 40 b (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**40b.** *ciallaíonn ‘aisghabháil teasa dramhaíola’ gaireas nó córas a úsáidtear chun fuinneamh a ghabháil agus a tharchur laistigh den timpeallacht laistigh d’fhoirgnimh nó d’aonaid foirgnimh agus lenar féidir an fuinneamh sin a úsáid;*

*Réasúnú*

*Tá gá leis an leasú ar chúiseanna práinneacha a bhaineann le loighic inmheánach an téacs.*

**Leasú 113**

**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 41 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**41a.** *Ciallaíonn ‘scéim airgeadais íoc-mar-a-shábháiltear’ scéim iasachta atá*

*tiomnaithe go heisiach nó gan ach le feidhmíocht fuinnimh a fheabhsú, lena ráthaítear nach ndéanfaidh na costais aisíocaíochta ar an iasacht sárú ar choigilt fuinnimh ar mheán míosúil nó bliantúil chun cur chun feidhme Rialachán (AE) 2021/1119 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ('Dlí Eorpach na hAeráide) a áirithiú agus a éascú;*

*Réasúnú*

*Tá gá leis an leasú ar chúiseanna práinneacha a bhaineann le loighic inmheánach an téacs.*

**Leasú 114**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 42 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**42a. ciallaíonn ‘teaschaidéal’ meaisín, gaireas nó suiteáil a aistríonn teas ó fhoinsí/linnte amhail an t-aer, an t-uisce nó an talamh chuig foirgnimh nó uathu, chun téamh, fuarú nó uisce te tí a sholáthar;**

*Réasúnú*

*Tá gá leis an leasú ar chúiseanna práinneacha a bhaineann le loighic inmheánach an téacs.*

**Leasú 115**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 49 – an chuid réamhráiteach**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

49. Ciallaíonn ‘fuinneamh ó fhoinsí in-athnuaite arna dtáirgeadh in aice láimhe’ fuinneamh ó fhoinsí in-athnuaite arna dtáirgeadh laistigh d’imlíne áitiúil nó ceantair an fhoirgnimh a ndearnadh measúnú air, agus a chomhlíonann na coinníollacha seo a leanas ar fad:

49. Ciallaíonn ‘fuinneamh ó fhoinsí in-athnuaite arna dtáirgeadh in aice láimhe’ fuinneamh ó fhoinsí in-athnuaite arna dtáirgeadh laistigh d’imlíne áitiúil nó ceantair an fhoirgnimh a ndearnadh measúnú air, **lena n-áirítear grianphainéil dín**, agus a chomhlíonann na coinníollacha



seo a leanas ar fad:

## Leasú 116

### Togra le haghaidh Treorach Airteagal 2 – mír 1 – pointe 50

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

50. Ciallaíonn ‘seirbhísí maidir le feidhmíocht fuinnimh foirgneamh (EPB)’ na seirbhísí, **mar atá** téamh, fuarú, aeráil, uisce te tí agus soilsiú agus seirbhísí eile a **gcuirtear** úsáid fuinnimh san áireamh **ina leith maidir le feidhmíocht** fuinnimh foirgneamh;

*Leasú*

50. Ciallaíonn ‘seirbhísí maidir le feidhmíocht fuinnimh foirgneamh (EPB)’ na seirbhísí **arb é is aidhm dóibh feabhas a chur ar bharrfheabhsú úsáid an chórais, amhail** téamh, fuarú, aeráil, uisce te tí agus soilsiú agus seirbhísí eile a **fheabhsaíonn an** úsáid fuinnimh **a chuirtear** san áireamh **i bhfeidhmíocht** fuinnimh foirgneamh;

## Leasú 117

### Togra le haghaidh Treorach Airteagal 2 – mír 1 – pointe 53

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

53. Ciallaíonn ‘féin-úsáidte’ cuid d’fhuinneamh in-athnuaite arna tháirgeadh ar an láthair nó in aice láimhe arna úsáid ag córais theicniúla ar an láthair le haghaidh sheirbhísí EPB;

*Leasú*

53. Ciallaíonn ‘féin-úsáidte’ cuid d’fhuinneamh in-athnuaite arna tháirgeadh ar an láthair nó in aice láimhe arna úsáid ag córais theicniúla ar an láthair le haghaidh sheirbhísí EPB, **lena n-áirítear grianphainéil dín**;

## Leasú 118

### Togra le haghaidh Treorach Airteagal 2 – mír 1 – pointe 57 a (nua)

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**57a. ciallaíonn ‘bearta ciorclaíochta’ na bearta atá dírithe ar laghdú a dhéanamh ar an ngá atá le hóghábhar agus ar eastóscadh na n-ábhar sin tríd an éileamh ar ábhair nua a laghdú, trí**

*athmhachnamh a dhéanamh ar ábhair nua, iad a dheisiú, a athúsáid, athrú cuspóra a dhéanamh ina leith agus a athchúrsáil agus trí shíneadh a chur le saolré táirgí agus foirgneamh.*

Leasú 119

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 21 a – mír 1 – fomhír 1**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

Bunóidh gach **Ballstát plean** athchóirithe foirgneamh **náisiúnta** chun athchóiriú an **stoic** náisiúnta d'fhoirgnimh chónaithe agus neamhchónaithe, **poiblí** agus **príobháideach araon**, ina stoc **foirgnimh atá an-fhuinneamhéifeachtúil** agus dícharbónaithe **faoi mbliain 2050 a áirithiú**, agus é mar chuspóir **aige** na foirgnimh atá ann **faoi láthair** a chlaochlú **ina bhfoirgnimh lena ngabhann** astaíochtaí **nialasacha**.

*Leasú*

Bunóidh gach **Ballstát plean náisiúnta** athchóirithe foirgneamh chun **tacú le ráta athchóirithe domhain bliantúil a bhaint amach, lena n-áirítear** athchóiriú **domhain céimneach, de 2.5 % ar a laghad in aghaidh na bliana nó ar an meán in aghaidh na bliana, i gcomhréir le teachtaireacht ón gCoimisiún an 14 Deireadh Fómhair 2020 dar teideal *A Renovation Wave for Europe – greening our buildings, creating jobs, improving lives* [Rabharta Athchóirithe don Eoraip – ár bhfoirgnimh a ghlású, poist a chruthú, saol a fheabhsú] maidir leis an Rabharta Athchóirithe\*** chun a áirithiú go ndéanfar **athchóiriú ar an stoc** náisiúnta d'fhoirgnimh chónaithe agus neamhchónaithe, **idir phoiblí** agus **phríobháideach**, ina stoc **foirgneamh atá an-éifeachtúil ó thaobh fuinnimh de** agus dícharbónaithe **faoi 2050**, agus é mar chuspóir na foirgnimh atá ann **cheana** a chlaochlú **go hastaíochtaí nialasacha agus, más indéanta go teicniúil, foirgnimh dhearfacha fuinnimh ar bhealach optamach ó thaobh costais de. Leis an bplean athchóirithe foirgneamh, soláthrófar spriocanna níos airde do gach tréimhse as a chéile eile laistigh de chreat ama an phlean, bunaithe ar acmhainneacht eacnamaíoch mhéadaithe le haghaidh athchóiriú domhain, arb é is aidhm dó meánráta athchóirithe domhain 3 % nó níos mó a bhaint amach don tréimhse go dtí 2050. Ráthófar leis an**

*bplean sin go mbeidh athchóiriú foirgneamh cónaithe a bhfuil luach eacnamaíoch íseal acu inacmhainne, mar shampla, trí gan a bheith níos mó ná leath de luach an fhoirgnimh nó an aonaid foirgnimh do na teaghlaigh a áitíonn na foirgnimh sin. Sula n-ullmhófar an plean náisiúnta, déanfaidh gach Ballstát agus institiúidí an Aontais iniúchadh ar an stoc foirgneamh lena n-áirítear astaíochtaí éifeachtúlachta fuinnimh agus paraiméadair eile chomhshaoil;*

---

*\*COM/2020/662 críochnaitheach.*

#### *Réasúnú*

*Tá gá leis an leasú ar chúiseanna práinneacha a bhaineann le loighic inmheánach an téacs.*

#### **Leasú 120**

##### **Togra le haghaidh Treorach Airteagal 3 – mír 1 – fomhír 2 – an chuid réamhráiteach**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*Cuimseofar an méid seo le gach plean athchóirithe foirgneamh :*

*Déanfar gach plean athchóirithe foirgneamh a ailíniú le bunphrionsabal na héifeachtúlachta fuinnimh, mar a shainmhínítear i Rialachán (AE) 2018/1999 agus mar a leagtar amach i dTreoir [athmhúnlú EED] agus cuimseofar ann:*

#### *Réasúnú*

*Tá gá leis an leasú ar chúiseanna práinneacha a bhaineann le loighic inmheánach an téacs.*

#### **Leasú 121**

##### **Togra le haghaidh Treorach Airteagal 3 – mír 1 – fomhír 2 – pointe c**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(c) forléargas ar **na beartais** agus **na bearta** atá curtha chun feidhme agus atá beartaithe, lena dtacaítear le cur chun feidhme an treochláir de bhun phointe (b); agus

*Leasú*

(c) forléargas ar **bheartais** agus **ar bhearta** atá curtha chun feidhme agus atá beartaithe, lena dtacaítear le cur chun feidhme an treochláir de bhun phointe (b) **lena n-áirítear bearta chun lorg comhshaoil foriomlán chomhphárteanna na bhfoirgneamh a laghdú** agus **chun úsáid táirgí tógála agus athchóirithe inbhuanaithe, tánaisteacha, a fhoinsítear go háitiúil a chur chun cinn** agus

**Leasú 122**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 3 – mír 1 – fomhír 2 – pointe d**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(d) **breac-chuntas** ar na riachtanais infheistíochta **chun an plean** athchóirithe foirgneamh a chur chun feidhme, na foinsí maoinithe agus na bearta **maoinithe**, agus na hacmhainní riaracháin le haghaidh athchóiriú foirgneamh.

*Leasú*

(d) **achoimre** ar na riachtanais infheistíochta **maidir leis an bplean lárnach** athchóirithe foirgneamh a chur chun feidhme, na foinsí maoinithe agus na bearta **do gach cineál foirgnimh sa phlean náisiúnta agus na samhlacha airgeadais a úsáidtear, go háirithe má tá oibreoirí eacnamaíocha rannphárteach**, agus na hacmhainní riaracháin le haghaidh athchóiriú foirgneamh.

**Leasú 123**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 3 – mír 1 – fomhír 2 – pointe a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

(da) **Ceanglais íosta maidir leis na heangacha leictreacha chun éifeachtacht agus acmhainneacht a áirithiú chun bearta athchóirithe foirgneamh a chur chun feidhme go héifeachtúil;**

**Leasú 124**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 1 – mír 1 – fomhír 1 – pointe d b (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**(db) Forléargas mionsonraithe ar sciar iomlán, líon agus suíomh na bhfoirgneamh neamháitithe, agus réadmhaoine folmha i bhfoirgnimh leasa choitinn agus dréachtstraitéis náisiúnta le haghaidh rannpháirtíocht iomlán úinéirí na réadmhaoine sin i mbearta athchóirithe foirgneamh.**

**Leasú 125**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 1 – mír 1 – fomhír 1 – pointe d c (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**(dc) athsciliú agus uas-sciliú oibrithe, go háirithe i bpoist a bhaineann le hathchóiriú foirgneamh, lena n-áirítear teicnící oibre inbhuanaithe;**

*Réasúnú*

*Tá gá leis an leasú ar chúiseanna práinneacha a bhaineann le loighic inmheánach an téacs.*

**Leasú 126**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 3 – mír 1 – fomhír 3**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

Áireofar sa treochlár dá dtagraítear i bpointe (b) spriocanna náisiúnta do 2030, 2040 agus 2050 a mhéid a bhaineann leis an ráta athchóirithe fuinnimh bliantúil, tomhaltas príomhúil agus deiridh fuinnimh an stoic náisiúnta foirgneamh agus a laghduithe oibríochtúla ar astaíochtaí gás ceaptha teasa; **amlínte** sonracha

Áireofar sa treochlár dá dtagraítear i bpointe (b) spriocanna náisiúnta do 2030, 2040 agus 2050 a mhéid a bhaineann leis an ráta athchóirithe fuinnimh bliantúil, tomhaltas príomhúil agus deiridh fuinnimh an stoic náisiúnta foirgneamh agus a laghduithe oibríochtúla ar astaíochtaí gás ceaptha teasa, **sciar an fhuinnimh in-**

d'fhoirgnimh chun aicmí feidhmíochta fuinnimh níos airde a bhaint amach de bhun Airteagal 9(1), faoi na blianta 2040 agus faoi 2050, i gcomhréir leis an mbealach chun an stoc náisiúnta foirgneamh a chlaochlú ina fhoirgnimh astaíochtaí nialasacha; meastachán fianaise-bhunaithe ar an gcoigilteas fuinnimh agus na tairbhí ginearálta a bhaineann leis; agus meastachán le haghaidh rannchuidiú an phlean athchóirithe foirgnimh le sprioc cheangailteach náisiúnta an Bhallstáit maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa a bhaint amach de bhun Rialachán (AE).../... [an Rialachán athbhreithnithe maidir le Comhroinnt Díchill], spriocanna an Aontais maidir le héifeachtúlacht fuinnimh i gcomhréir le Treoir (AE) .../.... [athmhúnlú EED], spriocanna an Aontais maidir le fuinneamh in-athnuaite, lena n-áirítear an sprioc tháscach maidir le sciar an fhuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite in earnáil na foirgníochta i gcomhréir le Treoir (AE) 2018/2001 [RED leasaithe], agus sprioc 2030 an Aontais maidir leis an aeráid agus sprioc 2050 maidir le neodracht aeráide i gcomhréir le Rialachán (AE) 2021/1119.

**Leasú 127**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 3 – mír 1 – fomhír 3 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

***athnuaite, deireadh a chur de réir a chéile leis an tacaíocht airgeadais do bhreoslai iontaise le haghaidh téimh faoi 2024; garspriocanna*** sonracha d'fhoirgnimh chun aicmí feidhmíochta fuinnimh níos airde a bhaint amach de bhun Airteagal 9(1), faoi na blianta 2040 agus faoi 2050, i gcomhréir leis an mbealach chun an stoc náisiúnta foirgneamh a chlaochlú ina fhoirgnimh astaíochtaí nialasacha; meastachán fianaise-bhunaithe ar an gcoigilteas fuinnimh agus na tairbhí ginearálta a bhaineann leis; ***amhail iad siúd a bhaineann le sláinte agus le cáilíocht an aeir laistigh; agus*** meastachán le haghaidh rannchuidiú an phlean athchóirithe foirgnimh le sprioc cheangailteach náisiúnta an Bhallstáit maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa a bhaint amach de bhun Rialachán (AE).../... [an Rialachán athbhreithnithe maidir le Comhroinnt Díchill], spriocanna an Aontais maidir le héifeachtúlacht fuinnimh i gcomhréir le Treoir (AE) .../.... [athmhúnlú EED], spriocanna an Aontais maidir le fuinneamh in-athnuaite, lena n-áirítear an sprioc tháscach maidir le sciar an fhuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite in earnáil na foirgníochta i gcomhréir le Treoir (AE) 2018/2001 [RED leasaithe], agus sprioc 2030 an Aontais maidir leis an aeráid agus sprioc 2050 maidir le neodracht aeráide i gcomhréir le Rialachán (AE) 2021/1119. ***Leagfar amach freisin sa treochlár dá dtagraítear i bpointe (b) spriocanna náisiúnta chun spásanna páirceála do rothair a thógáil.***

*Leasú*

***Áireofar sa treochlár forléargas ar na táscairí cáilíochta aeir do na limistéir agus do na ceirtleáin, lena n-áirítear an***

*léarscáil dathchódaithe lena léirítear na limistéir agus na ceirtleáin ina bhféadfadh cineál áirithe foinsí inathnuaite fuinnimh i dtéamh agus fhuarú nó i gcomhghiniúint costais dhíríreacha a chruthú chun a áirithiú nach sáróidh tiúchain PM2.5 san aer comhthimpeallach an spriocluach i gcomhréir le Treoir 2008/50/CE maidir le cáilíocht an aeir chomhthimpeallaigh.*

*Réasúnú*

*Sineirgí agus comhleanúnachas le acquis comhshaoil a bhaineann le cáilíocht an aeir a áirithiú, agus is infheidhme maidir le hIarscríbhinn II- Tábla*

**Leasú 128**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 3 – mír 4 – fomhír 1 – pointe a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*(aa) tugtar aird chuí sa phlean ar chuspóirí Threoir 2008/50/CE agus áirithítear leis comhleanúnachas leis an reachtaíocht lena mbaineann agus ardleibhéal cosanta an chomhshaoil agus shláinte an duine;*

**Leasú 129**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 3 – mír 4 – fomhír 1 – pointe a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*(ab) rinneadh foinsí fuinnimh inathnuaite don téamh agus don fhuarú a mheas agus a anailísiú go leordhóthanach;*

**Leasú 130**

**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 3 – mír 4 – fómhír 1 – pointe a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*(ca) go bhfuil na coinníollacha faoi na scéimeanna maoiniúcháin athchóirithe atá ag feidhmiú leormhaith chun an sprioc náisiúnta maidir le bochtaineacht fuinnimh a mhaolú a chur i gcrích agus chun tomhaltóirí atá bocht ó thaobh fuinnimh de agus atá leochaileach a chuimsiú go rathúil ionas nach bhfágfar aon duine chun deiridh;*

**Leasú 131**

**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 3 – mír 6**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

6. Déanfaidh gach Ballstát dréacht dá phlean athchóirithe foirgneamh a chur faoi bhráid an Choimisiúin gach 5 bliana, agus an teimpléad atá in Iarscríbhinn II á úsáid acu. Tíolacfaidh gach Ballstát a phlean athchóirithe foirgneamh mar chuid dá phlean comhtháite náisiúnta fuinnimh agus aeráide dá dtagraítear in Airteagal 3 de Rialachán (AE) 2018/1999 agus, i gcás ina dtíolacfaidh na Ballstáit dréacht nuashonraithe, a uasdátú dá dtagraítear in Airteagal 14 den Rialachán sin. De mhaolú ar Airteagal 3(1) agus ar Airteagal 14(2) den Rialachán sin, cuirfidh na Ballstáit **an chéad** dréachtphean athchóirithe foirgneamh faoi bhráid an Choimisiúin faoin 30 Meitheamh 2025.

6. Déanfaidh gach Ballstát dréacht dá phlean athchóirithe foirgneamh a chur faoi bhráid an Choimisiúin gach 5 bliana, agus an teimpléad atá in Iarscríbhinn II á úsáid acu. Tíolacfaidh gach Ballstát a phlean athchóirithe foirgneamh mar chuid dá phlean comhtháite náisiúnta fuinnimh agus aeráide dá dtagraítear in Airteagal 3 de Rialachán (AE) 2018/1999 agus, i gcás ina dtíolacfaidh na Ballstáit dréacht nuashonraithe, a uasdátú dá dtagraítear in Airteagal 14 den Rialachán sin. De mhaolú ar Airteagal 3(1) agus ar Airteagal 14(2) den Rialachán sin, cuirfidh na Ballstáit dréachtphean athchóirithe foirgneamh faoi bhráid an Choimisiúin faoin 30 Meitheamh 2025. ***Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar a bplean athchóirithe foirgneamh a ailíniú agus a chomhtháthú leis an maoiniú athchóirithe ón Aontas a gheofar ó theacht i bhfeidhm na Treorach seo go dtí go gcuirfear a bplean isteach go hoifigiúil.***



**Leasú 132**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 3 – mír 7**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

7. Cuirfidh gach Ballstát isteach mionsonraí ar chur chun feidhme a straitéise athchóirithe fadtearmaí nó a phlean athchóirithe foirgneamh mar iarscríbhinn a ghabhann leis an gcéad phlean athchóirithe foirgneamh eile. Sonróidh gach Ballstát ar baineadh a spriocanna náisiúnta amach.

*Leasú*

7. Cuirfidh gach Ballstát isteach mionsonraí ar chur chun feidhme a straitéise athchóirithe fadtearmaí nó a phlean athchóirithe foirgneamh mar iarscríbhinn a ghabhann leis an gcéad phlean athchóirithe foirgneamh eile. Sonróidh gach Ballstát ar baineadh a spriocanna náisiúnta amach, ***agus cad iad na bearta ceartúcháin a bhfuil foráil déanta dóibh i gcás nach nár baineadh amach go leordhóthanach iad.***

**Leasú 133**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 3 – mír 7 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

***7a. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun cur chun feidhme na mbearta a áirítear sna pleananna athchóirithe foirgneamh a áirithiú, lena dtuairtar sásraí faireacháin iomchuí agus pionóis i gcomhréir le hAirteagal 31.***

*Réasúnú*

*Tá gá leis an leasú ar chúiseanna práinneacha a bhaineann le loighic inmheánach an téacs.*

**Leasú 134**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 3 – mír 8 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

***8a. Bunóidh an Coimisiún comhpháirtíocht Eorpach um aistriú***

*fuinnimh laistigh den earnáil tógála trí phríomhgheallsealbhóirí a thabhairt le chéile ar bhealach cuimsitheach agus ionadaíoch. Leis an gcomhpháirtíocht, éascófar idirphlé maidir leis an aeráid agus spreagfar an earnáil chun ‘treochlár don aistriú fuinnimh’ a tharraingt suas chun na bearta agus na roghanna teicneolaíocha atá ar fáil a mhapáil chun feidhmíocht fuinnimh agus aeráid laistigh foirgneamh a fheabhsú agus chun astaíochtaí gás ceaptha teasa ó fhoirgnimh a laghdú. D’fhéadfadh treochlár den sórt sin cuidiú go mór leis an earnáil na hinfheistíochtaí is gá a phleanáil chun cuspóirí na treorach seo agus an Phlean um Sprioc Aeráide AE a bhaint amach;*

**Leasú 135**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 4 – mír 1**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

Cuirfidh na Ballstáit modheolaíocht i bhfeidhm maidir le feidhmíocht fuinnimh foirgneamh a ríomh i gcomhréir leis an gcomhchreat ginearálta a leagtar amach in Iarscríbhinn I.

*Leasú*

Cuirfidh na Ballstáit modheolaíocht i bhfeidhm maidir le feidhmíocht fuinnimh foirgneamh a ríomh **agus codanna d’fhoirgnimh atá mar chuid den imchlúdach foirgnimh**, i gcomhréir leis an gcomhchreat ginearálta a leagtar amach in Iarscríbhinn I.

*Réasúnú*

*Tá gá leis an leasú ar chúiseanna práinneacha a bhaineann le loighic inmheánach an téacs.*

**Leasú 136**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 5 – mír 1 – fomhír 2**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go socraítear íoscheanglais

*Leasú*

Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go socraítear íoscheanglais

feidhmíochta fuinnimh le haghaidh codanna d'fhoirgnimh atá mar chuid den imchlúdach foirgnimh agus a bhfuil tionchar mór acu ar fheidhmíocht fuinnimh an imchlúdaigh foirgnimh nuair a dhéantar iad a ionadú nó a iarfhéistiú, d'fhonn ar a laghad na leibhéil is fearr ó thaobh costais de a bhaint amach.

feidhmíochta fuinnimh le haghaidh codanna d'fhoirgnimh atá mar chuid den imchlúdach foirgnimh agus a bhfuil tionchar mór acu ar fheidhmíocht fuinnimh an imchlúdaigh foirgnimh nuair a dhéantar iad a ionadú nó a iarfhéistiú, d'fhonn ar a laghad na leibhéil is fearr ó thaobh costais de a bhaint amach. ***Déanfar an fheidhmíocht fuinnimh de na codanna d'fhoirgnimh a ríomh i gcomhréir leis an modheolaíocht dá dtagraítear in Airteagal 4.***

#### *Réasúnú*

*Tá gá leis an leasú ar chúiseanna práinneacha a bhaineann le loighic inmheánach an téacs.*

**Leasú 137**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 5 – mír 1 – fomhír 2 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

***Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go socráítear íoscheanglais agus ceanglais tagartha feidhmíochta fuinnimh do chórais foirgnimh a bhfuil tionchar suntasach acu ar fheidhmíocht fuinnimh an fhoirgnimh nuair a dhéantar iad a ionadú nó a nuachóiriú, d'fhonn ar a laghad na leibhéil is fearr ó thaobh costais de a bhaint amach.***

#### *Réasúnú*

*Tá gá leis an leasú ar chúiseanna práinneacha a bhaineann le loighic inmheánach an téacs.*

**Leasú 138**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 5 – mír 1 – fomhír 4**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

***Leis na ceanglais sin , cuirfear san***

***Cuirfear san áireamh sna ceanglais sin an***

áireamh **dálaí ginearálta** aeráide laistigh, chun **tionchar diúltach féideartha** a sheachaint **amhail** aeráil **uireasach**, chomh maith le dálaí áitiúla agus feidhm ainmnithe agus aois an fhoirgnimh.

**gá atá le dála í iomchuí** aeráide laistigh **a áirithiú bunaithe ar na leibhéil cáilíochta comhshaoil is fearr is féidir laistigh**, chun **aeráid shláintiúil laistigh agus dálaí cáilíochta comhshaoil sláintiúla a áirithiú agus chun éifeachtaí diúltacha a d'fhéadfadh a bheith ann a sheachaint mar gheall ar aeráil neamhleor, easpa solais an lae, róthéamh, torann, taise chomh maith le dálaí áitiúla agus feidhm ainmnithe agus aois an fhoirgnimh.**

#### *Réasúnú*

*Tá gá leis an leasú ar chúiseanna práinneacha a bhaineann le loighic inmheánach an téacs.*

#### **Leasú 139**

##### **Togra le haghaidh Treorach Airteagal 5 – mír 3 – pointe a a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**(aa) foirgnimh aonair atá cosanta go hoifigiúil mar chuid de thimpeallacht ainmnithe nó mar gheall ar a bhfiúntas ailtireachta nó cultúrtha agus stairiúil ar leith, a léiríonn cultúr, féiniúlacht agus luachanna na hEorpa, a mhéid a dhéanfaidh comhlíonadh íoscheanglas áirithe feidhmíochta fuinnimh athrú do-ghlactha ar a gearachtar nó ar a gcuma agus i gcás ina ndearnadh measúnú ar roghanna malartacha, i gcás nach féidir comhlíonadh a bhaint amach ach trí bhearta an-díríreach agus an uailmhian éiceolaíoch á cur san áireamh;**

#### *Réasúnú*

*Tá gá leis an leasú ar chúiseanna práinneacha a bhaineann le loighic inmheánach an téacs.*

#### **Leasú 140**

##### **Togra le haghaidh Treorach Airteagal 5 – mír 3 – pointe b**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(b) foirgnimh a bhfuil am úsáide dhá bhliain nó níos lú, suíomhanna tionsclaíochta, ceardlanna agus foirgnimh talmhaíochta neamhchónaithe ísealéilimh fuinnimh agus foirgnimh talmhaíochta neamhchónaithe atá á n-úsáid ag earnáil atá cumhdaithe faoi chomhaontas earnála náisiúnta maidir le feidhmíocht fuinnimh;

*Leasú*

(b) Foirgnimh **ag** a bhfuil am úsáide dhá bhliain nó níos lú, suíomhanna tionsclaíochta, ceardlanna, ***iostaí*** agus foirgnimh talmhaíochta ***agus seirbhíse*** neamhchónaithe ísealéilimh fuinnimh agus ***ísealéilimh téimh nó fuaraithe, stáisiúin soláthair bonneagair, amhail stáisiúin chlaochladáin, fostáisiúin, gléasraí rialaithe brú, tógálacha iarnróid, agus*** foirgnimh talmhaíochta neamhchónaithe atá á n-úsáid ag earnáil atá cumhdaithe faoi chomhaontas earnála náisiúnta maidir le feidhmíocht fuinnimh;

*Réasúnú*

*Tá gá leis an leasú ar chúiseanna práinneacha a bhaineann le loighic inmheánach an téacs.*

## **Leasú 141**

### **Togra le haghaidh Treorach Airteagal 7 – mír 2 – an chuid réamhráiteach**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

2. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar an Acmhainneacht Téite Domhanda (GWP) saolré a ríomh i gcomhréir le hIarscríbhinn III agus a nochtadh trí teastas feidhmíochta fuinnimh an fhoirgnimh:

*Leasú*

2. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar an Acmhainneacht Téite Domhanda (GWP) saolré a ríomh i gcomhréir le hIarscríbhinn III agus a nochtadh trí teastas feidhmíochta fuinnimh an fhoirgnimh:

## **Leasú 142**

### **Togra le haghaidh Treorach Airteagal 7 – mír 2 – pointe b**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(b) amhail ón 1 Eanáir **2030**, gach foirgneamh nua;

*Leasú*

(b) amhail ón 1 Eanáir **2029 do** gach foirgneamh nua ***agus athchóiriú mór, céimneach san áireamh, ar fhoirgnimh phoiblí agus ar thionscadail phoiblí agus ar fhoirgnimh a bhfuil achar urláir***

*úsáideach acu atá níos mó ná 2 000 méadar cearnach.*

**Leasú 143**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 7 – mír 2 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**2a. Cuirfear san áireamh sna tionscadail infheistíochta d'fhoirgnimh nua féidearthacht theicniúil, comhshaoil agus eacnamaíoch suiteálacha agus córas malartach ardéifeachtúlachta chun an méid seo a leanas a dhéanamh:**

**(a) táirgeadh agus tomhaltas díláraithe fuinnimh ó fhoinsí inathnuaite;**

**(b) comhghiniúint teasa agus leictreachais atá thar a bheith éifeachtúil;**

**(c) téamh agus fuarú lárnach nó áitiúil, lena n-áirítear fuinneamh inathnuaite a úsáid go hiomlán nó go páirteach;**

**(d) teaschaidéil;**

**(e) téamh nó fuarú láraithe, suite go cothrománach thar gach urlár;**

**(f) uisce te tí.**

**Leasú 144**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 7 – mír 3**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

3. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 29 chun an Treoir seo a fhorlíonadh chun Iarscríbhinn III a oiriúnú don dul chun cinn agus don nuálaíocht teicneolaíoch, chun uastairseacha feidhmíochta fuinnimh oiriúnaithe a leagan síos in Iarscríbhinn III

3. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 29 chun an Treoir seo a fhorlíonadh chun Iarscríbhinn III a oiriúnú don dul chun cinn agus don nuálaíocht teicneolaíoch, chun **íoschaighdeáin cáilíochta comhshaoil laistigh a leagan síos is infheidhme**

maidir le foirgnimh athchóirithe **agus** chun na huastairseacha feidhmíochta fuinnimh a **oiriúnú** d'fhoirgnimh astaíochtaí nialasacha.

**maidir le foirgnimh a bhfuil astaíochtaí nialasacha iontu, chun** uastairseacha feidhmíochta fuinnimh oiriúnaithe a leagan síos in Iarscríbhinn III maidir le foirgnimh athchóirithe, chun na huastairseacha feidhmíochta fuinnimh **níos ísle** a **leagan síos** d'fhoirgnimh astaíochtaí nialasacha.

**Leasú 145**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 7 – mír 3 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**3a. Tar éis theacht i bhfeidhm an athbheithnithe ar an Rialachán maidir le táirgí foirgníochta (2019/1020) agus ar a dhéanaí faoin 31 Nollaig 2028, glacfaidh an Coimisiún gníomh tarmligthe i gcomhréir le hAirteagal 29 chun an Treoir seo a fhorlíonadh trí mhodheolaíocht uile-Aontais a leagan amach chun GWP saolré iomlán a ríomh, lena n-áirítear carbón corpraithe, arna fhorbairt i bpróiseas cuimsitheach geallsealbhóirí agus ag tógáil ar an gcreat LEVEL(s) de réir chaighdeán EN 15978, chomh maith le Treochlár Carbóin Saolré Iomláine AE agus Liosta Ábhar.**

**Cúig bliana tar éis an gníomh tarmligthe seo a ghlacadh ar a dhéanaí, tabharfaidh na Ballstáit uasteorainneacha isteach maidir leis an bpoitéinseal téimh dhomhanda sa tsaolré iomlán atá lamháilte i bhfoirgnimh nua. Ar an mbonn sin, tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 29 chun spriocanna a leagan síos don tsaolré GWP charnach lena n-áirítear carbón corpraithe d'fhoirgnimh nua.**

**Eiseoidh an Coimisiún treoir, roinnfidh sé fianaise maidir le beartais náisiúnta atá ann cheana agus cuirfidh sé tacaíocht theicniúil ar fáil do na Ballstáit de réir mar a iarrtar chun teorainneacha**

**Leasú 146**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 7 – mír 4**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

4. **Tabharfaidh** na Ballstáit **aghaidh, maidir le** foirgnimh nua, **ar na saincheisteanna maidir le dálaí sláintiúla aeráide laistigh**, oiriúnú don athrú aeráide, sábháilteacht **ó dhóiteán**, rioscaí a bhaineann le **dianghníomhaíocht** sheismeach agus inrochtaineacht do dhaoine faoi mhíchumas. **Díreoidh** na Ballstáit freisin ar aistrihe carbóin a bhaineann le stóráil carbóin i bhfoirgnimh nó ar fhoirgnimh.

*Leasú*

4. **Áiritheoidh** na Ballstáit **go bhfuil dálaí arda aeráide laistigh ag** foirgnimh nua, **na leibhéil cáilíochta comhshaoil is fearr is féidir**, oiriúnú don athrú aeráide, **trí, inter alia, réitigh dhúlra-bhunaithe, sábháilteacht dóiteáin agus soilsiú éigeandála**, rioscaí a bhaineann le **gníomhaíocht** sheismeach **dhian** agus inrochtaineacht **éasca a sholáthar** do dhaoine faoi mhíchumas. **Tabharfaidh** na Ballstáit **aghaidh** freisin ar **líneacht chun leibhéil ciorclaíochta níos airde a bhaint amach, mar shampla trí cheanglais maidir le húsáid ábhair thánaistigh agus** aistrihe carbóin a bhaineann le stóráil carbóin i bhfoirgnimh nó ar fhoirgnimh **trí dhromchlaí a bhfuil fásra orthu, mar shampla.**

**Leasú 147**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 21 a – mír 1 – fomhír 1**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú, an uair a dhéantar athchóiriú mór ar fhoirgnimh, go ndéanfar feidhmíocht fuinnimh an fhoirgnimh, nó na páirte athchóirithe de, a nuashonrú chun na híoscheanglais feidhmíochta fuinnimh a shocraítear i gcomhréir le hAirteagal 5 a mhéid atá sé sin indéanta go teicniúil, go feidhmiúil agus go heacnamaíoch.

*Leasú*

Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú, an uair a dhéantar athchóiriú mór ar fhoirgnimh, go ndéanfar feidhmíocht fuinnimh an fhoirgnimh, nó na páirte athchóirithe de, a nuashonrú **go suntasach** chun na híoscheanglais feidhmíochta fuinnimh a shocraítear i gcomhréir le hAirteagal 5 **agus go bhfuil an téamh ar theocht íseal oiriúnach** a mhéid atá sé sin indéanta go teicniúil, go feidhmiúil agus go heacnamaíoch. **Déanfar an t-athchóiriú a**



*thuairisciú mar chéim sa scéim um pas athchóirithe domhain céimneach i gcomhréir le hAirteagal 10.*

*Réasúnú*

*Tá gá leis an leasú ar chúiseanna práinneacha a bhaineann le loighic inmheánach an téacs.*

**Leasú 148**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 8 – mír 3**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

3. Maidir le foirgnimh a bhfuil athchóiriú mór á dhéanamh orthu, spreagfaidh na Ballstáit córais mhalartacha ardéifeachtúlachta, a mhéid is atá sé sin indéanta go teicniúil, go feidhmiúil agus go heacnamaíoch. ***Tabharfaidh na Ballstáit aghaidh , maidir le foirgnimh a bhfuil athchóiriú mór á dhéanamh orthu, ar na saincheisteanna maidir le dálaí sláintiúla aeráide laistigh, oiriúnú don athrú aeráide, sábháilteacht ó dhóiteán, rioscaí a bhaineann le dianghníomhaíocht sheismeach , substaintí guaiseacha lena n-áirítear aispeist a bhaint, agus inrochtaineacht do dhaoine faoi mhíchumas .***

*Leasú*

3. Maidir le foirgnimh a bhfuil athchóiriú mór á dhéanamh orthu, spreagfaidh na Ballstáit córais mhalartacha ardéifeachtúlachta, a mhéid is atá sé sin indéanta go teicniúil, go feidhmiúil agus go heacnamaíoch.

***Áirítear leis sin measúnú ar fhéidearthacht theicniúil, chomhshaoil agus eacnamaíoch suiteálacha agus córas malartach ardéifeachtúlachta chun an méid seo a leanas a dhéanamh:***

***(a) táirgeadh agus tomhaltas díláraithe fuinnimh ó fhoinsí inathnuaite;***

***(b) comhghiniúint ardéifeachtúil teasa agus leictreachais, lena n-áirítear úsáid iomlán nó úsáid uasta fuinnimh inathnuaite, i gcomhréir le (Treoir athmhúnlaith 2018/2002 maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh);***

***(c) téamh agus fuarú lárnach nó***

*áitiúil, lena n-áirítear fuinneamh in-athnuaite a úsáid go hiomlán nó go huasta;*

*(d) teaschaidéil;*

*(e) téamh nó fuarú láraithe, suite go cothrománach thar gach urlár;*

*(f) uisce te tí.*

*Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh méadú tagtha ar cháilíocht an aeir laistigh d'fhoirgnimh a bhfuil athchóiriú mór á dhéanamh orthu de réir caighdeáin íosta maidir le cáilíocht na timpeallachta laistigh agus oiriúnú don athrú aeráide, trí, inter alia, réitigh dhúlra-bhunaithe, sábháilteacht fheabhsaithe ó dhóiteán, agus go mbeidh siad níos athléimní i leith rioscaí a bhaineann le dianghníomhaíocht sheismeach, nach mbeidh substaintí guaiseacha iontu, lena n-áirítear aispeist, agus go mbeidh siad inrochtana go héasca do dhaoine faoi mhíchumas. Molfaidh na Ballstáit go ndéanfar athchóirithe a bhfuil astaíochtaí ísle ag gabháil leo, athchóirithe atá ceaptha ionas go mbeidh sé éasca foirgnimh a dhíchóimeáil agus a aisiompú, agus athchóirithe ina n-úsáidtear úbhar tánaisteach, chun ardleibhéil chiorclaíochta a bhaint amach.*

#### *Réasúnú*

*Tá gá leis an leasú ar chúiseanna práinneacha a bhaineann le loighic inmheánach an téacs.*

**Leasú 149**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 8 – mír 3 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**3a. Molfaidh na Ballstáit go ndéanfar athchóiriú agus saothrú foirgneamh, nach n-úsáidtear faoi láthair, go háirithe i limistéir inar tearc an daonra, i gceantair**

*iargúlta agus i gceantair thuaithe, chomh maith le haonaid tógála sna foirgnimh ilárasán is neamhfheidhmiúla, trí bhearta speisialta airgeadais.*

#### *Réasúnú*

*Tá gá leis an leasú ar chúiseanna práinneacha a bhaineann le loighic inmheánach an téacs.*

#### **Leasú 150**

##### **Togra le haghaidh Treorach Airteagal 8 – mír 8 b (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**3b. *Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar cigireacht ar shuiteálacha leictreacha de gach teaghais le linn iniúchtaí foirgníochta a cheanglaítear go normatach agus freisin nuair a chuirtear píosaí tábhachtacha trealaimh leictreacha, ceallraí tí, suiteálacha fótavoltacha, teaschaidéil, etc.***

#### *Justification*

*It is estimated that a minimum of 130 million dwellings\*, built before 1990, have not undergone an electrical system upgrade, readiness of existing electrical installations to cope with new renewable, energy efficiency, and e-vehicle charging demands is not proven in the EU domestic building stock. While the energy transition, decarbonisation and energy efficiency will drive electrification of buildings the integration of highly efficient equipment or on-site renewable generation & storage can be impossible with obsolete electrical installations. European building stock renovation must therefore integrate electrical inspection regime and upgrades. \*source: <https://www.feedsnet.org/>*

#### **Leasú 151**

##### **Togra le haghaidh Treorach Airteagal 9 – mír 1 – fomhír 1 – pointe a – an chuid réamhráiteach**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

(a) go mbainfidh foirgnimh agus aonaid foirgnimh atá faoi úinéireacht

(a) go mbainfidh foirgnimh agus aonaid foirgnimh atá faoi úinéireacht

comhlachtaí poiblí amach, ar a dhéanaí

comhlachtaí poiblí, *lena n-áirítear foirgnimh atá faoi úinéireacht institiúidí agus gníomhaireachtaí an Aontais, atá á n-oibriú nó á n-áitiú acu*, amach, ar a dhéanaí

## Leasú 152

### Togra le haghaidh Treorach Airteagal 9 – mír 1 – fomhír 1 – pointe a – pointe i

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

(i) tar éis an 1 Eanáir 2027, ar a laghad aicme feidhmíochta fuinnimh *F*; agus

(i) tar éis an 1 Eanáir 2027, ar a laghad aicme feidhmíochta fuinnimh *E*; agus

## Leasú 153

### Togra le haghaidh Treorach Airteagal 9 – mír 1 – fomhír 1 – pointe a – pointe i

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

(ii) tar éis an 1 Eanáir **2030**, ar a laghad aicme feidhmíochta fuinnimh *E*;

(ii) tar éis an 1 Eanáir **2033**, ar a laghad aicme feidhmíochta fuinnimh *D*;

## Leasú 154

### Togra le haghaidh Treorach Airteagal 9 – mír 1 – fomhír 1 – pointe a – pointe ii a (nua)

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*(iia) tar éis an 1 Eanáir 2035, ar a laghad aicme feidhmíochta fuinnimh C;*

## Leasú 155

### Togra le haghaidh Treorach Airteagal 9 – mír 1 – fomhír 1 – pointe b – pointe i

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

(i) tar éis an 1 Eanáir **2027**, ar a laghad

(i) tar éis an 1 Eanáir **2029**, ar a laghad

aicme feidhmíochta fuinnimh *F*; agus

aicme feidhmíochta fuinnimh *E*;

#### Leasú 156

##### Togra le haghaidh Treorach Airteagal 9 – mír 1 – fomhír 1 – pointe b – pointe ii

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

(ii) tar éis an 1 Eanáir **2030**, ar a laghad aicme feidhmíochta fuinnimh *E*;

(ii) tar éis an 1 Eanáir **2033**, ar a laghad aicme feidhmíochta fuinnimh *D*;

#### Leasú 157

##### Togra le haghaidh Treorach Airteagal 9 – mír 1 – fomhír 1 – pointe b – pointe ii a (nua)

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

(*ii*a) tar éis an 1 Eanáir **2035**, ar a laghad aicme feidhmíochta fuinnimh *C*;

#### Leasú 158

##### Togra le haghaidh Treorach Airteagal 9 – mír 1 – fomhír 1 – pointe c – an chuid réamhráiteach

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

(c) go mbainfidh foirgnimh chónaithe agus aonaid foirgnimh amach, ar a dhéanaí

(c) go mbainfidh foirgnimh chónaithe agus aonaid foirgnimh ***bunaithe ar phrionsabal an bharrfheabhais costais agus i gcomhréir le hAirteagal 15*** amach, ar a dhéanaí

#### Leasú 159

##### Togra le haghaidh Treorach Airteagal 9 – mír 1 – fomhír 1 – pointe c – pointe i

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

(i) tar éis an 1 Eanáir 2030, ar a laghad aicme feidhmíochta fuinnimh *F*; agus

(i) tar éis an 1 Eanáir 2030, ar a laghad aicme feidhmíochta fuinnimh *E*; agus

**Leasú 160**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 9 – mír 1 – fomhír 1 – pointe c – pointe ii**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(ii) tar éis an 1 Eanáir **2033**, ar a laghad aicme feidhmíochta fuinnimh **E**;

*Leasú*

(ii) tar éis an 1 Eanáir **2035**, ar a laghad aicme feidhmíochta fuinnimh **D**;

**Leasú 161**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 9 – mír 1 – fomhír 1 – pointe c – pointe ii a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**(iia) tar éis an 1 Eanáir 2037, ar a laghad aicme feidhmíochta fuinnimh C;**

**Leasú 162**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 9 – mír 1 – fomhír 2**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

Ina dtreochlár dá dtagraítear in Airteagal 3(1)(b), bunóidh na Ballstáit **amlínte sonracha** do na foirgnimh dá dtagraítear sa mhír seo chun aicmí feidhmíochta fuinnimh níos airde a bhaint amach faoin mbliain 2040 agus faoin mbliain 2050, i gcomhréir leis an mbealach chun an stoc náisiúnta foirgneamh a chlaohlú ina fhoirgnimh astaíochtaí nialasacha,

*Leasú*

Ina dtreochlár dá dtagraítear in Airteagal 3(1)(b), bunóidh na Ballstáit **conairí líneacha le clocha míle** do na foirgnimh dá dtagraítear sa mhír seo chun aicmí feidhmíochta fuinnimh níos airde a bhaint amach faoin mbliain 2040 agus faoin mbliain 2050, i gcomhréir leis an mbealach chun an stoc náisiúnta foirgneamh a chlaohlú ina fhoirgnimh astaíochtaí nialasacha, **I ndáil leis an méid sin, déanfar comhlíonadh na n-íoschaighdeán feidhmíochta a rialú le pasanna athchóirithe, i gcomhréir le hAirteagal 10.**

**Leasú 163**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 9 – mír 1 – fomhír 2 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*Arna iarraidh sin do Bhallstát, féadfaidh an Coimisiún maolú suas le 3 bliana ar a mhéad a cheadú do na Ballstáit chun na híoschaighdeáin feidhmíochta fuinnimh a choigeartú trí spriocdhátaí éagsúla a leagan síos nó ceanglais a choigeartú le haghaidh aicmí feidhmíochta fuinnimh le haghaidh codanna sonracha den stoc foirgneamh. I gcásanna den sórt sin, molfaidh an Ballstát bearta malartacha a mbeidh éifeacht choibhéiseach nó níos láidre acu ar fheidhmíocht fhoriomlán an stoic foirgneamh náisiúnta, agus cuirfidh sé bearta cúitimh ar fáil d'úinéirí agus/nó tionóntaí an stoic foirgneamh a ndéanann an maolú difear dóibh faoi, inter alia, an Rialachán (Ciste Aeráide Sóisialta). Déanfaidh an Coimisiún cinneadh maidir le hiarraidh an Bhallstáit laistigh de thrí mhí ón iarraidh sin a fháil. Déanfaidh na Ballstáit an choibhéis a dhoiciméadú ina dtreochlár dá dtagraítear in Airteagal 3(1)(b).*

**Leasú 164**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 9 – mír 3 – pointe a**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

(a) bearta airgeadais iomchuí a chur ar fáil, go háirithe iad siúd atá dírithe ar theaghlaigh leochaileacha, ar dhaoine a bhfuil tionchar ag bochtaineacht fuinnimh orthu nó atá ag maireachtáil i dtithíocht shóisialta, i gcomhréir le hAirteagal 22 de Threoir (AE).../... [athmhúnlú EED];

(a) bearta airgeadais iomchuí a chur ar fáil, go háirithe iad siúd atá dírithe ar theaghlaigh leochaileacha, ar **theaghlaigh ísealioncaim nó mheánioncaim**, ar dhaoine a bhfuil tionchar ag bochtaineacht fuinnimh orthu nó atá ag maireachtáil i dtithíocht shóisialta, i gcomhréir le hAirteagal 22 de Threoir (AE) .../.... [athmhúnlú EED];

**Leasú 165**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 9 – mír 3 – pointe b**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(b) cúnamh teicniúil a chur ar fáil, lena n-áirítear trí ionaid ilfhreastail;

*Leasú*

(b) cúnamh teicniúil a chur ar fáil, lena n-áirítear ***seirbhísí faisnéise, tacaíocht riaracháin agus seirbhísí athchóirithe comhtháite*** trí ionaid ilfhreastail ***ar leibhéal na comharsanachta chun teacht ar theaghlaigh atá bocht ó thaobh fuinnimh de, agus aird ar leith á tabhairt ar úinéirí ar ioncam íseal agus úinéirí tí leochaileacha agus ar an scéim um pas athchóirithe;***

**Leasú 166**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 9 – mír 3 – pointe b a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

***(ba) an úsáid a bhaintear as pasanna athchóirithe foirgneamh i gcomhréir le hAirteagal 10 a leathnú gan aon chostas a bheith le seasamh ag teaghlaigh ísealioncaim agus mheánioncaim, custaiméirí leochaileacha, lena n-áirítear úsáideoirí deiridh, daoine a bhfuil bochtaineacht fuinnimh rompu nó atá i mbaol bochtaineachta fuinnimh agus daoine atá ina gcónaí i dtithíocht shóisialta;***

**Leasú 167**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 9 – mír 3 – pointe c**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(c) scéimeanna maoiniúcháin comhtháite a cheapadh;

*Leasú*

(c) scéimeanna maoiniúcháin comhtháite a cheapadh, ***a dhreasaíonn***



*athchóirithe domhaine, lena n-áirítear, inter alia, scéimeanna airgeadais Íoc-mar-a-shábháiltear lena gcumhdaítear comhchaighdeán an Aontais;*

**Leasú 168**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 9 – mír 3 – pointe e a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*(ea) an creat a leagan síos chun a áirithiú go bhfuil lucht saothair leordhóthanach ann leis an leibhéal cuí scileanna chun gur féidir na riachtanais a chur chun feidhme go tráthúil.*

**Leasú 169**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 9 – mír 3 – pointe e b (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*(eb) luath-athsholáthar téitheoirí atá éifeachtach ó thaobh costais de a chur chun cinn agus a dhreasú, chomh maith le haon leas iomlán is gá a bhaint as na córais theicniúla foirgneamh lena mbaineann.*

**Leasú 170**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 9 – mír 3 – pointe e c (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*(ec) réitigh dhúlra-bhunaithe a chur chun cinn le haghaidh oiriúnú don athrú aeráide go príomha.*

**Leasú 171**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 9 – mír 3 – pointe e d (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**(ed) stóráil fuinnimh le haghaidh fuinneamh in-athnuaite a chur chun cinn chun féintomhaltas fuinnimh in-athnuaite a chumasú agus chun luaineacht a laghdú;**

**Leasú 172**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 9 – mír 5 – pointe b**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

(b) foirgnimh a úsáidtear mar ionaid adhartha **agus** le haghaidh gníomhaíochtaí reiligiúnacha;

(b) foirgnimh a úsáidtear mar ionaid adhartha **nó** le haghaidh gníomhaíochtaí reiligiúnacha, **sa mhéid go dtiocfadh athrú nach bhféadfaí glacadh leis ar charachtar nó cuma na bhfoirgneamh dá gcloífi leis na caighdeáin feidhmíochta fuinnimh;**

**Leasú 173**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 9 – mír 5 – pointe c**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

(c) foirgnimh shealadacha a bhfuil am úsáide dhá bhliain nó níos lú, suíomhanna tionsclaíochta, ceardlanna agus foirgnimh talmhaíochta neamhchónaithe **ísealéilimh fuinnimh agus foirgnimh talmhaíochta neamhchónaithe atá in úsáid ag** earnáil atá cumhdaithe faoi chomhaontas earnála náisiúnta maidir le feidhmíocht fuinnimh;

(c) foirgnimh shealadacha a bhfuil am úsáide dhá bhliain nó níos lú **acu**, suíomhanna tionsclaíochta, ceardlanna agus **iostaí**, foirgnimh **neamhchónaithe amhail foirgnimh seirbhíse ísealéilimh fuinnimh agus ísealéilimh téimh nó fuaraithe agus stáisiúin soláthair bonneagair, amhail stáisiúin chlaochladáin, fostáisiúin, gléasraí rialaithe brú, déanmhais iarnróid, chomh maith le foirgnimh** talmhaíochta neamhchónaithe **a úsáideann** earnáil atá cumhdaithe faoi chomhaontas earnála

náisiúnta maidir le feidhmíocht fuinnimh;

**Leasú 174**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 9 – mír 5 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**5a. Bunóidh na Ballstáit na gníomhaíochtaí is gá chun:**

**a) an oidhreacht stairiúil agus chultúrtha a chaomhnú;**

**b) a bhfoirgnimh stairiúla a athchóiriú agus chuige sin, tá sé riachtanach modheolaíochtaí a chur i bhfeidhm chun an taobh istigh a chaomhnú, chun sainathint, cosaint agus caomhnú na hoidhreachta cultúrtha agus nádúrtha a mheastar a bhfuil luach neamhghnách ag baint léi don chine daonna a spreagadh;**

**Leasú 175**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 9 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**Airteagal 9a**

**Grianfhuinneamh i bhfoirgnimh**

***I gcomhréir le Straitéis an Aontais maidir le Fuinneamh Gréine áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh gach foirgneamh deartha chun a phoitéinseal giniúna gréine a bharrfheabhsú ar bhonn ghrian-ionradantas an tsuímh, rud lena gcumasáitear teicneolaíochtaí gréine a shuiteáil ar bhealach costéifeachtach.***

***Áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfear suiteálacha grianfhuinnimh oiriúnacha in úsáid: .***

(a) *faoi dháta thrasuí na Treorach seo, maidir le gach foirgneamh nua poiblí agus tráchtála a bhfuil achar úsáideach urláir níos mó ná 250 méadar cearnach acu;*

(b) *faoi 31 Nollaig 2026, maidir le gach foirgneamh poiblí agus tráchtála atá ann cheana agus a bhfuil achar úsáideach urláir níos mó ná 250 méadar cearnach acu; agus*

(c) *dáta thrasuí na Treorach seo, maidir le gach foirgneamh cónaithe nua.*

*Déanfaidh na Ballstáit critéir a shainiú ar an leibhéal náisiúnta maidir le cur chun feidhme praiticiúil na n-oibleagáidí sin, agus maidir le díolúintí féideartha le haghaidh cineálacha áirithe foirgneamh, i gcomhréir le poitéinseal measta teicniúil agus eacnamaíoch na suiteálacha grianfhuinnimh agus saintréithe na bhfoirgneamh a chumhdaítear leis an oibleagáid sin, agus cuirfidh na Ballstáit na critéir sin ar fáil don phobal.*

## Leasú 176

### Togra le haghaidh Treorach Airteagal 10 – mír 3 – pointe b

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(b) is éard a bheidh ann treochlár athchóirithe lena *léireofar sraith céimeanna athchóirithe a bheidh ag tógáil ar a chéile, agus a mbeidh sé de chuspóir leis* an foirgneamh a chlaohlú ina fhoirgneamh astaíochtaí nialasacha faoin mbliain 2050 ar a dhéanaí;

## Leasú 177

### Togra le haghaidh Treorach Airteagal 10 – mír 3 – pointe c

*Leasú*

(b) is éard a bheidh ann treochlár athchóirithe *mar chuid den teastas feidhmíochta fuinnimh*, lena *léirítear an t-athchóiriú, i gcomhréir le bunphrionsabail na héifeachtúlachta fuinnimh, chun an* foirgneamh a chlaohlú ina fhoirgneamh astaíochtaí nialasacha faoin mbliain 2050 ar a dhéanaí;

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(c) cuirfear in iúl ann na tairbhí a bhfuiltear ag *súil* leo i dtéarmaí coigiltis fuinnimh, coigiltis ar bhíllí fuinnimh agus laghduithe ar astaíochtaí gás ceaptha teasa oibríochtúla chomh maith le sochair níos leithne a bhaineann le sláinte agus compord agus acmhainn oiriúnaitheach fheabhsaithe an fhoirgnimh i leith an athraithe aeráide; agus

*Leasú*

(c) cuirfear in iúl ann *costas measta* na *hinfheistíochta agus na* tairbhí a bhfuiltear ag *dréim* leo i dtéarmaí coigiltis fuinnimh, coigiltis ar bhíllí fuinnimh agus laghduithe ar astaíochtaí gás ceaptha teasa oibríochtúla chomh maith le sochair níos leithne a bhaineann le sláinte, *sábháilteacht (dóiteáin, leictreach agus sheismeach) agus compord ó thaobh cháilíocht na timpeallachta laistigh, cháilíocht an aeir laistigh, compord teirmeach agus fuaime, dálaí sholas an lae agus* acmhainn oiriúnaitheach fheabhsaithe an fhoirgnimh i leith an athraithe aeráide, agus

**Leasú 178**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 10 – mír 3 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*3a. Áiritheoidh na Ballstáit nach gcruthófar leis an bpas athchóirithe bacainn eacnamaíoch nó neamheacnamaíoch d'úinéirí foirgnimh, go háirithe do theaghlaigh ar ioncam íseal agus meánioncam agus do chustaiméirí leochaileacha, lena n-áirítear úsáideoirí deiridh, daoine atá bocht ó thaobh fuinnimh de, nó atá i mbaol na bochtaineachta fuinnimh agus daoine atá ag cónaí i dtíthíocht shóisialta, agus go n-eisítear pasanna athchóirithe saor in aisce go sonrach d'úinéirí tí, ar réadmhaoin chónaithe aonair í an teaghais.*

*Leasú*

**Leasú 179**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 21 a – mír 1 – fomhír 1**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

Déanfaidh na Ballstáit, chun barrfheabhsú a dhéanamh ar úsáid fuinnimh na gcóras teicniúil foirgneamh, ceanglais chórais a leagan síos maidir le feidhmíocht fuinnimh fhoriomlán, suiteáil cheart agus toisiú, coigeartú agus rialú iomchuí na gcóras teicniúil atá suiteáilte i bhfoirgnimh nua nó i bhfoirgnimh atá ann cheana. **Agus** na ceanglais á mbunú, **cuirfidh** na Ballstáit **san áireamh dálaí deartha agus gnáthdhálaí oibriúcháin nó meánchoinníollacha oibriúcháin.**

**Leasú 180**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 11 – mír 1 – fomhír 3**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

Féadfaidh na Ballstáit ceanglais a leagan síos a bhaineann le hastaíochtaí gás ceaptha teasa de chuid gineadóirí teasa nó leis an gcineál breosla a úsáideann gineadóirí teasa ar choinníoll nach mbeidh na ceanglais sin ina mbacainn gan údar ar an margadh.

**Leasú 181**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 11 – mír 1 – fomhír 4**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

Áiritheoidh na Ballstáit go **sroichfidh** na ceanglais a **leagann** siad síos le haghaidh córais theicniúla foirgneamh na leibhéil is fearr **agus is déanaí** costais ar a laghad.

*Leasú*

Déanfaidh na Ballstáit, chun barrfheabhsú a dhéanamh ar úsáid fuinnimh na gcóras teicniúil foirgneamh, ceanglais chórais a leagan síos maidir le feidhmíocht fuinnimh fhoriomlán, suiteáil cheart agus toisiú, coigeartú agus rialú iomchuí na gcóras teicniúil atá suiteáilte i bhfoirgnimh nua nó i bhfoirgnimh atá ann cheana. **Nuair a bheidh** na ceanglais á mbunú **acu, éileoidh** na Ballstáit **go n-úsáidfear na teicneolaíochtaí sna cúig aicme éifeachtúlachta is airde de réir Rialachán 811/2013 agus Rialachán 812/2013.**

*Leasú*

Féadfaidh na Ballstáit ceanglais a leagan síos a bhaineann le hastaíochtaí gás ceaptha teasa de chuid gineadóirí teasa nó leis an gcineál breosla a úsáideann gineadóirí teasa, **i gcomhréir le hAirteagail 3 agus 15**, ar choinníoll nach mbeidh na ceanglais sin ina mbacainn gan údar ar an margadh **agus go mbeidh siad neodrach ó thaobh na teicneolaíochta de.**

*Leasú*

Áiritheoidh na Ballstáit go **mbainfidh** na ceanglais a **leag** siad síos le haghaidh córais theicniúla foirgneamh na leibhéil is fearr **ó thaobh** costais **de** ar a laghad **amach agus go dtabharfaidh siad aird ar**

*na caighdeáin ábhartha optamaithe eacnamaíocha agus comhshaoil dá ngnéithe nuair a bheidh siad ar fáil.*

**Leasú 182**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 12 – mír 1 – pointe c**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(c) spás páirceála rothar amháin ar a laghad **le haghaidh** gach **spáis** páirceála cairr;

*Leasú*

(c) spás páirceála rothar amháin ar a laghad **do** gach **spás** páirceála cairr, **agus spás páirceála rothar ar a laghad do gach spás páirceála cairr i ngach foirgneamh oifige agus foirgneamh atá faoi úinéireacht nó á áitiú ag údaráis phoiblí;**

**Leasú 183**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 12 – mír 1 – pointe c a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(c) do gach 10 spás páirceála rothar beidh spás páirceála amháin ann do rothair a bhfuil toisí níos mó acu ná rothair chaighdeánacha, amhail rothair lasta, trírothaigh, agus rothair le leantóirí, a mbeidh aon spás amháin ar a laghad acu;

*Leasú*

(ca) do gach 10 spás páirceála rothar beidh spás páirceála amháin ann do rothair a bhfuil toisí níos mó acu ná rothair chaighdeánacha, amhail rothair lasta, trírothaigh, agus rothair le leantóirí, a mbeidh aon spás amháin ar a laghad acu;

**Leasú 184**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 21 a – mír 1 – fomhír 1**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

, i gcás ina bhfuil an carrchlós taobh leis an bhfoirgneamh agus, i gcás athchóirithe móra, áirítear ar na bearta athchóirithe an carrchlós nó bonneagar leictreach an charrchlóis.

*Leasú*

i gcás ina bhfuil an carrchlós taobh leis an bhfoirgneamh **nó laistigh den fhoirgneamh** agus, i gcás athchóirithe móra, áirítear ar na bearta athchóirithe an carrchlós nó bonneagar leictreach an

charrchlóis.

*Réasúnú*

*Tá gá leis an leasú ar chúiseanna práinneacha a bhaineann le loighic inmheánach an téacs.*

**Leasú 185**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 12 – mír 1 – fomhír 2**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh an réamhchabhlú **toise** sa chaoi go mbeifear in ann líon na bpointí athluchtaithe a bhfuiltear ag súil leo a úsáid san am céanna.

*Leasú*

Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh an réamhchabhlú **agus an tsuiteáil leictreach de thoise** sa chaoi go mbeifear in ann líon na bpointí athluchtaithe a bhfuiltear ag súil leo a úsáid **go hoptamach ó thaobh na heacnamaíochta de** san am céanna.

**Leasú 186**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 12 – mír 2**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

2. Maidir le gach foirgneamh **neamhchónaithe a** bhfuil níos mó ná fiche spás páirceála **aige**, áiritheoidh na Ballstáit **go ndéanfar pointe athluchtaithe amháin ar a laghad a shuiteáil i ngach deich spás páirceála, agus ar a laghad spás páirceála rothair amháin do gach spás páirceála gluasteáin**, faoin 1 Eanáir 2027. **I gcás foirgnimh atá faoi úinéireacht nó áitithe ag údarais phoiblí, áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh réamhchabhlú ann le haghaidh gach dara spás páirceála ar a laghad faoin 1 Eanáir 2033.**

*Leasú*

2. Maidir le gach foirgneamh **neamhchónaithe ina** bhfuil níos mó ná fiche spás páirceála, **agus maidir le gach foirgneamh atá faoi úinéireacht údarais poiblí a bhfuil níos mó ná 10 spás páirceála iontu**, áiritheoidh na Ballstáit **an méid seo a leanas** faoin 1 Eanáir 2027:

(a) **pointe athluchtaithe amháin ar a laghad a shuiteáil in aghaidh gach deich spás páirceála;**

(b) **spás páirceála rothar amháin ar a laghad le haghaidh gach spás páirceála**



*cairr;*

*(c) le haghaidh gach 10 spás páirceála rothar ar a laghad, dearfar ceann amháin do rothair ar mó a dtoisí ná rothair chaighdeánacha, amhail rothair lasta, trírothaigh, agus rothair le leantóirí.*

*I gcás foirgnimh atá faoi úinéireacht nó áitithe ag údaráis phoiblí, áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh réamhcháblú ann le haghaidh gach dara spás páirceála ar a laghad faoin 1 Eanáir 2033.*

### *Réasúinú*

*Tá gá leis an leasú ar chúiseanna práinneacha a bhaineann le loighic inmheánach an téacs.*

## **Leasú 187**

### **Togra le haghaidh Treorach Airteagal 12 – mír 3**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

3. Féadfaidh na Ballstáit na ceanglais maidir le líon na spásanna páirceála **rothair** a choigeartú i gcomhréir le míreanna 1 agus 2 do chatagóirí sonracha foirgneamh neamhchónaithe i gcás ina mbíonn níos lú rothar á n-úsáid mar mhodh iompair de ghnáth.

*Leasú*

3. Féadfaidh na Ballstáit na ceanglais maidir le líon na spásanna páirceála **rothar** a choigeartú i gcomhréir le míreanna 1 agus 2 do chatagóirí sonracha foirgneamh neamhchónaithe i gcás ina mbíonn níos lú rothar á n-úsáid mar mhodh iompair de ghnáth **agus de réir riachtanais áitiúla agus saintréithe áitiúla. Na Ballstáit a chuirfidh na coigeartuithe sin i bhfeidhm, déanfaidh siad amhlaidh tar éis dóibh dul i gcomhairle le saineolaithe soghluaisteachta gníomhacha agus leis an tsochaí shibhialta.**

## **Leasú 188**

### **Togra le haghaidh Treorach Airteagal 12 – mír 4 – fomhír 1 – pointe a a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**(aa) le haghaidh gach 10 spás páirceála do rothair i spásanna páirceála comhchoiteanna do rothair go mbeidh spás páirceála amháin deartha do rothair le toisí níos mó ná rothair chaighdeánacha, amhail rothair lasta, trírothaigh, agus rothair le leantóirí, a mbeidh ar a laghad spás amháin ann dóibh;**

*Réasúnú*

*Tá gá leis an leasú ar chúiseanna práinneacha a bhaineann le loighic inmheánach an téacs.*

**Leasú 189**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 12 – mír 4 – fomhír 1 – pointe b**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**(b) dhá spás páirceála rothar ar a laghad do gach teach. scriosta**

**Leasú 190**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 12 – mír 4 – fomhír 2**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

tá an carrchlós taobh leis an bhfoirgneamh agus, i gcás athchóiriú mór, áirítear ar na bearta athchóirithe an carrchlós nó an bonneagar leictreach sa charrchlós.

tá an carrchlós taobh leis an bhfoirgneamh **nó laistigh den fhoirgneamh** agus, i gcás athchóiriú mór, áirítear ar na bearta athchóirithe an carrchlós nó an bonneagar leictreach sa charrchlós.

*Réasúnú*

*Tá gá leis an leasú ar chúiseanna práinneacha a bhaineann le loighic inmheánach an téacs.*

**Leasú 191**

**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 12 – mír 4 – fómhír 3**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh an réamhcháblú **toise** sa chaoi go mbeifear in ann na pointí athluchtaithe ar gach aon spás páirceála a úsáid san am céanna. Más rud é, i gcás athchóirithe móra, nach bhfuil sé indéanta dhá spás páirceála rothar a áirithiú le haghaidh gach teaghaise, áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh an oiread spásanna páirceála rothar is féidir ann de réir mar is iomchuí.

*Leasú*

Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh an réamhcháblú **agus suiteálacha leictreacha de thoise** sa chaoi go mbeifear in ann na pointí athluchtaithe ar gach aon spás páirceála a úsáid **go hoptamach ó thaobh na heacnamaíochta de** san am céanna. Más rud é, i gcás athchóirithe móra, nach bhfuil sé indéanta dhá spás páirceála rothar a áirithiú le haghaidh gach teaghaise, áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh an oiread spásanna páirceála rothar is féidir ann de réir mar is iomchuí.

**Leasú 192**

**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 12 – mír 5**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

5. Féadfaidh Ballstáit cinneadh a dhéanamh gan míreanna 1, 2 agus 4 a chur i bhfeidhm ar chatagóirí sonracha foirgnimh i gcás ina mbeadh **bheadh** an réamhcháblú ag brath ar chórais leithlisithe bheaga nó sna réigiúin is forimeallaí laistigh de bhrí Airteagal 349 CFAE, dá mbeadh fadhbanna nach beag ann i dtaobh oibriú an chórais áitiúil fuinnimh agus go mbeadh baol ann do chobhsaíocht san eangach áitiúil an mar thoradh air sin;

*Leasú*

5. Féadfaidh Ballstáit cinneadh a dhéanamh gan míreanna 1, 2 agus 4 a chur i bhfeidhm ar chatagóirí sonracha foirgnimh i gcás ina mbeadh an réamhcháblú ag brath ar chórais leithlisithe bheaga nó sna réigiúin is forimeallaí laistigh de bhrí Airteagal 349 CFAE, dá mbeadh fadhbanna nach beag ann i dtaobh oibriú an chórais áitiúil fuinnimh agus go mbeadh baol ann do chobhsaíocht san eangach áitiúil an mar thoradh air sin **i bhfianaise acmhainneacht na saoráidí stórála fuinnimh.**

*Réasúnú*

*Tá gá leis an leasú ar chúiseanna práinneacha a bhaineann le loighic inmheánach an téacs.*

**Leasú 193**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 12 – mír 6 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**6a.** *Beidh na pointí athluchtaithe príobháideacha agus na pointí athluchtaithe atá ann cheana dá dtagraítear i míreanna 1, 2 agus 4 faoi réir measúnú ag an údarás rialála i gcomhairle leis na geallsealbhóirí ábhartha, amhail oibreoirí córais dáileacháin, oibreoirí leictreachghluaisteachta agus comhbhailitheoirí solúbthachta, chun a chinneadh an iomchuí feidhmiúlachtaí athluchtaithe déthreocha a shuiteáil agus tacú le saoráidí stórála fuinnimh.*

**Leasú 194**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 12 – mír 8 – fomhír 1**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

Déanfaidh na Ballstáit foráil le haghaidh beart **d'fhonn** pointí athluchtaithe a chur ar fáil i bhfoirgnimh nua chónaithe agus neamh-chónaithe agus foirgnimh chónaithe agus neamh-chónaithe atá ann faoi láthair agus bacainní rialála a bhaint, lena n-áirítear i ndáil le nósanna imeachta ceada agus formheasa, gan dochar do dhlí na maoine agus dlí na tionóntachta sna Ballstáit. Bainfidh na Ballstáit bacainní ar shuiteáil pointí athluchtaithe i bhfoirgnimh chónaithe le spásanna páirceála, go háirithe an gá atá ann toiliú a fháil ón tiarna talún nó ó na comhúinéirí le haghaidh pointe athluchtaithe phríobháideach dá n-úsáid féin.

Déanfaidh na Ballstáit foráil le haghaidh beart **chun** pointí athluchtaithe **agus spásanna páirceála rothar** a chur ar fáil i bhfoirgnimh nua chónaithe agus neamh-chónaithe agus foirgnimh chónaithe agus neamh-chónaithe atá ann faoi láthair agus bacainní rialála a bhaint, lena n-áirítear i ndáil le nósanna imeachta ceada agus formheasa, gan dochar do dhlí na maoine agus dlí na tionóntachta sna Ballstáit. Bainfidh na Ballstáit bacainní ar shuiteáil pointí athluchtaithe **agus spásanna páirceála rothar** i bhfoirgnimh chónaithe **agus/nó tithíocht** le spásanna páirceála, go háirithe an gá atá ann toiliú a fháil ón tiarna talún nó ó na comhúinéirí le haghaidh pointe athluchtaithe phríobháideach dá n-úsáid féin.

## Réasúnú

Tá gá leis an leasú ar chúiseanna práinneacha a bhaineann le loighic inmheánach an téacs.

### Leasú 195

#### Togra le haghaidh Treorach Airteagal 12 – mír 8 – fomhír 2

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh cúnamh teicniúil ar fáil d'úinéirí foirgnimh agus do thionóntaí ar mian leo pointí athluchtaithe a shuiteáil.

*Leasú*

Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh cúnamh teicniúil ar fáil d'úinéirí foirgnimh agus do thionóntaí ar mian leo pointí athluchtaithe **agus spásanna páirceála rothar** a shuiteáil.

### Leasú 196

#### Togra le haghaidh Treorach Airteagal 12 – mír 9

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

9. Áiritheoidh na Ballstáit comhleanúnachas beartas le haghaidh foirgneamh, soghluaisteacht **bhog** agus ghlas agus pleanáil uirbeach.

*Leasú*

9. Áiritheoidh na Ballstáit comhleanúnachas beartas le haghaidh foirgneamh, soghluaisteacht **ghníomhach** agus ghlas agus pleanáil uirbeach. **Tabharfaidh na Ballstáit isteach leasuithe ar chóid tógála atá ann cheana maidir leis na ceanglais theicniúla chun spásanna páirceála rothar a shuiteáil i ngach foirgneamh nua cónaithe agus neamhchónaithe.**

## Réasúnú

Tá gá leis an leasú ar chúiseanna práinneacha a bhaineann le loighic inmheánach an téacs.

### Leasú 197

#### Togra le haghaidh Treorach Airteagal 21 a – mír 1 – fomhír 1

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

Áiríteoidh na Ballstáit go mbeidh rochtain dhíreach ag úinéirí foirgnimh, ag tionóntaí agus ag bainisteoirí ar shonraí a gcóras foirgnimh. Arna iarraidh sin dóibh, cuirfear an rochtain nó na sonraí ar fáil do thríú páirtí. Éascóidh na Ballstáit idir-inoibritheacht iomlán seirbhísí agus malartú sonraí laistigh den Aontas i gcomhréir le mír 6.

**Leasú 198**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 14 – mír 5**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

5. Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme ina sonrúfar ceanglais idir-inoibritheachta agus nósanna imeachta neamh-idirdhealaitheacha agus trédhearcacha maidir le rochtain ar na sonraí. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta comhairleach dá dtagraítear in Airteagal 30(2).

**Leasú 199**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 15 – mír 1**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

1. Soláthróidh na Ballstáit **maoiniú** iomchuí, bearta tacaíochta agus ionstraimí

*Leasú*

Áiríteoidh na Ballstáit go mbeidh rochtain dhíreach ag úinéirí foirgnimh, ag tionóntaí agus ag bainisteoirí ar shonraí a gcóras foirgnimh **faoi seach**. Arna iarraidh sin dóibh **le húdar cuí**, cuirfear an rochtain nó na sonraí ar fáil do thríú páirtí. Éascóidh na Ballstáit idir-inoibritheacht iomlán seirbhísí agus malartú sonraí laistigh den Aontas i gcomhréir le mír 6.

*Leasú*

5. Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme ina sonrúfar ceanglais idir-inoibritheachta agus nósanna imeachta neamh-idirdhealaitheacha agus trédhearcacha maidir le rochtain ar na sonraí. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta comhairleach dá dtagraítear in Airteagal 30(2) **roimh an 31 Nollaig 2023. Ullmhófar straitéis chomhairliúcháin ina leagfar amach cuspóirí n chomhairliúcháin, na geallsealbhóirí a bhfuiltear ag spriocdhíriú orthu agus na gníomhaíochtaí comhairliúcháin chun na gníomhartha cur chun feidhme a ullmhú.**

*Leasú*

1. Soláthróidh na Ballstáit **scéimeanna fóirdheontais agus maoinithe**

eile trína mbeifear in ann aghaidh a thabhairt ar bhacainní ar an margadh agus na hinfheistíochtaí is gá a spreagadh in athchóiriú fuinnimh i gcomhréir lena bplean athchóirithe foirgneamh náisiúnta agus d'fhonn a stoc foirgnimh a athrú ina bhfoirgnimh astaíochtaí nialasacha faoin mbliain 2050.

iomchuí, bearta tacaíochta agus ionstraimí eile, ***a bheidh sainoiriúnaithe chun freastal ar riachtanais na n-úinéirí foirgnimh agus na dtionóntaí éagsúla***, trína mbeifear in ann aghaidh a thabhairt ar bhacainní ar an margadh agus na hinfheistíochtaí is gá a spreagadh in athchóiriú fuinnimh ***agus tógáil astaíochtaí ísle saolré ag úsáid fuinneamh glan*** i gcomhréir lena bplean athchóirithe foirgneamh náisiúnta agus d'fhonn a stoc foirgnimh a athrú ina bhfoirgnimh astaíochtaí nialasacha faoin mbliain 2050 ***agus d'fhonn leibhéil arda ciorclaíochta a bhaint amach. I gcás athchóiriú domhain i bhfoirgnimh chónaithe a chosnaíonn níos mó ná 50 % de luach an fhoirgnimh nó an aonaid foirgnimh, cuirfidh na Ballstáit sásra cistiúcháin sonrath ar fáil. Tabharfar tosaíocht do theaghlaigh ísealioncaim agus mheánioncaim, do chustaiméirí leochaileacha, lena n-áirítear úsáideoirí deiridh, do dhaoine atá bocht ó thaobh fuinnimh de nó atá i mbaol bochtaineachta fuinnimh agus do dhaoine atá ina gcónaí i dtithíocht shóisialta.***

## Leasú 200

### Togra le haghaidh Treorach Airteagal 15 – mír 4

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

4. Chun tacú le ***cur ag gluaiseacht infheistíochtaí***, déanfaidh na Ballstáit cur ***chun feidhme*** céimneach an ***mhaoinithe*** chumasúcháin agus ***uirlisí*** airgeadais a chur chun cinn, amhail iasachtaí éifeachtúlachta fuinnimh agus morgáistí le haghaidh athchóiriú foirgneamh, conraitheoireacht feidhmíochta fuinnimh, dreasachtaí fioscacha, scéimeanna ***ar an gcáin***, scéimeanna ***ar an mbille***, cistí ***ráthaíochta***, ***cistí atá dírithe*** ar athchóiriú domhain, cistí ***atá dírithe*** ar athchóirithe a ***bhfuil tairseach íosta shuntasach de***

*Leasú*

4. Chun tacú le ***hinfheistíochtaí a shlógadh***, déanfaidh na Ballstáit cur ***i bhfeidhm*** céimneach an ***chistithe*** chumasúcháin agus ***na n-uirlisí*** airgeadais ***cumasúcháin*** a chur chun cinn, amhail iasachtaí éifeachtúlachta fuinnimh agus morgáistí le haghaidh athchóiriú foirgneamh, conraitheoireacht feidhmíochta fuinnimh, ***scéim airgeadais Íoc-mar-a-shábháiltear***, dreasachtaí fioscacha, ***atá oiriúnaithe d'éabhlóid dhearfach dheimhniú éifeachtúlachta fuinnimh an fhoirgnimh lena mbainfear***

***choigiltis fuinnimh spriocdhírithe*** agus caighdeáin punainne morgáiste ***ag baint leo***. Treoróidh siad infheistíochtaí i stoc foirgnimh poiblí atá fuinneamhéifeachtúil, i gcomhréir le treoir ó Eurostat maidir le Conarthaí um Fheidhmíocht Fuinnimh a thaifeadadh i gcuntais rialtais.

***tairbhe as an dreasacht sin***, scéimeanna ***cánach***, scéimeanna ar ***bhille***, cistí ***a dhíríonn*** ar athchóiriú domhain, cistí ***lena ndírítear*** ar athchóirithe ***le tairseach shuntasach íosta de chaighdeáin spriocdhírithe coigiltis fuinnimh agus punainne morgáiste agus ionstraimí eacnamaíocha chun dreasachtaí a chur ar fáil chun bearta ciorclacha a chur i bhfeidhm amhail an liosta cuimsitheach a leagtar amach in Iarscribhinn II*** agus caighdeáin punainne morgáiste. Treoróidh siad infheistíochtaí i stoc foirgnimh poiblí atá fuinneamhéifeachtúil, i gcomhréir le treoir ó Eurostat maidir le Conarthaí um Fheidhmíocht Fuinnimh a thaifeadadh i gcuntais rialtais. ***Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar faisnéis faoin gcistiú agus faoi na huirlisí airgeadais atá ar fáil a chur ar fáil don phobal ar bhealach inrochtana agus trédhearcach.***

## Leasú 201

### **Togra le haghaidh Treorach Airteagal 15 – mír 5 – fomhír 1**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

Éascóidh na Ballstáit comhiomlánú tionscadal chun rochtain infheisteoirí a chumasú chomh maith le réitigh phacáistithe do chliaint ionchasacha.

*Leasú*

Éascóidh na Ballstáit comhiomlánú tionscadal chun rochtain infheisteoirí a chumasú chomh maith le réitigh phacáistithe do chliaint ionchasacha. ***Cuirfidh na Ballstáit tacaíocht ar fáil do thionscnaimh áitiúla, amhail cláir athchóirithe faoi stiúir na saoránach agus cláir le haghaidh dícharbónú téimh agus fuaraithe ar leibhéal na comharsanachta nó an bhardais.***

## Leasú 202

### **Togra le haghaidh Treorach Airteagal 15 – mír 5 – fomhír 2**



Glacfaidh na Ballstáit bearta chun a áirithiú go ndéanfaidh institiúidí airgeadais táirgí iasachtaithe éifeachtúlachta fuinnimh le haghaidh athchóirithe foirgneamh a thairiscint go forleathan agus ar bhealach neamh-idirdhealaitheach agus go mbeidh siad infheicthe agus go mbeadh rochtain ag tomhaltóirí orthu. Áiritheoidh na Ballstáit go bhfaighidh bainc agus institiúidí airgeadais ***eile*** agus infheisteoirí faisnéis maidir le deiseanna a bheith rannpháirteach ***sa mhaoiniú maidir le feabhas a chur*** ar fheidhmíocht fuinnimh foirgneamh.

Glacfaidh na Ballstáit bearta chun a áirithiú go ndéanfaidh institiúidí airgeadais táirgí iasachtaithe éifeachtúlachta fuinnimh le haghaidh athchóirithe foirgneamh a thairiscint go forleathan agus ar bhealach neamh-idirdhealaitheach agus go mbeidh siad infheicthe agus go mbeadh rochtain ag tomhaltóirí orthu. Áiritheoidh na Ballstáit go bhfaighidh bainc agus institiúidí airgeadais agus infheisteoirí ***eile*** faisnéis maidir le deiseanna a bheith rannpháirteach ***i maoiniú a dhéanamh*** ar fheidhmíocht fuinnimh foirgneamh ***a mhaoiniú agus táirgí sonracha a fhorbairt do theaghlaigh ar ísealioncaim agus mheánioncaim, do chustaiméirí leochaileacha, lena n-áirítear úsáideoirí deiridh, do dhaoine atá bocht ó thaobh fuinnimh de nó atá i mbaol na bochtaineachta fuinnimh agus do dhaoine atá ina gcónaí i dtithíocht shóisialta.***

## **Leasú 203**

### **Togra le haghaidh Treorach Airteagal 15 – mír 6**

6. Áiritheoidh na Ballstáit go mbunófar saoráidí cúnamh theicniúil, lena n-áirítear trí ionaid ilfhreastail, lena ndíreofar ar na gníomhaithe uile atá páirteach in athchóirithe foirgneamh, lena n-áirítear úinéirí baile agus gníomhaithe riaracháin, airgeadais agus eacnamaíocha, lena n-áirítear fiontair bheaga agus mheánmhéide.

6. Áiritheoidh na Ballstáit go mbunófar saoráidí cúnamh theicniúil, lena n-áirítear trí ionaid ilfhreastail ***uilechuimsitheacha***, lena ndíreofar ar na gníomhaithe uile atá páirteach in athchóirithe foirgneamh, lena n-áirítear úinéirí baile agus gníomhaithe riaracháin, airgeadais agus eacnamaíocha, lena n-áirítear fiontair bheaga agus mheánmhéide.

***Áiritheoidh na Ballstáit go bhfeidhmeoidh ionad ilfhreastail amháin ar a laghad in aghaidh an réigiúin ar fud an Aontais. Oibreoidh an Coimisiún go dlúth leis an mBanc Eorpach Infheistíochta, leis na Ballstáit agus leis na réigiúin chun***

*leanúnachas maoinithe a áirithiú  
d'ionaid ilfhreastail le linn ré an  
Rabharta Athchóiriúcháin.*

**Leasú 204**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 15 – mír 7 – fomhír 1 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*Tabharfaidh na Ballstáit tosaíocht do leithdháileadh cuid de Chiste Sóisialta na hEorpa ar uas-sciliú oibríthe buighorm san éifeachtúlacht fuinnimh don earnáil tógála lena n-áirítear teicnící oibre inbhuanaithe lena ndírítear ar ghnéithe sláinte amháil aispeist. Bunóidh na Ballstáit clárlanna dá ngairmithe luachshlabhra tógála, ina mbeidh sonraí ar fáil maidir le hinfhaighteacht scileanna agus gairmithe oilte ar an margadh. Déanfar na clárlanna sin a nuashonrú go bliantúil, agus beidh rochtain ag an bpobal ar a gcuid sonraí.*

**Leasú 205**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 15 – mír 8 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*8a. Forbróidh an Coimisiún caighdeán coiteann de chuid an Aontais le haghaidh scéimeanna airgeadais “Íoc mar a Shábháiltear” i gcomhréir le hAirteagal 2 den Treoir seo, lena leagfar síos íoscheanglais éigeantacha do ghníomhaithe poiblí agus príobháideacha.*

*Réasúnú*

*Tá gá leis an leasú ar chúiseanna práinneacha a bhaineann le loighic inmheánach an téacs.*

## Leasú 206

### Togra le haghaidh Treorach Airteagal 15 – mír 9 – an chuid réamhráiteach

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

9. Nascfaidh na Ballstáit a mbearta airgeadais le haghaidh **feabhsúcháin feidhmíochta** fuinnimh *in* athchóiriú foirgneamh leis an gcoigilt fuinnimh a bheidh mar sprioc **nó** a bhainfear amach de thoradh an athchóirithe sin, arna chinneadh i gcritéar amháin nó níos mó de na critéir seo a leanas:

*Leasú*

9. Nascfaidh na Ballstáit a mbearta airgeadais le haghaidh **feabhsúcháin dhearfacha feidhmíochta** fuinnimh, **a bheidh deimhnithe le teastais iomchuí lena gceadófar** athchóiriú foirgneamh leis an gcoigilt fuinnimh a bheidh mar sprioc **agus** a bhainfear amach de thoradh an athchóirithe sin, arna chinneadh i gcritéar amháin nó níos mó de na critéir seo a leanas:

*Réasúnú*

*Tá gá leis an leasú ar chúiseanna práinneacha a bhaineann le loighic inmheánach an téacs.*

## Leasú 207

### Togra le haghaidh Treorach Airteagal 15 – mír 9 – pointe a

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(a) feidhmíocht fuinnimh an trealaimh nó an ábhair a úsáidfear leis an athchóiriú; sa chás sin, déanfaidh suiteálaí a bhfuil an leibhéal ábhartha deimhniúcháin nó cáilíochta aige an trealamh nó an t-ábhar a úsáidfear san athchóiriú a shuiteáil agus comhlíonfaidh sé na híoscheanglais feidhmíochta fuinnimh le haghaidh codanna d'fhoirgnimh ;

*Leasú*

(a) feidhmíocht fuinnimh an trealaimh nó an ábhair a úsáidfear leis an athchóiriú; sa chás sin, déanfaidh suiteálaí a bhfuil an leibhéal ábhartha deimhniúcháin nó cáilíochta aige an trealamh nó an t-ábhar a úsáidfear san athchóiriú a shuiteáil agus comhlíonfaidh sé na híoscheanglais feidhmíochta fuinnimh le haghaidh codanna d'fhoirgnimh **le haghaidh feabhsú feidhmíochta ar thomhaltas fuinnimh foirgneamh;**

*Justification*

*Financial measures are paramount to stimulate the energy renovation market. Such supportive measures have to go beyond the system of energy-savings obligations. (since*

*energy savings obligation usually target commoditized products and not look at the overall performance/management of building). A report by the Building Performance Institute in Europe found that a combination of different tools may be more effective than single measures over the long-term. Attention shall be paid to the effective leverage of public money spend on energy efficiency measures in buildings. A recent study by the European Court of Auditors show that it is not possible to know how much energy will have been saved by investing a total of €6.6 billion of 2014-2020 public spending in residential buildings at EU level since the cost-effectiveness of the investments have not been measured.*

## **Leasú 208**

### **Togra le haghaidh Treorach Airteagal 15 – mír 9 – pointe d a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**(da) torthaí an fhaireacháin ex-post;**

*Réasúnú*

*Tá gá leis an leasú ar chúiseanna práinneacha a bhaineann le loighic inmheánach an téacs.*

## **Leasú 209**

### **Togra le haghaidh Treorach Airteagal 15 – mír 9 – pointe d b (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**(db) torthaí fheidhmíocht an táscaire  
ullmhachta cliste (SRI) a baineadh a  
amach;**

*Réasúnú*

*Tá gá leis an leasú ar chúiseanna práinneacha a bhaineann le loighic inmheánach an téacs.*

## **Leasú 210**

### **Togra le haghaidh Treorach Airteagal 15 – mír 9 – pointe e a (nua)**

**(ea) cáilíocht fheabhsaithe na timpeallachta faoi dhíon.**

Réasúnú

Tá gá leis an leasú ar chúiseanna práinneacha a bhaineann le loighic inmheánach an téacs.

**Leasú 211**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 15 – mír 10**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

10. Ón 1 Eanáir **2027** ar a dhéanaí, ní sholáthróidh na Ballstáit aon dreasacht airgeadais chun coirí a shuiteáil ar coirí iad a chumhachtaítear le breoslaí iontaise, cé is moite díobh siúd a roghnaíodh le haghaidh infheistíochta, roimh **2027**, i gcomhréir le hAirteagal 7(1)(h)(i) an tríú fleiscín de Rialachán (AE) 2021/1058 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>45</sup> maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa agus maidir leis an gCiste Comhtháthaithe agus le hAirteagal 73 de Rialachán (AE) 2021/2115 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>46</sup> maidir le pleananna straitéiseacha CBT.

---

<sup>45</sup> Rialachán (AE) 2021/1058 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meitheamh 2021 maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa agus an Ciste Comhtháthaithe (IO L 231,

*Leasú*

10. Ón 1 Eanáir **2024** ar a dhéanaí, ní sholáthróidh na Ballstáit aon dreasacht airgeadais chun coirí a shuiteáil ar coirí iad **nach bhfuil deimhnithe chun feidhmiú ag úsáid fuinneamh in-athnuaite agus dícharbónaithe agus** a chumhachtaítear le breoslaí iontaise, cé is moite díobh siúd a roghnaíodh le haghaidh infheistíochta, roimh **2024**, i gcomhréir le hAirteagal 7(1)(h)(i) an tríú fleiscín de Rialachán (AE) 2021/1058 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>45</sup> maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa agus maidir leis an gCiste Comhtháthaithe agus le hAirteagal 73 de Rialachán (AE) 2021/2115 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>46</sup> maidir le pleananna straitéiseacha CBT.

***Beidh coirí, atá le suiteáil i gcomhar le teicneolaíochtaí in-athnuaite (nach teicneolaíochtaí aonair iad), incháilithe i gcónaí do dhreasachtaí.***

---

<sup>45</sup> Rialachán (AE) 2021/1058 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meitheamh 2021 maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa agus an Ciste Comhtháthaithe (IO L 231,

30.6.2021, lch. 60).

<sup>46</sup> Rialachán (AE) 2021/2115 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 2 Nollaig 2021 lena mbunaítear rialacha maidir le tacaíocht do phleananna straitéiseacha a bheidh le tarraingt suas ag na Ballstáit faoin gComhbheartas Talmhaíochta (Pleananna Straitéiseacha CBT) agus arna maoiniú ag an gCiste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT) agus ag an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 1305/2013 agus (AE) Uimh. 1307/2013 (IO L 435, 6.12.2021, lch. 1).

30.6.2021, lch. 60).

<sup>46</sup> Rialachán (AE) 2021/2115 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 2 Nollaig 2021 lena mbunaítear rialacha maidir le tacaíocht do phleananna straitéiseacha a bheidh le tarraingt suas ag na Ballstáit faoin gComhbheartas Talmhaíochta (Pleananna Straitéiseacha CBT) agus arna maoiniú ag an gCiste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT) agus ag an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 1305/2013 agus (AE) Uimh. 1307/2013 (IO L 435, 6.12.2021, lch. 1).

### *Justification*

*Amendment necessary for pressing reasons relating to the internal logic of the text. While accelerating fuel switching in buildings is essential, all technologies ready to use renewable and decarbonise energy should be able to contribute to buildings' decarbonisation. It is important to distinguish between technologies and the fuels they utilise: boilers on the market today can already use 100 % renewable energies (biomethane) and variable shares of hydrogen. It is essential to ensure that boilers that work in combination with renewable-based technologies and support the increasing uptake of renewable energy, such as hybrid heaters and solar thermal systems, remain fully eligible for incentives.*

## **Leasú 212**

### **Togra le haghaidh Treorach Airteagal 15 – mír 10 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

***10a. Ní sholáthróidh na Ballstáit aon dreasachtaí airgeadais chun cineálacha áirithe gineadóirí teasa a shuiteáil i limistéir agus i gceirtleáin ina bhféadfadh sé costais dhíréireacha a chruthú chun a áirithiú nach sáróidh comhchruinnithe PM2.5 san aer comhthimpeallach an spriocluach, i gcomhréir le Treoir 2008/50/CE, nó i limistéir agus ceirtleáin ina ndearnadh sárú a thomhas, chun ardleibhéal cosanta don chomhshaol agus***

*do shláinte an duine a áirithiú.*

*Réasúnú*

*sineirgí agus comhleanúnachas le acquis comhshaoil a bhaineann le cáilíocht an aeir a áirithiú. Is é truailliú aeir is cúis leis na céadta míle bás san Aontas. Níor cheart go gcuirfeadh rabharta athchóiriúcháin agus cistiú tiomnaithe le fadhb an truaillithe aeir agus níor cheart go bhforálfai leis ach do réitigh atá buntáisteach do chách.*

**Leasú 213**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 15 – mír 11 – fomhír 1**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

**Dreasóidh** na Ballstáit **cláir** athchóirithe dhomhain agus cláir inmhéide lena dtugtar aghaidh ar líon mór foirgneamh agus arb é an toradh a bheidh orthu laghdú foriomlán de **30 %** ar a laghad den éileamh ar fhuinneamh príomhúil lena mbaineann tacaíocht airgeadais, fhioscach, riaracháin agus theicniúil níos airde.

*Leasú*

**Tabharfaidh** na Ballstáit **tús áite do chláir** athchóirithe dhomhain agus cláir inmhéide lena dtugtar aghaidh ar líon mór foirgneamh agus arb é an toradh a bheidh orthu laghdú foriomlán de **40 %** ar a laghad den éileamh ar fhuinneamh príomhúil lena mbaineann tacaíocht airgeadais, fhioscach, riaracháin agus theicniúil níos airde.

**Áiritheoidh na Ballstáit go bhfaighidh athchóirithe doimhne nó athchóirithe doimhne céimneacha lena dtabharfar foirgnimh chuig aicme A nó aicme B — mura bhfuil A indéanta go teicniúil — an ráta maoinithe poiblí is airde.**

**Leasú 214**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 15 – mír 12**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

12. Leis na dreasachtaí airgeadais díreofar mar thosaíocht ar theaghlaigh leochaileacha, ar dhaoine **a bhfuil tionchar ag bochtaineacht** fuinnimh **orthu** agus ar dhaoine atá ag maireachtáil i dtithíocht shóisialta, i gcomhréir le hAirteagal 22 de Threoir (AE).../... [athmhúnlú EED]

*Leasú*

12. Leis na dreasachtaí airgeadais díreofar mar thosaíocht ar theaghlaigh **ísealioncaim agus mheánioncaim, ar chustaiméirí** leochaileacha, **lena n-áirítear úsáideoirí deiridh**, ar dhaoine **atá bocht ó thaobh** fuinnimh **de nó atá i mbaol na bochtaineachta fuinnimh** agus ar dhaoine atá ag maireachtáil i dtithíocht shóisialta, i

gcomhréir le hAirteagal 22 de Threoir (AE).. / .... [athmhúnlú EED] ***Áiritheoidh na Ballstáit go mbainfidh na tomhaltóirí sin tairbhe as scéimeanna athchóirithe atá neodrach ó thaobh costais de.***

## Leasú 215

### Togra le haghaidh Treorach Airteagal 15 – mír 13

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

13. Agus dreasachtaí airgeadais á soláthar d'úinéirí foirgneamh nó d'úinéirí aonad foirgnimh chun athchóiriú a dhéanamh ar fhoirgnimh nó ar aonaid foirgneamh ar cíos, áiritheoidh na Ballstáit go rachaidh dreasachtaí airgeadais chun tairbhe na n-úinéirí agus na dtionóntaí araon, go háirithe trí thacaíocht cíosa a sholáthar nó trí ***uasteorainneacha a fhorchur*** ar mhéaduithe cíosa.

*Leasú*

13. Agus dreasachtaí airgeadais á soláthar d'úinéirí foirgneamh nó d'úinéirí aonad foirgnimh chun athchóiriú a dhéanamh ar fhoirgnimh nó ar aonaid foirgneamh ar cíos, áiritheoidh na Ballstáit go rachaidh dreasachtaí airgeadais chun tairbhe na n-úinéirí agus na dtionóntaí araon, go háirithe trí thacaíocht cíosa a sholáthar nó, ***i gcomhréir le hAirteagal 2 den Treoir seo, trí choinniollacht scéimeanna airgeadais Íoc-mar-a-shábháiltear a thabhairt isteach*** ar mhéaduithe cíosa, ***lena ráthófar nach mbeidh an méadú cíosa níos mó ná an coigilteas, mar thoradh ar choigilteas athchóirithe fuinnimh. Tabharfaidh siad coimircí agus ráthaíochtaí sóisialta éifeachtacha isteach, go háirithe chun teaghlaigh leochaileacha agus teaghlaigh atá bocht ó thaobh fuinnimh de a chosaint.***

## Leasú 216

### Togra le haghaidh Treorach Airteagal 21 a – mír 1 – fomhír 1

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

Leagfaidh na Ballstáit síos na bearta is gá chun chóras le haghaidh deimhniúcháin d'fheidhmíocht fuinnimh foirgneamh a chur ar bun.

*Leasú*

Leagfaidh na Ballstáit síos na bearta is gá chun chóras le haghaidh deimhniúcháin d'fheidhmíocht fuinnimh foirgneamh a chur ar bun, ***agus é mar sprioc an stoc***



*iomlán foirgneamh a chumhdach faoi  
2035 ar a dhéanaí ar bhealach  
inacmhainne agus éifeachtúil.*

*Réasúnú*

*Tá gá leis an leasú ar chúiseanna práinneacha a bhaineann le loighic inmheánach an téacs.*

**Leasú 217**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 16 – mír 1 – fomhír 2**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

Chun gur féidir le húinéirí nó tionóntaí an fhoirgnimh nó an aonaid foirgnimh a fheidhmíocht fuinnimh a chur i gcomparáid agus a mheas, sa teastas feidhmíochta fuinnimh áireofar feidhmíocht fuinnimh an fhoirgnimh a chuirfear in iúl trí tháscaire uimhriúil d'úsáid fuinnimh phríomha in kWh/(m<sup>2</sup>.y), agus luachanna tagartha amhail íoscheanglais feidhmíochta **fuinnimh**, íoschaighdeáin feidhmíochta fuinnimh, ceanglais d'fhoirgnimh atá nach mór neodrach ó thaobh an fhuinnimh de agus d'fhoirgnimh astaíochtaí **nialasacha**.

*Leasú*

Chun gur féidir le húinéirí nó tionóntaí an fhoirgnimh nó an aonaid foirgnimh a fheidhmíocht fuinnimh a chur i gcomparáid agus a mheas, sa teastas feidhmíochta fuinnimh áireofar feidhmíocht fuinnimh an fhoirgnimh a chuirfear in iúl trí tháscaire uimhriúil d'úsáid fuinnimh phríomha **agus úsáid fuinnimh deiridh** in kWh/(m<sup>2</sup>.y), agus luachanna tagartha amhail íoscheanglais feidhmíochta **fuinnimh**, íoschaighdeáin feidhmíochta fuinnimh, ceanglais d'fhoirgnimh atá nach mór neodrach ó thaobh an fhuinnimh de agus d'fhoirgnimh astaíochtaí **nialasacha**.

**Leasú 218**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 16 – mír 2**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

2. Faoin 31 Nollaig 2025 ar a dhéanaí, comhlíonfaidh an teastas feidhmíochta fuinnimh an teimpléad in Iarscríbhinn V. Sonrófar ann aicme feidhmíochta fuinnimh an fhoirgnimh ar scála dúnta agus úsáid á baint as litreacha ó A go G amháin. Comhfhreagróidh litir A d'fhoirgnimh astaíochtaí nialasacha mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (2) agus comhfhreagróidh an litir G **do 15 %** de na

*Leasú*

2. Faoin 31 Nollaig 2025 ar a dhéanaí, comhlíonfaidh an teastas feidhmíochta fuinnimh an teimpléad in Iarscríbhinn V. Sonrófar ann aicme feidhmíochta fuinnimh an fhoirgnimh ar scála dúnta agus úsáid á baint as litreacha ó A go G amháin. Comhfhreagróidh litir A d'fhoirgnimh astaíochtaí nialasacha mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (2) agus comhfhreagróidh an litir G **d'íosmhéid 15**

foirgnimh is measa feidhmíocht sa stoc náisiúnta foirgneamh tráth a thabharfar isteach an scála. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh dáileadh cothrom bandaleithid de tháscairí feidhmíochta fuinnimh ag na haicmí atá fágtha (B go F) i measc na n-aicmí feidhmíochta fuinnimh. Áiritheoidh na Ballstáit sainaitheantas coiteann físeach le haghaidh deimhnithe feidhmíochta fuinnimh ar a gcríoch féin.

% de na foirgnimh is measa feidhmíocht sa stoc náisiúnta foirgneamh tráth a thabharfar isteach an scála. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh dáileadh cothrom bandaleithid de tháscairí feidhmíochta fuinnimh ag na haicmí atá fágtha (B go F) i measc na n-aicmí feidhmíochta fuinnimh. Áiritheoidh na Ballstáit sainaitheantas coiteann físeach le haghaidh deimhnithe feidhmíochta fuinnimh ar a gcríoch féin. ***Cuirfidh na Ballstáit aicme bhreise A+ isteach a chomhfhreagróidh d'fhoirgnimh dhearbha ó thaobh fuinnimh gan dochar d'fhoirgnimh astaíochtaí nialasacha mar a shainmhínítear in Airteagal 2 den Treoir seo. Socróidh na Ballstáit litir sna meánaicmí a chomhfhreagróidh do leibhéil feidhmíochta ionas go mbeidh acmhainn íosta chun freagairt ar éileamh ann, lena léireofar cur chun feidhme éifeachtúlachta leordhóthanáí imchlúdaigh faoi 2035 ar a dhéanaí le haghaidh foirgneamh cónaithe agus 2032 le haghaidh foirgnimh neamhchónaithe. Beidh an t-imchlúdach seo oiriúnach chun córais sholúbtha téimh leictrí, téimh uisce agus aerchóirithe a shuiteáil nó chun nascadh le téamh ceantair ísealteochta, ionas go mbeidh compord teirmeach agus oibriú solúbtha na n-eangach cumhachta ann. Eiseoidh an Coimisiún treoirlínte mionsonraithe maidir le deimhnithe feidhmíochta fuinnimh, lena n-áirítear teimpléad ina mbeidh sainaitheantas coiteann físeach agus lógó coiteann, i gcomhréir le hIarscríbhinn V, chun a gcáilíocht a fheabhsú agus chun inchreidteacht agus inchoimparáideacht sonraí ar fud an Aontais a áirithiú.***

Leasú 219

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 16 – mír 3**

3. Áiritheoidh na Ballstáit cáilíocht, iontaofacht agus inacmhainneacht na ndeimhnithe feidhmíochta fuinnimh. Áiritheoidh siad go ***n-eiseoidh saineolaithe neamhspleácha*** deimhnithe feidhmíochta fuinnimh tar éis cuairt a thabhairt ar an láthair.

3. Áiritheoidh na Ballstáit cáilíocht, iontaofacht agus inacmhainneacht na ndeimhnithe feidhmíochta fuinnimh. Áiritheoidh siad go ***mbeidh*** deimhnithe feidhmíochta fuinnimh ***inacmhainne do theaghlaigh ar ioncam íseal agus do gach aonad, a úsáidtear mar áit chónaithe aonair, gan dochar do na critéir ioncaim, agus a eisíonn saineolaithe cáilíthe agus neamhspleácha iad*** tar éis cuairt a thabhairt ar an láthair ***agus go mbeidh an teimpléad le haghaidh deimhnithe feidhmíochta fuinnimh bunaithe ar lógónna soiléire, ar phicteagraim agus ar chodanna soléite a léiríonn raon costas réamh-mheasta.***

***Tar éis an gníomh tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 7, cuimseoidh na deimhnithe feidhmíochta fuinnimh faisnéis bhreise maidir leis an acmhainneacht téite domhanda, i gcomhréir le hAirteagal 7, i gcás foirgnimh nua agus foirgnimh atá faoi úinéireacht institiúidí agus gníomhaireachtaí an Aontais, atá á n-oibriú nó á n-áitiú acu, ar bhealach cuimsitheach chun deimhniú simplí aontaithe a bhaint amach.***

## **Leasú 220**

### **Togra le haghaidh Treorach Airteagal 16 – mír 4 – fomhír 1**

Áireofar sa ***teastas*** feidhmíochta fuinnimh moltaí maidir leis an bhfeidhmíocht fuinnimh a fheabhsú agus na hastaíochtaí gás ceaptha teasa oibríochtúla a laghdú i bhfoirgneamh nó in aonad foirgnimh ar an dóigh is costéifeachtaí, ach amháin má tá an foirgneamh nó an t-aonad foirgnimh i gcomhréir leis an gcaighdeán ábhartha

Áireofar sa ***deimhniú*** feidhmíochta fuinnimh moltaí maidir leis an bhfeidhmíocht fuinnimh a fheabhsú agus na hastaíochtaí gás ceaptha teasa oibríochtúla a laghdú i bhfoirgneamh nó in aonad foirgnimh ar an dóigh is costéifeachtaí, ach amháin má tá an foirgneamh nó an t-aonad foirgnimh i

tógála astaíochtaí nialasacha cheana féin .

gcomhréir leis an gcaighdeán ábhartha tógála astaíochtaí nialasacha cheana féin, agus feabhas a chur ar scór an táscaire ullmhachta cliste d'fhoirgnimh nach mór iad a fheistiú leis an táscaire mar a cheanglaítear le hAirteagal 13 den Treoir seo.

## Leasú 221

### Togra le haghaidh Treorach Airteagal 16 – mír 5

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

5. Na moltaí a áireofar sa **teastas** feidhmíochta fuinnimh, beidh siad indéanta go teicniúil maidir leis an bhfoirgneamh atá i gceist agus soláthrófar iontu meastachán maidir leis na coigiltis fuinnimh agus an laghdú sna hastaíochtaí gás ceaptha teasa **oibríochtúla. Féadfaidh** siad meastachán a sholáthar maidir leis an raon tréimhsí aisíoca nó na costais is tairbhe le linn shaolré an fhoirgnimh.

*Leasú*

5. Na moltaí a áireofar sa **deimhniú** feidhmíochta fuinnimh, beidh siad indéanta go teicniúil maidir leis an bhfoirgneamh atá i gceist agus soláthrófar iontu meastachán maidir leis na coigiltis fuinnimh agus an laghdú sna hastaíochtaí gás ceaptha teasa. **Déanfaidh** siad meastachán a sholáthar maidir leis an raon tréimhsí aisíoca nó na costais is tairbhe le linn shaolré an fhoirgnimh.

*Réasúnú*

*Tá gá leis an leasú ar chúiseanna práinneacha a bhaineann le loighic inmheánach an téacs.*

## Leasú 222

### Togra le haghaidh Treorach Airteagal 16 – mír 6

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

6. Áireofar sna moltaí measúnú ar cé acu is féidir nó nach féidir an córas téimh nó aerchóirithe a oiriúnú chun go bhfeidhmeoidh sé ag socruithe teochta atá níos éifeachtúla, amhail astairí ísealteochta le haghaidh córais téimh atá bunaithe ar uisce, lena n-áirítear an dearadh is gá ar an aschur cumhachta teirmí agus ar na ceanglais teochta/sreafa.

*Leasú*

6. Áireofar sna moltaí **léiriú soiléir ar an saolré atá fágtha ag na córais téimh spáis agus uisce agus na córais aerchóirithe, agus measúnú ar an saolré eacnamaíoch atá fágtha ag na córais theicniúla foirgneamh, agus measúnú ar** cé acu is féidir nó nach féidir an córas téimh **spáis agus téimh uisce** nó aerchóirithe a oiriúnú chun go bhfeidhmeoidh sé ag socruithe teochta atá

níos éifeachtúla, amhail astairí ísealteochta le haghaidh córais téimh atá bunaithe ar uisce, lena n-áirítear an dearadh is gá ar an aschur cumhachta teirmí agus ar na ceanglais teochta/sreafa.

## Leasú 223

### Togra le haghaidh Treorach Airteagal 16 – mír 10

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

10. Ní rachaidh bailíocht an **teastais** feidhmíochta fuinnimh thar **thréimhse 5 bliana**. I gcás foirgneamh lena ngabhann aicme feidhmíochta fuinnimh A, B, nó C arna bhunú de bhun mhír 2, áfach, ní bheidh an teastas feidhmíochta fuinnimh bailí ar feadh níos faide ná 10 mbliana.

*Leasú*

10. Ní rachaidh bailíocht an **deimhniú** feidhmíochta fuinnimh thar **thréimhse 7 mbliana**. I gcás foirgneamh lena ngabhann aicme feidhmíochta fuinnimh A, B, nó C arna bhunú de bhun mhír 2, áfach, ní bheidh an teastas feidhmíochta fuinnimh bailí ar feadh níos faide ná 10 mbliana.

## Leasú 224

### Togra le haghaidh Treorach Airteagal 16 – mír 11 – fomhír 1

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

Cuirfidh na Ballstáit nósanna imeachta simplithe ar fáil chun **teastas** feidhmíochta fuinnimh a nuashonrú i gcás nach ndéanfar ach eilimintí aonair a uasghrádú (bearta aonair nó bearta neamhspleácha).

*Leasú*

Cuirfidh na Ballstáit nósanna imeachta simplithe ar fáil chun **deimhniú** feidhmíochta fuinnimh a nuashonrú i gcás nach ndéanfar ach eilimintí aonair a uasghrádú (bearta aonair nó bearta neamhspleácha) **chun costas eisiúna an deimhniú nuashonraithe a laghdú**.

## Leasú 225

### Togra le haghaidh Treorach Airteagal 16 – mír 11 – fomhír 2

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

Cuirfidh na Ballstáit nósanna imeachta

*Leasú*

Cuirfidh na Ballstáit nósanna imeachta

simplithe ar fáil chun **teastas** feidhmíochta fuinnimh a thabhairt cothrom le dáta i gcás ina gcuirfear bearta ar bun a sainathníodh i bpas athchóirithe.

simplithe ar fáil chun **deimhniú** feidhmíochta fuinnimh a thabhairt cothrom le dáta i gcás ina gcuirfear bearta ar bun a sainathníodh i bpas athchóirithe, **nó i gcásanna ina n-úsáidtear Leathchúpla Digiteach Foirgnimh, chun costas eisiúna an deimhnithe nuashonraithe a laghdú.**

**Leasú 226**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 16 – mír 11 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**11a. Sa bhreis ar chreat na ndeimhnithe feidhmíochta fuinnimh dá dtagraítear san Airteagal seo, saineoidh na Ballstáit caighdeán d'aircítíopaí foirgneamh éagsúla chomh maith le huasteorainneacha ar riachtanas fuinnimh le haghaidh téimh lena bhféadfaí foirgnimh a théamh le téamh ísealteochta faoin 31 Nollaig 2025 ar a dhéanaí. Foilseoidh an Coimisiún treoir maidir le méadrach den sórt sin a fhorbairt.**

**Leasú 227**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 17 – mír 1 – fómhír 1 – pointe a**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

(a) foirgnimh nó aonaid foirgnimh arna dtógáil, a ndearnadh athchóiriú mór orthu, arna ndíol nó arna ligean ar cíós le tionónta nua **nó a ndéantar conradh cíosa a athnuachan ina leith**; agus

(a) foirgnimh nó aonaid foirgnimh arna dtógáil, a ndearnadh athchóiriú mór orthu, arna ndíol nó arna ligean ar cíós le tionónta nua; agus

**Leasú 228**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 17 – mír 2**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

2. I gcás ina dtógtar, ina ndíoltar nó ina ligtear ar cíos foirgnimh nó aonaid **foirgnimh nó nuair a dhéantar conarthaí cíosa a athnuachan**, ceanglóidh na Ballstáit go dtaispeánfar an **teastas** feidhmíochta fuinnimh don tionónta nó don cheannaitheoir ionchasach agus go dtabharfar ar láimh é don cheannaitheoir nó don tionónta.

**Leasú 229**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 19 – mír 5 – fómhír 1**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

Déanfaidh an Coimisiún, faoin 30 Meitheamh 2024, gníomh cur chun feidhme a ghlacadh ina mbeidh teimpléad coiteann chun an fhaisnéis a aistriú chuig an bhFaireachlann an Aontais um Stoc Foirgnimh.

**Leasú 230**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 19 – mír 6 a (nua)**

*Leasú*

2. I gcás ina dtógtar, ina ndíoltar nó ina ligtear ar cíos foirgnimh nó aonaid **foirgnimh**, ceanglóidh na Ballstáit go dtaispeánfar an **deimhniú** feidhmíochta fuinnimh don tionónta nó don cheannaitheoir ionchasach agus go dtabharfar ar láimh é don cheannaitheoir nó don tionónta.

*Leasú*

Déanfaidh an Coimisiún, faoin 30 Meitheamh 2024, gníomh cur chun feidhme a ghlacadh ina mbeidh teimpléad coiteann chun an fhaisnéis a aistriú chuig an bhFaireachlann an Aontais um Stoc Foirgnimh. ***Faoin dáta sin, tionscnóidh na Ballstáit, bunaithe ar threoir ón gCoimisiún, iniúchadh ar staid stoc an Aontais chun suíomh na limistéir leochaileacha ina bhfuil táscairí socheacnamaíochta ísle agus foirgnimh lagfheidhmíochta fuinnimh a chinneadh, i gcomhréir le EED Ar an gcaoi sin, beidh iarracht na tacaíochta eacnamaíche agus gairmiúla dírithe ar na sochaithe is leochailí agus cuirfear chun cinn méadú ar ráta athchóirithe na bhfoirgneamh san Aontas, atá comhionann agus comhchuibhithe do na Ballstáit uile.***

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**6a. Gach 2 bhliain, ag tosú leis an dara bliain tar éis fhoilsiú na Treorach seo, foilseoidh an Coimisiún tuarascáil achomair ar staid agus dul chun cinn stoc foirgneamh an Aontais ar an leibhéal áitiúil, réigiúnach agus náisiúnta.**

**Leasú 231**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 20 – mír 4 – fomhír 3**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

Áireofar sa scéim iniúchtaí an measúnú ar mhéid an chórais aerála i gcomparáid le riachtanais an fhoirgnimh agus cumais an chórais aerála a fheidhmíocht a optamú i ngnáthdhálaí nó i meándhálaí oibrithe.

Áireofar sa scéim iniúchtaí an measúnú ar mhéid an chórais aerála i gcomparáid le riachtanais an fhoirgnimh agus cumais an chórais aerála a fheidhmíocht a optamú i ngnáthdhálaí nó i meándhálaí oibrithe.  
**Áireofar sna cigireachtaí freisin measúnú ar cháilíocht an aeir laistigh.**

*Réasúnú*

*Tá gá leis an leasú ar chúiseanna práinneacha a bhaineann le loighic inmheánach an téacs.*

**Leasú 232**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 20 – mír 7 – fomhír 1**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

Leagfaidh na Ballstáit síos na ceanglais chun a áirithiú, i gcás ina bhfuil sé indéanta go teicniúil agus go heacnamaíoch, go mbeidh foirgnimh neamhchónaithe a bhfuil aschur rátaithe éifeachtach le haghaidh córais téimh nó aschur comhchórais téimh spáis agus aerála os cionn 290kW aige feistithe le córais uathoibríthe agus rialaithe foirgnimh faoin 31 Nollaig 2024 . Déanfar an tairseach don aschur rátaithe

Leagfaidh na Ballstáit síos na ceanglais chun a áirithiú, i gcás ina bhfuil sé indéanta go teicniúil agus go heacnamaíoch, go mbeidh foirgnimh neamhchónaithe a bhfuil aschur rátaithe éifeachtach le haghaidh córais téimh, **córais fuaraithe** nó aschur comhchórais téimh spáis, **fuaraithe spáis** agus aerála os cionn 290kW aige feistithe le córais uathoibríthe agus rialaithe foirgnimh faoin 31 Nollaig 2024 . Déanfar



éifeachtach a íslíú go 70 kW faoin 31 Nollaig 2029.

an tairseach don aschur rátaíthe éifeachtach a íslíú go 70 kW faoin 31 Nollaig 2029.

### *Réasúnú*

*Déantar an raon feidhme (290 kW) sa EPBD reatha a ríomh ag tagairt do théamh spáis agus aeráil (Airt. 14, mír 4) ach cumhdaítear leis freisin fuarú spáis (Airt. 15, mír 4). Níl an t-athbhreithniú atá beartaithe ag teacht leis na forálacha BACS atá ann faoi láthair, atá á gcur chun feidhme ag na Ballstáit cheana*

## **Leasú 233**

### **Togra le haghaidh Treorach Airteagal 22 – mír 2**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

2. **Cuirfidh** na Ballstáit **faisnéis** maidir le **hoiliúint** agus deimhniúcháin ar fáil don phobal. Déanfaidh na Ballstáit a áirithiú go gcuirfear ar fáil don phobal liostaí saineolaithe cáilithe nó deimhnithe nó liostaí na gcuideachtaí deimhnithe a bhfuil seirbhísí na saineolaithe sin á dtairiscint acu agus go ndéanfar na liostaí sin a nuashonrú go rialta.

*Leasú*

2. **Maidir leis** na **scéimeanna deimhniúcháin nó cáilíochta coibhéisí le haghaidh saineolaithe neamhspleácha a sholáthraíonn deimhniú feidhmíochta fuinnimh d'fhoirgnimh, le pasanna athchóirithe a bhunú, leis an measúnú ar ullmhacht chliste, le hiniúchadh córas téimh agus córas aerchóirithe, áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh siad inrochtana, inacmhainne agus ag feidhmiú go cuí, agus cuirfidh siad an fhaisnéis** maidir le **deiseanna oiliúna** agus deimhniúcháin ar fáil don phobal. Déanfaidh na Ballstáit a áirithiú go gcuirfear ar fáil don phobal liostaí saineolaithe cáilithe nó deimhnithe nó liostaí na gcuideachtaí deimhnithe a bhfuil seirbhísí na saineolaithe sin á dtairiscint acu agus go ndéanfar na liostaí sin a nuashonrú go rialta.

### *Réasúnú*

*Tá gá leis an leasú ar chúiseanna práinneacha a bhaineann le loighic inmheánach an téacs.*

## **Leasú 234**

### **Togra le haghaidh Treorach Airteagal 23 – mír 1**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

1. Áiríteoidh na Ballstáit ***an leibhéal iomchuí inniúlachta*** do ghairmithe foirgníochta a dhéanann oibreacha athchóirithe comhtháite i gcomhréir le hAirteagal 26 [athmhúnlú EED].

**Leasú 235**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 23 – mír 2 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

**Leasú 236**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 25 – mír 2**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

Mar chuid den athbhreithniú sin, déanfaidh an Coimisiún measúnú i dtaobh an dtugann cur i bhfeidhm na Treorach seo i gcomhar le hionstraimí reachtacha eile lena dtugtar aghaidh ar éifeachtúlacht fuinnimh agus astaíochtaí gás ceaptha teasa ó fhoirgnimh, go háirithe trí phraghsáil carbóin, dul chun cinn leordhóthanach i dtreo stoc foirgnimh

*Leasú*

1. Áiríteoidh na Ballstáit ***plean náisiúnta chun inniúlachtaí ardoilte a fhorbairt*** do ghairmithe foirgníochta a dhéanann oibreacha athchóirithe comhtháite i gcomhréir le hAirteagal 26 [athmhúnlú EED].

*Leasú*

**2a. Cuirfidh na Ballstáit cláir le haghaidh scéimeanna athcháilithe fostaithe chun cinn i mianadóireacht breoslaí iontaise, i ngnólachtaí táirgthe fuinnimh, agus cuntasáíochta fuinnimh a mbeidh a dtáirgeadh fuinnimh agus a ngníomhaíochtaí faoi réir céimnithe amach ina dhiaidh sin i bhfianaise iarrachtaí dícharbónaithe an Aontais Eorpaigh. Déanfaidh an cur chuige sin na geallsealbhóirí tábhachtacha sin a chomhtháthú ar bhealach dearfach i bpróiseas dhícharbónú earnáil fuinnimh an Aontais.**

*Leasú*

Mar chuid den athbhreithniú sin, déanfaidh an Coimisiún measúnú i dtaobh an dtugann cur i bhfeidhm na Treorach seo i gcomhar le hionstraimí reachtacha eile lena dtugtar aghaidh ar éifeachtúlacht fuinnimh agus astaíochtaí gás ceaptha teasa ó fhoirgnimh, go háirithe trí phraghsáil carbóin, dul chun cinn leordhóthanach i dtreo stoc foirgnimh

atá dícharbónaithe go hiomlán agus atá saor ó astaíochtaí a bhaint amach faoin mbliain 2050, nó an gá bearta ceangailteacha breise ar leibhéal an Aontais, go háirithe íoschaighdeáin feidhmíochta fuinnimh éigeantacha ar fud an stoic foirgneamh ina iomláine, a thabhairt isteach. Scrúdóidh an Coimisiún Eorpach chomh maith conas a bheadh Ballstáit in ann cur chuige comhtháite limistéir nó comharsanachta a chur i bhfeidhm i mbeartas tógála an Aontais agus éifeachtúlacht fuinnimh, agus ag an céanna ag féachaint dó go mbainfidh gach foirgneamh na ceanglais íosta feidhmíochta fuinnimh amach, mar shampla trí bhíthin scéimeanna athchóirithe foriomlána a chuirfear i bhfeidhm ar líon foirgneamh i gcomhthéacs spásúil in ionad déanamh amhlaidh ar fhoirgneamh aonair.

atá dícharbónaithe go hiomlán agus atá saor ó astaíochtaí a bhaint amach faoin mbliain 2050, nó an gá bearta ceangailteacha breise ar leibhéal an Aontais, go háirithe íoschaighdeáin feidhmíochta fuinnimh éigeantacha ar fud an stoic foirgneamh ina iomláine, a thabhairt isteach. *Ina theannta sin, cur chuige iomlánaíoch ar gach scála spásúil, lena n-áirítear: ailtireacht tírdhreacha, pleanáil uirbeach, bonneagar, dearadh, agus ar an gcaoi sin bealaí maireachtála níos inbhuanaithe, níos cuimsithí agus níos nuálaí a chur chun cinn i gcomhréir le héabhlóid ár dtimpeallachta tógtha, chun oiriúnú do riachtanais nua agus chun tithíocht chuibhiúil agus ardcháilíochta a úirithiú do chách, ba cheart iad a chur san áireamh sna bearta ar leibhéal an Aontais* Scrúdóidh an Coimisiún Eorpach chomh maith conas a bheadh Ballstáit in ann cur chuige comhtháite limistéir nó comharsanachta a chur i bhfeidhm i mbeartas tógála an Aontais agus éifeachtúlacht fuinnimh, agus ag an céanna ag féachaint dó go mbainfidh gach foirgneamh na ceanglais íosta feidhmíochta fuinnimh amach, mar shampla trí bhíthin scéimeanna athchóirithe foriomlána a chuirfear i bhfeidhm ar líon foirgneamh i gcomhthéacs spásúil in ionad déanamh amhlaidh ar fhoirgneamh aonair.

### *Réasúnú*

*Tá gá leis an leasú ar chúiseanna práinneacha a bhaineann le loighic inmheánach an téacs.*

### **Leasú 237**

#### **Togra le haghaidh Treorach Airteagal 26 – mír 1**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

1. **Déanfaidh** na Ballstáit gach beart is gá chun na bealaí agus cleachtais dhifriúla

*Leasú*

1. **Tacóidh** na Ballstáit **le feachtais faisnéise agus múscaillte feasachta chun**

lena gcuirtear feabhas ar fheidhmíocht fuinnimh a chur in iúl d'úinéirí agus do thionóntaí na bhfoirgneamh nó na n-aonad foirgnimh agus do gach gníomhaire margaidh ábhartha . Go háirithe, déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun faisnéis shaincheaptha a sholáthar do theaghlaigh leochaileacha.

*suim agus tacaíocht an phobail a chur chun cinn chun an treoir maidir le héifeachtúlacht fuinnimh foirgneamh a fheabhsú agus déanfaidh siad gach beart is gá chun na bealaí agus cleachtais dhifriúla lena gcuirtear feabhas ar fheidhmíocht fuinnimh a chur in iúl d'úinéirí agus do thionóntaí na bhfoirgneamh nó na n-aonad foirgnimh agus do gach gníomhaire margaidh ábhartha. Go háirithe, déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun faisnéis shaincheaptha a sholáthar do theaghlaigh leochaileacha, do theaghlaigh atá buailte ag bochtaineacht fuinnimh, do dhaoine atá ina gcónaí i dtithíocht shóisialta, do limistéir leochaileacha i gcomhréir le EED, agus chun faisnéis a sholáthar ar leibhéal na comharsanachta chun freastal ar na tomhaltóirí sin.*

#### *Réasúnú*

*Tá gá leis an leasú ar chúiseanna práinneacha a bhaineann le loighic inmheánach an téacs.*

#### **Leasú 238**

##### **Togra le haghaidh Treorach Airteagal 26 – mír 2 – fomhír 1**

###### *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

Cuirfidh na Ballstáit faisnéis ar fáil go háirithe d'úinéirí nó do thionóntaí foirgneamh maidir le teastais feidhmíochta fuinnimh, lena n-áirítear an chúis agus na cuspóirí a bhaineann leo, maidir le bearta costéifeachtacha agus, i gcás inarb iomchuí, ionstraimí airgeadais, chun feidhmíocht fuinnimh an fhoirgnimh a fheabhsú agus maidir le roghanna eile atá níos inbhuanaithe a chur in ionad coirí breosla iontaise. Cuirfidh na Ballstáit an fhaisnéis ar fáil trí uirlisí inrochtana agus trédhearcacha comhairleacha amhail comhairle i ndáil le hathchóiriú agus ionaid

###### *Leasú*

Cuirfidh na Ballstáit faisnéis ar fáil go háirithe d'úinéirí nó do thionóntaí foirgneamh maidir le teastais feidhmíochta fuinnimh, lena n-áirítear an chúis agus na cuspóirí a bhaineann leo, maidir le bearta costéifeachtacha agus, i gcás inarb iomchuí, ionstraimí airgeadais, chun feidhmíocht fuinnimh an fhoirgnimh a fheabhsú agus maidir le roghanna eile atá níos inbhuanaithe a chur in ionad coirí breosla iontaise. Cuirfidh na Ballstáit an fhaisnéis ar fáil trí uirlisí inrochtana agus trédhearcacha comhairleacha amhail comhairle i ndáil le hathchóiriú agus ionaid ilfhreastail. ***Déanfar rochtain ar uirlisí***

ilfhreastail.

*comhairleacha den sórt sin a oiriúnú go sonrach do theaghlaigh ar ioncam íseal agus do theaghlaigh leochaileacha, do theaghlaigh atá buailte ag bochtaineacht fuinnimh, do dhaoine atá ina gcónaí i dtithíocht shóisialta.*

#### *Réasúnú*

*Tá gá leis an leasú ar chúiseanna práinneacha a bhaineann le loighic inmheánach an téacs.*

### **Leasú 239**

#### **Togra le haghaidh Treorach Iarscríbhinn I – pointe 1 – mír 3**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

Cuirfear feidhmíocht fuinnimh foirgnimh in iúl le táscaire uimhriúil d'úsáid fuinnimh **phríomhúil in** aghaidh an aonaid d'achar an urláir tagartha in aghaidh na bliana, in kWh/(m<sup>2</sup>.y) chun críche feidhmíocht fuinnimh a dheimhniú agus íoscheanglais feidhmíochta fuinnimh a chomhlíonadh araon. Beidh an mhodheolaíocht a chuirfear i bhfeidhm chun feidhmíocht fuinnimh foirgnimh a chinneadh trédhearcach agus oscailte do nuálaíocht.

*Leasú*

Cuirfear feidhmíocht fuinnimh foirgnimh in iúl le táscaire uimhriúil d'úsáid fuinnimh **phríomhúil agus deiridh in** aghaidh an aonaid d'achar an urláir tagartha in aghaidh na bliana, in kWh/(m<sup>2</sup>.y) chun críche feidhmíocht fuinnimh a dheimhniú agus íoscheanglais feidhmíochta fuinnimh a chomhlíonadh araon. Beidh an mhodheolaíocht a chuirfear i bhfeidhm chun feidhmíocht fuinnimh foirgnimh a chinneadh trédhearcach agus oscailte do nuálaíocht.

#### *Réasúnú*

*Tá gá leis an leasú mar gheall ar chúiseanna práinneacha maidir le loighic inmheánach an téacs, d'fhonn níos mó soiléireachta a chur ar fáil do thionóntaí agus dá bhri sin éifeachtúlacht fuinnimh agus athcóirithe a chothú.*

### **Leasú 240**

#### **Togra le haghaidh Treorach Iarscríbhinn I – pointe 1 – mír 4**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

Déanfaidh na Ballstáit cur síos ar a

*Leasú*

Déanfaidh na Ballstáit cur síos ar a

modheolaíocht ríomha náisiúnta bunaithe ar Iarscríbhinn A de réir na bpríomhchaighdeán Eorpach maidir le feidhmíocht fuinnimh foirgneamh, eadhon EN ISO 52000-1, EN ISO 52003-1, EN ISO 52010-1, EN ISO 52016-1, EN ISO 52018-1, EN 16798-1 agus EN 17423 nó sárdhoiciméid a forbraíodh . Ní hionann an fhoráil seo agus códú dlíthiúil na gcaighdeán sin.

modheolaíocht ríomha náisiúnta bunaithe ar Iarscríbhinn A de réir na bpríomhchaighdeán Eorpach maidir le feidhmíocht fuinnimh foirgneamh, eadhon EN ISO 52000-1, EN ISO 52003-1, EN ISO 52010-1, EN ISO 52016-1, EN ISO 52018-1, EN **ISO 52120-1**, EN 16798-1 agus EN 17423 nó sárdhoiciméid a forbraíodh. Ní hionann an fhoráil seo agus códú dlíthiúil na gcaighdeán sin.

#### *Réasúnú*

*Tá tionchar BACS ríthábhachtach d'fheidhmíocht fuinnimh foirgneamh. Is caighdeán de chuid EPB é EN ISO 52120-1 laistigh de shainordú M480 agus soláthraíonn sé ionchur tábhachtach chun feidhmíocht fuinnimh i bhfoirgnimh a ríomh. Thairis sin, de réir mar a mheastar go dtiocfaidh méadú ar leictriú foirgneamh, cuirfidh ualaí leictreacha nua leis an idiú fuinnimh.*

#### **Leasú 241**

##### **Togra le haghaidh Treorach Iarscríbhinn I – pointe 3**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

3. Chun feidhmíocht fuinnimh foirgnimh a chur in iúl, **féadfaidh** na Ballstáit táscairí breise uimhriúla den phríomhúsáid fuinnimh iomlán, **neamh-inathnuaite** agus in-athnuaite, **agus astaíochtaí oibriúcháin** gás ceaptha teasa **arna dtáirgeadh** in  $\text{kgCO}_2\text{eq}/(\text{m}^2.\text{y})$  a **shainiú**.

*Leasú*

3. Chun feidhmíocht fuinnimh foirgnimh a chur in iúl, **déanfaidh** na Ballstáit táscairí breise uimhriúla den phríomhúsáid fuinnimh iomlán, **neamh-inathnuaite** agus in-athnuaite, **agus astaíochtaí** gás ceaptha teasa **a tháirgtear** in  $\text{kgCO}_2\text{eq}/(\text{m}^2.\text{y})$  **agus d'astaíochtaí gás ceaptha teasa oibríochtúla agus corpraithe a shainmhíniú i gcaitheamh ré feidhme ionchasach an fhoirgnimh.**

#### *Réasúnú*

*Tá gá leis an leasú seo chun a áirithiú go gcumhdófar le EPBD feidhmíocht fuinnimh agus laghdú astaíochtaí gás ceaptha teasa araon mar a léirítear in Airteagal 1, mír 1. Táscairí uimhriúla breise d'astaíochtaí gás ceaptha teasa atá corpraithe (táirgeadh agus/nó tógáil foirgneamh) a chur san áireamh sna gnéithe is gá a mheas chun measúnú a dhéanamh ar fheidhmíocht fuinnimh foirgneamh agus ar an oibleagáid faisnéis a sholáthar maidir le hastaíochtaí corpraithe a bhaineann le húsáid táirgí agus ábhar foirgníochta.*

**Leasú 242**

**Togra le haghaidh Treorach  
Iarscríbhinn I – pointe 4 – pointe b**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(b) suiteáil téimh agus soláthar uisce the, lena n-áirítear a saintréithe inslithe;

*Leasú*

(b) suiteáil téimh agus soláthar uisce the, lena n-áirítear a saintréithe inslithe **agus aisghabhála teasa;**

*Réasúnú*

*D'fhéadfadh aisghabháil teasa a bheith ina cuid thábhachtach de na bearta as a n-eascraíonn éifeachtúlacht fuinnimh agus coigilteas fuinnimh, ach d'fhéadfadh sé nach mbeadh sí chomh tarraingteach céanna mura gcuirtear a dtairbhe san áireamh agus tomhaltas fuinnimh an fhoirgnimh á ríomh de réir EPBD.*

**Leasú 243**

**Togra le haghaidh Treorach  
Iarscríbhinn I – pointe 1 – pointe b a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**(ba) acmhainneacht na n-acmhainní fuinnimh díláraithe suiteáilte, lena n-áirítear foinsí in-athnuaite ar an láthair, bonneagar luchtaithe déthreoch feithiclí leictreacha, freagairt ar éileamh agus stóráil;**

*Réasúnú*

*Tá gá leis an leasú ar chúiseanna práinneacha a bhaineann le loighic inmheánach an téacs.*

**Leasú 244**

**Togra le haghaidh Treorach  
Iarscríbhinn I – pointe 4 – pointe h**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(h) dálaí aeráide laistigh, lena n-áirítear an aeráid dhíonach atá deartha;

*Leasú*

(h) dálaí aeráide laistigh, lena n-áirítear an aeráid dhíonach atá deartha **agus**

***cáilíocht an aeir laistigh;***

*Réasúnú*

*Tá gá leis an leasú mar gheall ar chúiseanna práinneacha maidir le loighic inmheánach an téacs maidir le haeráil agus sláinte phoiblí.*

**Leasú 245**

**Togra le haghaidh Treorach  
Iarscríbhinn I – pointe 4 – pointe i a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

***(ia) uathobriú foirgneamh agus cumais theicniúla bainistithe foirgneamh chun faireachán a dhéanamh ar fheidhmíocht fuinnimh, í a rialú agus í a bharrfheabhsú;***

*Réasúnú*

*Tá faireachán rithábhachtach chun feabhas leanúnach ar fheidhmíocht fuinnimh a spreagadh, go háirithe maidir leis an méadú atá tagtha ar stáisiúin luchtaithe feithiclí leictreacha sa bhaile. De ghnáth, d'fhéadfadh coigilteas fuinnimh 10 % ar an meán a bheith mar thoradh ar fhaireachán; mar sin féin, níl faireachán fuinnimh aitheanta go fóill mar Chóras Teicniúil Foirgneamh sa sainmhíniú ar EPBD atá ann faoi láthair*

**Leasú 246**

**Togra le haghaidh Treorach  
Iarscríbhinn I – pointe 4 – pointe i b (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

***(ib) éifeachtúlacht suiteálacha leictreacha (IECEN 60364-8-1).***

*Réasúnú*

*Chun éifeachtúlacht suiteálacha leictreacha a chumhdach, ba cheart oibleagáid a thabhairt isteach chun caillteanais fuinnimh sna suiteálacha leictreacha a íoslaghdú, in éineacht le ceanglais feidhmíochta do na réitigh sin i gcomhréir le caighdeáin atá ann cheana agus le caighdeáin atá sainaitheanta (IEC EN 60364-8-1).*



**Togra le haghaidh Treorach**  
**Iarscríbhinn II – pointe a – an chéad ró**

<i>Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún</i>		
<b>Teimpléad do na pleananna náisiúnta athchóirithe foirgneamh (dá dtagraítear in Airteagal 3)</b>		
EPBD Airteagal 3	Táscairí éigeantacha	Táscairí/tuairimí Roghnacha
a) Forbhreathnú ar an stoc náisiúnta foirgneamh	Líon na bhfoirgneamh agus an t-achar urláir iomlán (m <sup>2</sup> ):	Líon na bhfoirgneamh agus an t-achar urláir iomlán (m <sup>2</sup> ):
	- in aghaidh an chineáil foirgnimh (lena n-áirítear foirgnimh phoiblí agus tithíocht shóisialta)	- de réir aois tógála
	- de réir aicme feidhmíochta fuinnimh	- de réir mhéid an fhoirgnimh
	- NZEB	- in aghaidh an limistéir aeráide
	- an fheidhmíocht is measa (lena n-áirítear sainmhíniú)	- scartáil (líon agus achar urláir iomlán)
<i>Leasú</i>		
<b>Teimpléad do na pleananna náisiúnta athchóirithe foirgneamh (dá dtagraítear in Airteagal 3)</b>		
EPBD Airteagal 3	Táscairí éigeantacha	Táscairí/tuairimí Roghnacha
a) Forbhreathnú ar an stoc náisiúnta foirgneamh	Líon na bhfoirgneamh agus an t-achar urláir iomlán (m <sup>2</sup> ):	Líon na bhfoirgneamh agus an t-achar urláir iomlán (m <sup>2</sup> ):
	- in aghaidh an chineáil foirgnimh (lena n-áirítear foirgnimh phoiblí agus tithíocht shóisialta)	- de réir aois tógála
	- de réir aicme feidhmíochta fuinnimh	- de réir mhéid an fhoirgnimh
	- NZEB	- in aghaidh an limistéir aeráide

	- an fheidhmíocht is measa (lena n-áirítear sainmhíniú)	- <i>de réir leibhéal ioncaim na dteaghlach</i>
	- <i>de réir a fheidhme reatha mar phríomháit chónaithe/mar áit chónaithe thánaisteach</i>	- scartáil (líon agus achar urláir iomlán)

## Leasú 248

### Togra le haghaidh Treorach Iarscríbhinn II – colún 2 – pointe a – ró 7 – fleasc 3

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

- daonra ina gcónaí faoi dhálaí cónaithe neamhleora (e.g. díon ag sileadh) nó le dálaí neamhleora compoird theirmigh

*Leasú*

- daonra ina gcónaí faoi dhálaí cónaithe neamhleora (e.g. díon ag sileadh), **le suiteálacha leictreacha neamhshábháilte** nó le dálaí neamhleora compoird theirmigh

*Réasúnú*

*Ní mheastar gur dramháil ar an liosta glas ar an leibhéal idirnáisiúnta iad PTFE ná PVC. Tá an dá cheann faoi réir grinnscrúdú san Aontas mar gheall ar a n-airíonna. Tagann PTFE faoi raon feidhme na hoibre atá ann faoi láthair chun srianta a chur ar PFAS, agus tá obair leanúnach ar siúl freisin maidir le srian a chur ar PVC.*

## Leasú 249

### Togra le haghaidh Treorach Iarscríbhinn II – colún 2 – pointe a – ró 9

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

Sainmhíniú ar fhoirgneamh **fuinnimh** nach mór neodrach ó thaobh fuinnimh d'fhoirgnimh nua agus d'fhoirgnimh atá ann cheana féin

*Leasú*

Sainmhíniú ar fhoirgneamh nach mór neodrach ó thaobh fuinnimh **agus foirgneamh astaíochtaí nialasacha** d'fhoirgnimh nua agus d'fhoirgnimh atá ann cheana féin

## Leasú 250

### Togra le haghaidh Treorach

## Iarscríbhinn II – colún 2 – pointe b – ró 1

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

Spríocanna do rátaí athchóirithe bliantúla:  
Líon agus achar urláir iomlán (m<sup>2</sup>):  
- in aghaidh an chineáil foirgnimh  
- an fheidhmíocht is measa

*Leasú*

Spríocanna do rátaí athchóirithe bliantúla:  
Líon agus achar urláir iomlán (m<sup>2</sup>):  
- in aghaidh an chineáil foirgnimh  
- an fheidhmíocht is measa

***Spríocanna le haghaidh sciar ionchasach  
(%) d'fhoirgnimh athchóirithe:***

***- in aghaidh an chineáil foirgnimh  
- in aghaidh na doimhneachta  
athchóirithe***

## Leasú 251

### Togra le haghaidh Treorach

#### Iarscríbhinn II – colún 2 – pointe c – ró 1 – fomhír 1 – pointe d

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(d) custaiméirí leochaileacha a chumhachtú agus a chosaint agus laghdú a dhéanamh ar bhochtaineacht fuinnimh, lena n-áirítear **beartais** agus **bearta** de bhun Airteagal 22 de Threoir (AE).../... [athmhúnlú EED], agus inacmhainneacht tithíochta;

*Leasú*

(d) custaiméirí leochaileacha a chumhachtú agus a chosaint agus laghdú a dhéanamh ar bhochtaineacht fuinnimh, lena n-áirítear **sraith beart chun maoiniú fabhrach a dhéanamh ar athchóiriú foirgneamh do theaghlaiigh atá buailte ag bochtaineacht fuinnimh agus atá leochaileach agus spríoc náisiúnta maidir le maolú ar bhochtaineacht fuinnimh trí bhearta athchóirithe foirgneamh** de bhun Airteagal 22 de Threoir (AE) .../... [athmhúnlú EED], agus inacmhainneacht tithíochta;

## Leasú 252

### Togra le haghaidh Treorach

#### Iarscríbhinn II – colún 2 – pointe c – ró 1 – fomhír 1 – pointe e

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(e) ionaid ilfhreastail nó sásraí dá samhail a chruthú chun comhairle agus cúnamh teicniúil, riaracháin agus airgeadais a

*Leasú*

(e) ionaid ilfhreastail **ar an leibhéal áitiúil** nó sásraí dá samhail a chruthú chun comhairle agus cúnamh teicniúil,

sholáthar;

riaracháin agus airgeadais *saincheaptha, agus seirbhísí comhtháite athchóirithe foirgneamh* a sholáthar *d'úinéirí maoiné*;

## Leasú 253

### Togra le haghaidh Treorach

#### Iarscríbhinn II – colún 2 – pointe c – ró 1 – fomhír 1 – pointe n

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(n) aghaidh a thabhairt ar bhearnaí i scileanna agus ar neamhréir i gcumas daoine, agus oideachas, oiliúint, uasoiliúint agus athoiliúint a chur chun cinn in earnálacha na foirgníochta, na hearnála, na héifeachtúlachta fuinnimh agus an fhuinnimh *inathnuaite*; agus

*Leasú*

(n) aghaidh a thabhairt ar bhearnaí i scileanna agus ar neamhréir i gcumas daoine, agus oideachas, oiliúint, uasoiliúint agus athoiliúint a chur chun cinn in earnálacha na foirgníochta, na hearnála, na héifeachtúlachta fuinnimh agus an fhuinnimh *in-athnuaite trí chur chun feidhme éigeantach córas um fhorbairt ghairmiúil leanúnach, cláir scileanna, agus spriocanna náisiúnta maidir le cáilíocht agus uas-sciliú gairmithe tógála, atá ailínithe, i gcás inarb infheidhme, le treochláir cháilíochta náisiúnta arna bhforbairt faoi thionscnamh EU BUILD UP Skills agus/nó faoin tionscnamh Treoirphlean Foirgníochta.*

## Leasú 254

### Togra le haghaidh Treorach

#### Iarscríbhinn II – colún 2 – pointe c – ró 1 – fomhír 1 – pointe o

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(o) feachtais ardaithe feasachta agus *uirlisí* comhairleacha eile.

*Leasú*

(o) feachtais ardaithe feasachta *ar mórsála lena gcuirtear chun cinn na tairbhí a bhaineann le héifeachtúlacht foirgneamh* agus *na bearta tacaíochta inrochtana a dhéantar ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach, áitiúil agus ar leibhéal an chomhphobail, chomh maith le huirlisí* comhairleacha eile.

## Leasú 255

**Togra le haghaidh Treorach**  
**Iarscríbhinn II – colún 2 – pointe c – ró 1 – fomhír 2**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

- Ainm an bheartais nó an bhirt
- Tuairisc ghairid (raon feidhme beacht, cuspóir agus rialacha mionsonraithe oibríochta)
- Cuspóir cainníochtaithe
- Cineál beartais nó birt (amhail beartas reachtach; Eacnamaíoch; Fioscach; Oiliúint, feasacht)
- An buiséad agus foinsí maoinithe atá beartaithe
- Eintitis atá freagrach as an mbeartas a chur chun feidhme
- An tionchar a bhfuiltear ag **súil** leis
- Stádas cur chun feidhme
- Dáta theacht i bhfeidhm
- Tréimhse cur chun feidhme

*Leasú*

- Ainm an bheartais nó an bhirt
- Tuairisc ghairid (raon feidhme beacht, cuspóir agus rialacha mionsonraithe oibríochta)
- Cuspóir cainníochtaithe
- Cineál beartais nó birt (amhail beartas reachtach; eacnamaíoch; fioscach; oiliúint, feasacht)
- An buiséad agus foinsí maoinithe atá beartaithe
- Eintitis atá freagrach as an mbeartas a chur chun feidhme
- An tionchar a bhfuiltear ag **dréim** leis
- Stádas cur chun feidhme
- Dáta theacht i bhfeidhm
- Tréimhse cur chun feidhme
- **Sásraí faireacháin**
- **Pionóis i gcás neamhchomhlíonadh agus/nó i gcás feidhmiú neamhleor**

*Justification*

*1) subparagraph d) is amended to ensure the practical implementation of national-level financial schemes targeted to energy poor and vulnerable households as per the applicable definition pursuant to the proposed amendments of the EED*

*2) subparagraph e) is amended to ensure accessible tailored services efficiently reaching the local communities, which are the main beneficiaries of the OSS concept. The suggested amendments also include the provision of integrated renovation services overcoming the issues related to the fragmentation of the construction sector in general and specifically of the renovation process, which is often cited as one of the major barriers to large-scale building retrofitting.*

*3) subparagraph n) is amended to ensure the application of streamlined instruments which are key for the life-long learning progress and regular upgrade of the skills and knowledge of building professionals in a quickly changing technological environment. Additionally, it brings coherence with the most effective and widely recognized EU initiatives in the area,*

*thus avoiding duplication of measures and reduction of costs.*

*4) subparagraph o) is amended to ensure ambitious scope and outreach of the communication and awareness raising campaigns, which are expected to integrate national coverage by the public media and local community-oriented communication action to achieve highest impact.*

*5) additionally, monitoring mechanisms and penalties in case of non-compliance or underperformance are required to ensure coherent implementation at national level*

## **Leasú 256**

### **Togra le haghaidh Treorach**

#### **Iarscríbhinn II – colún 2 – pointe c – ró 1 – fomhír 1 – pointe f a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*(fa) nuachóiriú a dhéanamh ar an stoc téimh agus fuaraithe trí theicneolaíochtaí a shuitedáil atá ullamh chun oibriú le foinsí in-athnuaite fuinnimh agus foinsí fuinnimh dícharbónaithe;*

## **Leasú 257**

### **Togra le haghaidh Treorach**

#### **Iarscríbhinn II – colún 2 – pointe c – ró 1 – fomhír 1 – pointe f b (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*(fb) méadú ar shábháilteacht leictreach;*

## **Leasú 258**

### **Togra le haghaidh Treorach**

#### **Iarscríbhinn III – pointe I – mír 3 – fleasc 1**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

— fuinneamh ó fhoinsí in-athnuaite a ghintear ar an láthair agus a chomhlíonann critéir Airteagal 7 de Threoir (AE) 2018/2001 *[arna leasú]*,

— fuinneamh ó fhoinsí in-athnuaite a ghintear ar an láthair ***nó a sholáthraítear ón eangach*** agus a chomhlíonann critéir Airteagal 7 de Threoir (AE) 2018/2001 ***[RED leasaithe]***,

## Leasú 259

### Togra le haghaidh Treorach Iarscríbhinn III – pointe I – mír 4

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

Ní bheidh foirgneamh atá saor ó astaíochtaí ina chúis le haon astaíochtaí carbóin **ar an láthair** ó bhreoslaí iontaise.

## Leasú 260

### Togra le haghaidh Treorach Iarscríbhinn III – pointe II – mír 1

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

Chun acmhainneacht téimh dhomhanda (GWP) saolré foirgneamh nua a ríomh de bhun Airteagal 7(2), cuirtear an GWP in iúl mar tháscaire uimhriúil do gach céim saolré arna shloinneadh mar kgCO<sub>2</sub>e/m<sup>2</sup> (achar urláir úsáideach) ar feadh bliain amháin de thréimhse staidéir tagartha 50 bliana. Déanfar na sonraí a roghnú, an sainmhíniú ar chnámha scéil agus na ríomhanna i gcomhréir le EN 15978 (EN 15978:2011. Inbhuanaitheacht oibreacha foirgníochta. Feidhmíocht chomhshaoil foirgneamh a mheasúnú. Modh ríofa). Tá raon feidhme na n-eilimintí tógála agus an trealaimh theicniúil mar atá sainmhínithe i gcreat coiteann an AE do tháscaire 1.2 a bhaineann le Leibhéal/Leibhéal. I gcás **inarb** ann d'uirlis ríofa náisiúnta, nó ina n-éilítear í chun nochtuithe a dhéanamh nó chun ceadanna tógála a fháil, féadfar an uirlis sin a úsáid chun an nochtadh riachtanach a chur ar fáil. Féadfar uirlisí ríofa eile a úsáid má chomhlíonann siad na critéir íosta a leagtar síos le creat coiteann an Aontais Eorpaigh. Úsáidfear sonraí maidir le táirgí foirgníochta sonracha arna ríomh i gcomhréir leis an [Rialachán athbhreithnithe maidir le Táirgí Foirgníochta] nuair a bheidh siad ar fáil.

*Leasú*

Ní bheidh foirgneamh atá saor ó astaíochtaí ina chúis le haon astaíochtaí carbóin ó bhreoslaí iontaise.

*Leasú*

Chun acmhainneacht téimh dhomhanda (GWP) saolré foirgneamh nua a ríomh de bhun Airteagal 7(2), cuirtear an GWP in iúl mar tháscaire uimhriúil do gach céim saolré **agus na tairbhí a bhaineann le hathúsáid agus athchúrsáil ag deireadh ré a chur san áireamh freisin**, arna shloinneadh mar kgCO<sub>2</sub>e/m<sup>2</sup> (achar urláir úsáideach) ar feadh bliain amháin de thréimhse staidéir tagartha 50 bliana. Déanfar na sonraí a roghnú, an sainmhíniú ar chnámha scéil agus na ríomhanna i gcomhréir le EN 15978 (EN 15978:2011. Inbhuanaitheacht oibreacha foirgníochta. Feidhmíocht chomhshaoil foirgneamh a mheasúnú. Modh ríofa). Tá raon feidhme na n-eilimintí tógála agus an trealaimh theicniúil mar atá sainmhínithe i gcreat coiteann an AE do tháscaire 1.2 a bhaineann le Leibhéal/Leibhéal. I gcás **inarb** ann d'uirlis ríofa náisiúnta, nó ina n-éilítear í chun nochtuithe a dhéanamh nó chun ceadanna tógála a fháil, féadfar an uirlis sin a úsáid chun an nochtadh riachtanach a chur ar fáil. Féadfar uirlisí ríofa eile a úsáid má chomhlíonann siad na critéir íosta a leagtar síos le creat coiteann an Aontais Eorpaigh. Úsáidfear sonraí maidir le táirgí foirgníochta sonracha arna ríomh i gcomhréir leis an [Rialachán

athbhreithnithe maidir le Táirgí  
Foirgníochta] nuair a bheidh siad ar fáil.

*Réasúnú*

*I bhfianaise a thábhachtaí atá sé éiceachóras tógála ciorclach a chur chun cinn, tá sé rithábhachtach freisin na tairbhí breise comhshaoil a eascraíonn as athúsáid agus athchúrsáil ag deireadh ré an fhoirgnimh a thuairisciú*

**Leasú 261**

**Togra le haghaidh Treorach  
Iarscríbhinn IV – pointe 1 – pointe c a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**(ca) cumas foirgnimh fuinneamh a stóráil agus é a scaoileadh ar ais san fhoirgneamh nó san eangach mar leictreachas nuair is gá sin chun rannpháirtíocht ghníomhach foirgneamh sa chóras leictreachais a chumasú.**

*Réasúnú*

*Tá gá leis an leasú ar chúiseanna práinneacha a bhaineann le loighic inmheánach an téacs.*

**Leasú 262**

**Togra le haghaidh Treorach  
Iarscríbhinn V – pointe 1 – pointe -a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**(ha) astaíochtaí mínábhair cháithnínigh (PM2.5) oibríochta;**

*Réasúnú*

*táscairí a aistríodh ó mhír 2 mar eilimint atá le taispeáint go héigeantach.*

**Leasú 263**

**Togra le haghaidh Treorach**



## Iarscríbhinn V – pointe 1 – pointe i

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(i) an aicme astaíochtaí gás ceaptha teasa (***más infheidhme***).

*Leasú*

(i) an aicme astaíochtaí gás ceaptha teasa.

### Leasú 264

#### Togra le haghaidh Treorach Iarscríbhinn V – pointe 1 – pointe i a (nua)

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

(ia) ***úsáid fuinnimh, buaicualach, méid an ghineadóira nó an chórais, an príomhiompróir fuinnimh agus an príomhchineál eiliminte i gcás gach ceann de na húsáidí: Téamh, fuarú, uisce te tí, aerú agus soilsíú ionsuite;***

*Réasúnú*

*táscairí a aistríodh ó mhír 2 d'Iarscríbhinn V mar eilimint atá le taispeáint go héigeantach.*

### Leasú 265

#### Togra le haghaidh Treorach Iarscríbhinn V – pointe 1 – pointe i b (nua)

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

(ib) ***Stádas na suiteála leictirí (tagairt don chigireacht is déanaí);***

### Leasú 266

#### Togra le haghaidh Treorach Iarscríbhinn V – pointe 2 – pointe b

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

(b) fuinneamh in-athnuaite arna tháirgeadh ar an láthair, ***príomh-iompróir*** fuinnimh agus cineál foinse fuinnimh in-

(b) fuinneamh in-athnuaite arna tháirgeadh ar an láthair, ***príomhiompróir*** fuinnimh agus cineál foinse fuinnimh in-

athnuaite;

athnuaite **agus ullmhacht chun acmhainneacht nua giniúna in-athnuaite a shuiteáil (e.g. spás, treoshuíomh, córas leictreach atá ar fáil);**

**Leasú 267**

**Togra le haghaidh Treorach Iarscríbhinn V – pointe 2 – pointe g**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

(g) **meánluach** na n-eilimintí teimhneacha d'imchlúdach an fhoirgnimh;

(g) **meán-u-luach agus meán-g-luach** na n-eilimintí teimhneacha d'imchlúdach an fhoirgnimh;

*Réasúnú*

*Is rómhinic a dhíríonn ceanglais náisiúnta ar insliú (u-luach) cé go bhfuil gnéithe eile chomh tábhachtach céanna chun measúnú a dhéanamh ar fheidhmíocht eilimintí trédhearcacha an imchlúdaigh foirgnimh, go háirithe tarchur fuinnimh na gréine (g-luach).*

**Leasú 268**

**Togra le haghaidh Treorach Iarscríbhinn V – pointe 2 – pointe j a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

(ja) **toradh na hanailíse ar cháilíocht an aeir laistigh;**

*Réasúnú*

*Léirítear i staidéir go bhfuil feabhsuithe aeráide laistigh ar roinnt de na príomhdhreasachtaí d'úinéirí foirgneamh athchóirithe fuinnimh a dhéanamh.*

**Leasú 269**

**Togra le haghaidh Treorach Iarscríbhinn V – pointe 2 – pointe j b (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

(jb) *toradh na hanailíse ar dhálaí sholas an lae;*

*Réasúnú*

*Léirítear i staidéir go bhfuil feabhsuithe aeráide laistigh ar roinnt de na príomhdhreasachtaí d'úinéirí foirgneamh athchóirithe fuinnimh a dhéanamh.*

**Leasú 270**

**Togra le haghaidh Treorach  
Iarscríbhinn V – pointe 2 – pointe m**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(m) líon agus cineál na bpointí luchtaithe d'fheithiclí leictreacha;

*Leasú*

(m) líon agus cineál na bpointí luchtaithe d'fheithiclí leictreacha **agus ullmhacht an bhonneagair leictirigh chun pointí luchtaithe nua a chur leis; ;**

*Justification*

*Energy Performance Certificates (EPCs) must integrate information about the latest inspection of the electrical installations and its readiness to install new major equipment. The proposed template for EPCs suggests including information about the presence of heat-pump, EV charging, storage or on-site renewable generation, but should also include information about the readiness and latest safety check of the electrical installations to integrate such equipment. Every dwelling owner or tenant should have an easy access to information about the status and readiness of the electrical installations particularly in the view of electrification of heating and transport and the possibility to add new equipment, such as EV charging point, heat pump, on-site renewable generation, and storage.*

**Leasú 271**

**Togra le haghaidh Treorach  
Iarscríbhinn V – pointe 2 – pointe n**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(n) córais stórála fuinnimh a bheith ann, cineál agus méid na gcóras sin;

*Leasú*

(n) córais stórála fuinnimh a bheith ann, cineál agus méid **agus ullmhacht** na gcóras sin **chun acmhainn stórála nua a chur leo;**

### *Justification*

*Energy Performance Certificates (EPCs) must integrate information about the latest inspection of the electrical installations and its readiness to install new major equipment. The proposed template for EPCs suggests including information about the presence of heat-pump, EV charging, storage or on-site renewable generation, but should also include information about the readiness and latest safety check of the electrical installations to integrate such equipment. Every dwelling owner or tenant should have an easy access to information about the status and readiness of the electrical installations particularly in the view of electrification of heating and transport and the possibility to add new equipment, such as EV charging point, heat pump, on-site renewable generation, and storage.*

**Leasú 272**

#### **Togra le haghaidh Treorach Iarscríbhinn V – pointe 2 – pointe r a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**(ra) a ullmhaí atáthar breoslaí iontaise a mhúchadh;**

### *Justification*

*Energy Performance Certificates (EPCs) must integrate information about the latest inspection of the electrical installations and its readiness to install new major equipment. The proposed template for EPCs suggests including information about the presence of heat-pump, EV charging, storage or on-site renewable generation, but should also include information about the readiness and latest safety check of the electrical installations to integrate such equipment. Every dwelling owner or tenant should have an easy access to information about the status and readiness of the electrical installations particularly in the view of electrification of heating and transport and the possibility to add new equipment, such as EV charging point, heat pump, on-site renewable generation, and storage.*

**Leasú 273**

#### **Togra le haghaidh Treorach Iarscríbhinn V – pointe 2 – pointe r b (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**(rb) solúbthacht éilimh fhoriomláin leictreachais foirgnimh, lena n-áirítear a chumas freagairt ar éileamh i ndáil leis an eangach, agus acmhainní aistriúthe**

**ualaigh.**

*Justification*

*Energy Performance Certificates (EPCs) must integrate information about the latest inspection of the electrical installations and its readiness to install new major equipment. The proposed template for EPCs suggests including information about the presence of heat-pump, EV charging, storage or on-site renewable generation, but should also include information about the readiness and latest safety check of the electrical installations to integrate such equipment. Every dwelling owner or tenant should have an easy access to information about the status and readiness of the electrical installations particularly in the view of electrification of heating and transport and the possibility to add new equipment, such as EV charging point, heat pump, on-site renewable generation, and storage.*

## NÓS IMEACHTA – COISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

<b>Teideal</b>	Feidhmíocht fuinnimh foirgneamh (athmhúnlú)
<b>Tagairtí</b>	COM(2021)0802 – C9-0469/2021 – 2021/0426(COD)
<b>An Coiste Freagrach</b> Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach	ITRE 14.2.2022
<b>Tuairim ó</b> Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach	ENVI 14.2.2022
<b>Rapóirtéir don tuairim</b> Dáta an cheapacháin	Radan Kanev 11.3.2022
<b>Pléite sa choiste</b>	17.5.2022
<b>Dáta an ghlactha</b>	3.10.2022
<b>Toradh na vótála críochnaithí</b>	+: 33 –: 8 0: 27
<b>Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach</b>	Mathilde Androuët, Bartosz Arłukowicz, Simona Baldassarre, Marek Paweł Balt, Aurélia Beigneux, Hildegard Bentele, Sergio Berlato, Alexander Bernhuber, Simona Bonafè, Delara Burkhardt, Pascal Canfin, Sara Cerdas, Mohammed Chahim, Nathalie Colin-Oesterlé, Esther de Lange, Bas Eickhout, Agnès Evren, Helène Fritzon, Malte Gallée, Andreas Glück, Catherine Griset, Anja Hazekamp, Martin Hojsik, Pär Holmgren, Jan Huitema, Yannick Jadot, Petros Kokkalis, Ewa Kopacz, Joanna Kopcińska, Peter Liese, César Luena, Liudas Mažylis, Tilly Metz, Silvia Modig, Alessandra Moretti, Ville Niinistö, Grace O’Sullivan, Jessica Polfjärd, Nicola Procaccini, Frédérique Ries, María Soraya Rodríguez Ramos, Silvia Sardone, Christine Schneider, Günther Sidl, Ivan Vilibor Sinčić, Maria Spyrali, Nils Torvalds, Edina Tóth, Véronique Trillet-Lenoir, Alexandr Vondra, Mick Wallace, Pernille Weiss, Michal Wiezik, Tiemo Wölken, Anna Zalewska
<b>Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach</b>	Michael Bloss, Biljana Borzan, Asger Christensen, Matthias Ecke, Radan Kanev, Ondřej Knotek, João Pimenta Lopes, Christel Schaldemose, Sarah Wiener
<b>Comhaltaí ionaid faoi Riail 209(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach</b>	Abir Al-Sahlani, Attila Ara-Kovács, Krzysztof Hetman, Niklas Nienaaß

## VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

33	+
PPE	Bartosz Arłukowicz, Alexander Bernhuber, Nathalie Colin-Oesterlé, Agnès Evren, Krzysztof Hetman, Radan Kanev, Ewa Kopacz, Peter Liese, Liudas Mažylis, Maria Spyraki
RENEW	Abir Al-Sahlani, Pascal Canfin, Asger Christensen, Martin Hojsík, Frédérique Ries, María Soraya Rodríguez Ramos, Nils Torvalds, Véronique Trillet-Lenoir, Michal Wiezik
S&D	Attila Ara-Kovács, Marek Paweł Balt, Simona Bonafè, Biljana Borzan, Delara Burkhardt, Sara Cerdas, Mohammed Chahim, Matthias Ecke, Helène Fritzon, César Luena, Alessandra Moretti, Christel Schaldemose, Günther Sidl, Tiemo Wölken

  

8	-
ID	Mathilde Androuët, Simona Baldassarre, Aurélia Beigneux, Catherine Griset, Silvia Sardone
RENEW	Andreas Glück, Jan Huitema, Ondřej Knotek

  

27	0
ECR	Sergio Berlato, Joanna Kopcińska, Nicola Procaccini, Alexandr Vondra, Anna Zalewska
NI	Ivan Vilibor Sinčić, Edina Tóth
PPE	Hildegard Bentele, Esther de Lange, Jessica Polfjärd, Christine Schneider, Pernille Weiss
THE LEFT	Anja Hazekamp, Petros Kokkalis, Silvia Modig, João Pimenta Lopes, Mick Wallace
VERTS/ALE	Michael Bloss, Bas Eickhout, Malte Gallée, Pär Holmgren, Yannick Jadot, Tilly Metz, Niklas Nienä, Ville Niinistö, Grace O'Sullivan, Sarah Wiener

Eochair do na siombailí a úsáidtear:

+ : i bhfabhar

- : i gcoinne

0 : staonadh

